



OÉ Gaillimh  
NUI Galway

Acadamh na  
hOllscolaíochta Gaeilge



2015



## Clár

<b>Eagarfhocal</b>		<b>2</b>
<b>Réamhrá</b>	<i>Nollaig Mac Congáil</i>	<b>3</b>
<b>Eitic na Fáilte san Aistriúchán agus An Gúm (1929-1939)</b>	<i>Máirtín Coilféir</i>	<b>7</b>
<b>Togra Taighde Praiticbhunaithe sna Meáin a dhearadh: Roinnt Ceistenna Modheolaíochta</b>	<i>Uinsíonn Mac Dubhghaill</i>	<b>21</b>
<b>Ag Spreagadh an Athshondais Teanga i measc Gasúr Bunscoile i gCeantair láidre Ghaeltachta</b>	<i>Niall Mac Uidhílin</i>	<b>33</b>
<b>Tionchar Phróifíil an Fhoghlaimeora Teanga ar Shealbhú na Gaeilge</b>	<i>Belinda McHale &amp; Lisa Ní Fhlatharta</i>	<b>50</b>
<b>Téarmaíocht Cártaí san Aistriúchán ar <i>The Penguin Book of Card Games</i></b>	<i>Máire Rós Ní Loingsigh</i>	<b>63</b>
<b>Ag ullmhú Mic Léinn Leighis leis an nGaeilge a úsáid agus iad i mbun a gcuid oibre</b>	<i>Dorothy Ní Uigín, Gearóid Ó Flatharta &amp; Máirtín Ó Maoláin</i>	<b>86</b>
<b>Léirmheas ar <i>Ár dtéarmaí féin le Fidelma Ní Ghallchobhair</i></b>	<i>Léirmheas le Siobhán Fay, Clodagh Ní Cheallaigh &amp; Majella Ní Mheádhra</i>	<b>97</b>
<b>Léirmheas ar an iris <i>Language Problems &amp; Language Planning</i> Eagrán 38, Imleabhar 1 &amp; 2, 2014</b>	<i>Léirmheas le Feargal Mac Thréinfhir &amp; Hannah Ní Dhoimhín</i>	<b>101</b>
<b>Nótaí beathaisnéise</b>		<b>106</b>



## Eagarfhocal

Bhur gcéad fáilte chuig *Léann Teanga: An Reiviú*, atá á fhoilsiú ar bhonn bliantúil le trí bliana anuas mar chuid den chúrsa MA (Léann Teanga) le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge. Cuimsítear réimse leathan ábhar san iris, idir aistriúchán, phleanáil teanga, teangeolaíocht agus sochtheangeolaíocht, teagasc teangacha, agus, i mbliana den chéad uair, chúrsaí cumarsáide agus na meáin Ghaeilge. Is é seo an tríú heagrán den *Reiviú*, agus táthar ag súil go mbeidh an t-eagrán seo ina acmhainn spéisiúil agus luachmhar do mhic léinn agus do dhaoine eile atá ag plé leis an nGaeilge go hacadúil nó go gairmiúil in Éirinn agus thar lear.

Tá an Coiste Eagarthóireachta go mór faoi chomaoín acu siúd ar fad a chuir comhairle orainn agus a thug cabhair agus cúnamh dúinn an t-eagrán is déanaí den *Reiviú* a chur in eagar. Is mór an onóir dúinn gur ghlac an tOllamh Nollaig Mac Congáil lenár gcuireadh réamhrá a scríobh don eagrán seo. Ba é an tOllamh Mac Congáil a sheol an chéad eagrán den iris seo i mí na Bealtaine 2013, agus tá muid an-bhuíoch as an tacaíocht leanúnach a thugann sé don togra.

Ní bheadh iris ar bith ann i mbliana murach na scríbhneoirí cumasacha uile a d'fhreagair an gaoch agus a roinn a gcuid eolais, taighde agus ama go fial flaithiúil linn. Ba mhór an pléisiúr a bheith ag obair leo. Mar thoradh ar shárobair na scríbhneoirí seo, ar an éacht oibre a rinne coistí na hirise a tháinig romhainn, agus ar ardchaighdeán an chéad agus an dara heagrán den *Reiviú*, bhí muid in ann eagrán ní ba chuimsithí a chur le chéile i mbliana. Tá muid ag súil go gcoinneofaí leis an bhfás agus leis an bhforbairt seo de réir mar a thagann an iris in aibíocht.

Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghabháil le foireann Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge – go háirithe an Dr Dorothy Ní Uigín agus Belinda McHale – a bhí sásta i gcónaí tacaíocht agus cúnamh a thabhairt dúinn, agus le foireann riaracháin agus tacaíochta Áras na Gaeilge, OÉ Gaillimh, as a gcabhair agus a gcomhoibriú. Tá muid an-bhuíoch de Shíobhán Ní Chualáin ach go háirithe, a bhí cráite le ceisteanna ach a bhí i gcónaí sásta cuidiú linn agus leideanna

óna taithí féin a roinnt linn. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le Séamus Ó Coileáin chomh maith, as an téarma breá nua a chum sé dúinn ar *linguicism* nuair a theip na foclóirí orainn.

Ár mbuíochas leis na piarmheasúnóirí uile a chinntigh ardchaighdeán na hirise, agus le dearthóir shuíomh an *Reiviú*, Shannon Reeves, as an tsárobair atá déanta aige le trí bliana anuas i ndearadh agus i bhfoilsíú an tsuímh.

Mar fhocal scoir, ba mhaith linn ár mbuíochas a chur in iúl d’Fhoras na Gaeilge a rinne urraíocht ar sheoladh na hirise agus a thacaigh leis an togra seo ón tús. Is mór againn an mhuinín a léiríonn an tacaíocht seo don togra, agus díol misnigh, tá súil againn, don Choiste a bheidh ag teacht i gcomharbacht orainn in 2016.

### **Coiste Eagarthóireachta – Léann Teanga: An Reiviú**

*Siobhán Fay, Feargal Mac Thréinfhir, Clodagh Ní Cheallaigh,  
Hannah Ní Dhoimhín, Majella Ní Mheádhra*



## Réamhrá

*Nollaig Mac Congáil*

<https://doi.org/10.13025/zzzv-dv62>

Tá an tríú heagrán den iris acadúil *Léann Teanga: an Reiviú* ar an saol. Cuireann an t-eagrán reatha go mór lena bhfuil bainte amach ag an iris cheana, a bhfuil sé mar aidhm aici toradh taighde a eascraíonn as an gcúrsa iarchéime i léann na Gaeilge in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh a fhoilsiú. Tá údair ó chúlra léinn agus ollscoileanna eile i measc údair na hirise seo freisin, rud a chabhraíonn go mór le scóip na hirise a leathnú. Tá idir mhic léinn agus fhoireann páirteach san iris agus tá a leithéid de chomhar agus de chomhoibriú le moladh. Is maith is fiú fosta an taighde seo a fhoilsiú i bhfoirm chlóite agus leictreonach lena roinnt leis an saol mór in áit é a ligean i ndearmad ar sheilf ollscoile. Is teist í an iris seo ar fhiosracht, ar spéis agus ar chumas na n-údar a réimsí ilghnéitheacha ghort ollmhór léann na Gaeilge agus i dteanga na Gaeilge féin ach go háirithe.

In alt sa díolaim seo le Dorothy Ní Uigín, Gearóid Ó Flatharta agus Máirtín Ó Maoláin pléitear modúl léinn dar teideal ‘Teanga an Leighis’ a thairgtear do mhic léinn leighis sa dara bliain dá gcúrsa staidéir in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Tá sé ar shlí a ráite anseo, gan amhras, gur fada ó aithníodh gur cheart go ndéanfadh lucht leighis freastal ar a gcuid othar sa teanga is dúcha dóibh agus feachtas mór de chuid Chonradh na Gaeilge corradh is céad bliain ó shin a bhí sa cheist sin. Ní miste a rá fosta gur ollamh le leigheas ar fhoireann na hOllscoile i nGaillimh agus ceannródaí i dteagasc na Gaeilge (léachtóir le Gaeilge san am céanna, mar a tharla), mar atá, Seaghán P. Mac Énrí, a bhí ar thús cadhnaíochta san fheachtas céanna.

Cuirtear síos san alt ar an taighde a rinneadh i measc grúpaí áirithe faoin nGaeilge i gcomhthéacs an leighis i gcoitinne, ar chur chuige an mhodúil a shíolraigh ón taighde sin agus ar thuairimí na mac léinn faoi. Is léir gur éirigh

go maith leis an bhfiontar, gur aithníodh sin taobh amuigh agus taobh istigh den ollscoil, agus gur i bhfeabhas i dtéarmaí ilghnéitheacht agus bharr éifeachta na gcleachtas nua-aimseartha teagaisc agus foghlama atá an cúrsa ag dul. Oidhre maith ar an obair cheannródaíoch ar chuir an tOllamh Mac Énrí tús léi breis is céad bliain ó shin.

Ar chearrbhachas agus ar theanga agus ar bhéarlaí an chearrbhachais a dhíríonn Máire Rós Ní Loingsigh ina halt ‘Téarmaíocht Cártaí san Aistriúchán ar *The Penguin Book of Card Games*’. Bhain an cearrbhachas go dlúth le sochaí na Gaeltachta agus na tuaithe i gcoitinne sa sean-am agus, dá thairbhe sin, bhain seanchas agus piseogacht leis an gcaitheamh aimsire céanna. Bhain téarmaíocht ar leith leis fosta agus bailíodh iarsmaí den téarmaíocht chéanna ó na foinsí dúchais thall is abhus sular éag an traidisiún sa Ghaeltacht. Rinne Máire Rós aistriúchán anótáilte ar *The Penguin Book of Card Games* agus, lena linn, b'éigean di téarmaíocht chuí a aimsiú, a mheá agus a roghnú mar a d'oir don ócáid. Bhain sí úsáid as foinsí éagsúla – clóite, craolta agus digiteach – agus chuaigh sí i gcomhairle leis an gCoiste Téarmaíochta an uair ba ghá. Pléann sí go mion na leaganacha éagsúla de théarmaí cearrbhachais ar leith a d'úsáid sí, na deacrachtaí ar leith a bhain leo agus an chúis a bhí aici le téarma amháin seachas a chéile a roghnú. Ní miste a rá gurbh éigean cuid den téarmaíocht a chumadh as an nua ó tharla go bhfuil cluichí ar an saol anois nárbh ann dóibh riamh sa Ghaeltacht. Is fiú go mór cur le bunachar théarmaíochta na Gaeilge ar an dóigh seo tar éis mionscagadh cuimsitheach a dhéanamh ar na foinsí éagsúla.

Ábhar mór caibidle, argóna agus aighnis a bhí i scéim aistriúcháin an Ghúim ó cuimhníodh ar a leithéid an chéad lá riamh in oige an tSaorstáit agus ó shin i leith. Díríonn Máirtín Coilféir ar dhá ghné thábhachtacha den scéim, mar atá, ceist na canúna agus an Bhéarlachais. Pléitear ‘cath na gcanúintí’ go mion anseo ach caithfear cuimhneamh go raibh an cheist sin ina cnámh spairne i measc lucht na hAthbheochana i dtólamh. Mar shampla, nár chuir na hUltaigh, cuirim i gcás, eagraíochtaí (Cumann Liteartha Dhún na nGall, Dáil Uladh, Comhaltas Uladh) agus irisí dá gcuid féin (*An Crann*, *An tUltach*) ar bun lena gcanúint féin a chosaint sular tháinig an Gúm ar an saol ar chor ar bith? Gí gurbh ard a nglór ag cáineadh an Ghúim, rinne na hUltaigh go maith as óir, mar shampla, d'aistrigh Seosamh Mac Grianna, Seán Mac Maoláin agus Niall Ó Dónaill corradh is dhá scór leabhar eatarthu.

Tá sé ar shlí a ráite faoin scéim i gcoitinne gur chuir sé go mór le lón léitheoireachta na Gaeilge an ama sin, gur thug sé teacht isteach do scríbhneoirí agus d'ábhair scríbhneora, gur chleachtadh scríbhneoireachta an mheasarthacht

de agus, ó thaobh na gcanúintí de, gur fhág sé corpas mór Gaeilge againn ag cainteoirí dúchais ó cheantair Ghaeltachta éagsúla a bhfuil an Ghaeilge marbh i gcuid acu faoin am seo (Séamus Ó Ceallaigh agus dhá leabhar aistrithe aige i gcanúint Dhoire, mar shampla).

Maidir le contúirt an Bhéarlachais i gcomhthéacs an aistriúcháin, seanscéal agus meirg air a bhí ansin i measc lucht na hAthbheochana ón tús. Níor bhain sin le cúrsaí teanga amháin: bhí an *bête noir* ann, an seoinín, bhí táirgí eachtrannacha ann, bhí moráltacht iasachta ann, damhsaí gallda srl. Íonghlaineacht dhúchasach na Gaeilge an balla cosanta ba mhó ag an nGaelachas agus chaithfeadh an Gúm, eagraíocht thábhachtach de chuid an stáit nuabhunaithe, talamh slán a dhéanamh de sin. Char bhaol dó, áfach, ó tharla gur scríbhneoirí Gaeltachta (an uair a bhí saibhreas de Ghaeilge dhúchasach maíte orthu) bunús na n-aistritheoirí agus go raibh siad ag aistriú ar luas lasrach. D'admhaigh Niall Ó Dónaill, mar shampla, gur aistrigh sé féin 27,000 focal den *Talisman* i seachtain (7,000 an lá deireanach) agus d'aistrigh Seosamh Mac Grianna 29,000 de *Ivanhoe* (9,000 an lá deireanach).

Is cinnte, gan amhras, ó tharla go raibh an oiread sin leabhar á n-aistriú agus éagsúlacht daoine i mbun na hoibre sin, go bhféadfaí rian den Bhéarlachas a aimsiú i roinnt den aistriúchán ach níor ghá a leithéid a cháineadh – a mhalairt uaireanta. Is cinnte go bhfuil gort fada fairsing taighde ann faoin gceist sin.

Tá alt ag Niall Mac Uidhílin dar teideal 'Ag Spreagadh an Athshondais Teanga i Measc Gasúr Bunscoile i gCeantair Láidre Ghaeltachta' atá bunaithe ar thaighde a rinne sé ar dhá bhunscoil i nGaeltacht Chonamara sa scoilbhliain 2013-2014. Rinne sé taighde praiticiúil agus comhoibríoch a dhearadh trí idirghabháil oideachais agus teicneolaíochta i gcomhar le múinteoirí agus gasúir na scoileanna. Is é an aidhm a bhí leis seo na gasúir a spreagadh le déantáin ilmhódacha dhigiteacha a chruthú a bhí bunaithe ar acmhainní teanga chartlann Raidió na Gaeltachta agus acmhainní a thug na gasúir féin isteach le digitíú a dhéanamh orthu. Cuireann an t-údar síos go mion ar an bhfiontar seo agus maíonn sé gur éirigh go maith leis ó thaobh na foghlama de agus maidir le mórtas pobail a spreagadh. Áitíonn sé fosta go bhféadfaí an idirghabháil chéanna a dhéanamh i scoileanna Gaeltachta eile ach an tacaíocht chúí a fháil.

In alt eile san eagrán seo cuireann Belinda McHale agus Lisa Ní Fhlatharta síos ar an tionchar a bhíonn ag próifíl agus ag pearsantacht an fhoghlaimora teanga ar shealbhú na Gaeilge. Tá na tuairimí a nochtar anseo bunaithe ar thaighde a rinne siad ar ghrúpa foghlaimoirí a bhí ag plé leis an Dioplóma sa Ghaeilge.

Ní féidir leis an teagascóir aon bhail amháin a thabhairt feasta ar ghrúpa foghlaimeoirí má tá sé i gceist go mbainfear amach na spriocanna foghlama inmhianaithe ‘toisc go bhfuil siad chomh hilghnéitheach sin ó thaobh féineachta, spreagthachta, oscailteachta agus urchoillte.’ Ar an gcéad dul síos, caithfidh an teagascóir aithne cheart indibhidiúil a chur ar an lucht foghlama leis an gcur chuige teagaisc is éifeachtaí agus is oiriúnaí a aithint agus a úsáid. Anuas air sin caithfidh an teagascóir ‘tacaíocht, spreagadh, timpeallacht thaitneamhach agus aiseolas’ a sholáthar don fhoghlaimeoir sa seomra ranga. Ní beag sin. Bunaithe ar an gcineál seo taighde, is fiú an t-eolas seo ar fad a bheith againn mar i ndúil is go mbeadh sé mar sprioc teagaisc againn uile ach, go praiticiúil, rud eile ar fad é a chur i bhfeidhm go forleathan.

Tá alt ag Uinsionn Mac Dubhghaill dar teideal ‘Togra Taighde Praiticbhunaithe sna Meáin a Dhearadh: Roinnt Ceisteanna Modheolaíochta.’ Éiríonn an t-alt sin as an athrú atá ag teacht ar chineál na dtráchtas iarchéime in institiúidí léinn le tríocha éigin bliain anuas. Tá ardú ag teacht ar líon na dtráchtas praiticbhunaithe sna healaíona éagsúla agus is athrú mór é sin ar na tráchtas thraidisiúnta. Ó tharla go bhfuil sé seo amhlaidh, ardaíonn an t-údar ceist faoi na modheolaíochtaí atá i gceist lena linn sin agus cén chaoi leis na torthaí taighde a mheas. Luann sé sampla TG Lurgan mar shampla dá bhfuil ag tarlú go comhaimseartha i saol na meán agus baineann ciall dá réir as an bhfeiniméan sin i gcomhthéacs a chuid smaointeoireachta maidir lena chuid taighde féin. Is léir óna chuid cainte nach leor a thuilleadh téarmaí tagartha, modheolaíochtaí, cur chuige agus modhanna measúnaithe traidisiúnta i gcás na n-ealaíon.

San eagrán reatha den iris freisin tá dhá léirmheas, ceann le Siobhán Fay, Clodagh Ní Cheallaigh agus Majella Ní Mheádhra ar *Ár dtéarmaí Féin* le Fidelma Ní Ghallchobhair agus an dara ceann le Feargal Mac Thréinfhir agus Hannah Ní Dhoimhín ar dhá imleabhar den iris *Language Problems and Language Planning*, in eagar ag Timothy Reagan *et al.* Is maith is fiú i dtólamh aird a tharraingt ar an dóigh seo in iris ar a bhfuil á scríobh go náisiúnta agus go domhanda faoin ábhar léinn a bhaineann le hábhar. Is cuid thábhachtach den léann an anailís chriticiúil agus is maith is fiú a toradh a chraobhscaoileadh.

Táimid faoi chomaoin mhór ag lucht scríofa na n-alt agus na léirmheasanna seo as toradh a gcuid taighde a roinnt linn. Is léir nach ndíríonn siad ar mhionghné amháin den teanga ach ar speictream níos leithne óir níl an Ghaeilge teoranta don fhoghlaim amháin. Cuireann a gcuid taighde lenár gcuid eolais faoin nGaeilge i gcoitinne mar is fearr a bheas muid ábalta cuidiú léi amach anseo áit ar bith a léitear nó a labhraítear í. Gura fada buan i mbun taighde iad!



## **Eitic na Fáilte san Aistriúchán agus An Gúm (1929-1939)**

*Máirtín Coilféir*

<https://doi.org/10.13025/w081-ze40>


### **Réamhrá**

Is í scéim aistriúcháin an Ghúim, a reáchtáladh faoi dheireadh na bhfichidí san aois seo caite, a bheidh faoi thrácht san alt seo. Go sonrach, breathnófar ar an scéim i bhfianaise dhá cheist teanga a bhí go mór i mbéal an phobail roimh an Dara Cogadh Domhanda agus, go deimhin, atá linn i gcónaí: ceist na gcanúintí agus ceist an Bhéarlachais. Is mór an cáineadh agus an chosaint atá déanta ar an scéim ó bunaíodh í ach, anseo, ba mhian liom bealach úr lena meas a chur chun cinn. Is é sin, seachas a bheith ag luacháil na n-aistriúchán de réir fhiúntas na mbuntéacsanna nó de réir a dhílse is a chloíonn siad leo sin – rud atá déanta cheana – áiteoidh mé gur ceart iad a thuiscint mar chuid de dhíospóireacht chruthaitheach, ilghnéitheach ar luachanna teanga i mblianta tosaigh an Stáit. Ag tarraingt dom ar théiseanna aistriúcháin le Paul Ricoeur agus Friedrich Schleiermacher faoin toise cultúrtha den aistriúchán, pléifidh mé an scéim mar thogra cultúrtha a thug bheith istigh d’urlabhraí éagsúla Gaeilge, rud nach léir i gcónaí ar dhioscúrsa oifigiúil na linne.

### **Gnéithe den Chúlra Cultúrtha**

Tréimhse chorrathach i stair na tíre a bhí ann nuair a bunaíodh an Gúm siar i 1926. Ba ghairid roimhe sin a baineadh neamhspleáchas polaitiúil amach agus, le deireadh Chogadh na gCarad agus teacht na síochána, is iomaí cruacheist a bhí le réiteach ag lucht ceannais le bonn ceart a chur faoin náisiún óg. Orthu sin,

agus níorbh iad ba lú práinn iad, bhí ceisteanna maidir leis na luachanna cultúrtha agus sóisialta ab fheiliúnaí don tír. Mar atá mínithe go ríchuimsitheach i saothar Philip O’Leary (2004) agus Bhriain Uí Chonchubhair (2009) ar a bhfuil an chéad chuid den aiste seo bunaithe, theastaigh an Gaelachas – coincheap scaoilte – a chur i réim in athuair. Ach cén chaoi go baileach a bhféadfaí é sin a dhéanamh? Cé na heiseamláirí cultúrtha ab fhearr a Ghaelódh meon na tíre, agus cén bealach ab fhearr le hiad sin a chur chun cinn? In ainneoin na ndíospóireachtaí iomadúla a bhí ann faoi na hábhair seo, glacadh leis go coitianta go raibh ról mór le bheith ag an litríocht i múnú agus i léiriú idéil an náisiúin (O’Leary, 2004: 8-21). Is trí bhíthin teanga agus litríocht na Gaeilge a mhúineadh sa gcóras oideachais go háirithe a scaipfí litearthacht i gcéadteanga oifigiúil na tíre. Agus, de réir an náisiúnachais rómánsaigh a bhí i dtreis an t-am sin, níorbh fhada ansin go gcothófaí in óige na tíre na suáilc stairiúla a bhí ag roinnt leis an tsaíocht dúchais riamh anall (Ó Conchubhair, 2009: 26-33). Bhí bunús láidir idé-eolaíoch faoi fhorbairt na litríochta agus na litearthachta Gaeilge, mar sin, agus cibé cén dream is mó a bheadh ina feighil, ba mhór an cúram agus an chumhacht a thabharfaí dóibh. Uaidh seo a tháinig bunú an Ghúim faoi choimirce na Roinne Oideachais (Ní Uigín, 2014) agus, leis an easpa mhór litríochta a chúiteamh i mbeagán ama, an scéim aistriúcháin a chuir leabhar amháin, ar a laghad, amach gach bliain ó 1929 go 1960 (féach figiúr 1).



**Figiúr 1: Líon na n-aistriúcháin a d’fhoilsigh an Gúm de réir bliana. Bunaithe ar an eolas in Mag Shamhráin (1997).**

Má bhí mianach réabhlóideach ina leithéid de thogra, áfach, is cosúil gur ag dul i righne a bhí dioscúrsa oifigiúil an Stáit ó aimsir a bhunaithe i leith. Arís, is ag O’Leary atá an cuntas is fearr air seo ach, i mbeagán focal, bhí an t-idéalachas ba bhonn leis an bhfeachtas neamhspleáchais á chreimeadh, ní hamháin ag an gCogadh Cathartha a lean, ach ag na fadhbanna praiticiúla a bhaineann le stát a réachtáil is a rith (2004: 23-89). Fiú amháin ó thaobh na litríochta de, seachas a bheith ag tarraingt in aon treo ar mhaithe leis an leas coiteann, is minic a fheictear ar irisí na linne achrann fíochmhar agus cosa i dtaca faoi cheisteanna an lae. Bhí suaitheadh mór ann faoin gcló Rómhánach *versus* an cló Gaelach (Ó Conchubhair, 2009: 145-68), cúrsaí litrithe (ibid.: 169-92), tionchar na bhfoghlaimeoirí ar fhorbairt na teanga (O’Leary, 2004: 24-5; 73-89) agus, gan amhras, faoi ghaistí an aistriúcháin féin (ibid.: 376-87). Agus, toisc gur chuid d’fhearas oifigiúil an Stáit é agus ceannas iomlán aige, ionann is, ar fhoilsitheoireacht na Gaeilge, bhí an Gúm féin i lár an chuilithe, á mheas agus á dhímheas ar gach aon taobh den chlaí. Go deimhin, toisc é a bheith ag cur amach bhunáite na leabhar Gaeilge sa tír le linn ár dtréimhse, is beag conspóid faoi fhorbairt na teanga nárbh éigean don Ghúm aghaidh a thabhairt uirthi ina shaothar féin.

## **Cogadh Dhá Chanúint agus an Cogadh in aghaidh an Bhéarlachais**

Tá dhá ábhar go háirithe a bhaineann linn anseo. Ar an gcéad dul síos, nuair a tháinig an Gúm ar an saol ochtó bliain ó shin ní raibh aon chaighdeán oifigiúil scríbhneoireachta ann, rud a d’fhág go raibh ceannas canúna ina chnámh spairne ar fud na tíre. Tar éis do leithéidí Pheadair Ua Laoghaire agus Torna (Tadhg Ó Donnchadha) clocha coirnéil na nualitríochta a leagan, bhí tuairim ag scríbhneoirí Ultacha go háirithe go raibh stádas faoi leith ag Gaeilge na Mumhan thar mar a bhí ag an dá mhórchanúint eile (O’Leary, 2004: 29). Bhí cúis leis sin freisin agus a fheiceálai is a bhí an Muimhneachas i gcomhfhreagras oifigiúil an Stáit. Tá tréithe na canúna sin an-fhollasach ar na hAchtanna luatha, mar shampla, agus ar Bhunreacht 1937 a dtugann David Greene *‘example of the use of this dialect for official purposes’* air (1972: 21). Spreag sé seo argóintí teasaí faoi stádas na gcanúintí uile agus ba iad na hUltaigh ba ghlóraí. Seaghan Mac Meanman, mar shampla, údar aitheanta ag an am, bhí sé an-oibrithe faoin gceist agus tugann seisean spléachadh dúinn ar a íogaire is a bhí an t-ábhar seo ag daoine áirithe. Ag cur síos dó ar státseirbhísigh na tíre, deir sé gur ‘Muimhnigh a bhí ionnta, agus ba mhaith leo sean-Ghaedhealg na nUltach agus gConnachtach a *thrampáil*

faoi n-a gcosaibh agus “Gaoluinn” bhriste bhearnach na Mumhan do leitheadú thríd Éirinn’ (1930, luaite in O’Leary, 2004: 31). Séamus Ó Grianna féin, bhí sé ag súil go mór leis an gcoimhlint idir lucht na gcanúintí uile sular bunaíodh an Gúm ar chor ar bith, coimhlint a réiteodh ceist an chaighdeáin *de facto* agus nach raibh aon éalú uaithe:

Caithfidh cogadh na gcanamhaint a bheith ann. Agus i n-ainm Dé, troidimis an cogadh sin mar ba dhúthcha de Ghaedhil a dhéanamh. Ní hionann canamhaint Leath-Chuinn agus canamhaint na Mumhan. Tá siad éagcosamhail le chéile ar achan dhóigh. Ní hionann blas daobhtha, ní hionann a gcuid tuam, ní hionann an ghramadach, ní hionann na cora-cainnte, ní hionann na smuainte, ní hionann an t-aigheadh nó an leagan amach atá acu (Ó Grianna, 1925, luaite in O’Leary 2004: 31).

Bhí na Connachtaigh i bhfad ní ba chiúine ná a gcompánaigh ó thuaidh sa díospóireacht seo, ach mar sin féin bhí an t-ábhar céanna ina údar inni do chuid acu freisin (O’Leary, 2004: 33-5). Ach cibé cén rud faoin státseirbhís iomlán a bheith faoi thionchar an Mhuimhneachais, i dtaca leis an nGúm b’fhéidir go raibh ábhar ann: bhí cumhacht ag an Seabhac (Pádraig Ó Siochfhradha) go háirithe, a raibh Gaeilge na Mumhan aige, i roghnú agus in eagarthóireacht na dtéacsanna (rud atá soiléir ó chomhfhreagras inmheánach an Ghúim sa gCartlann Náisiúnta, comhad G9). Go deimhin, ag scríobh dó i 1933 ba é tuairim James Hayden nach raibh eolas cuimsitheach ag bunáite na n-aistritheoirí ar an sprioctheanga ar chor ar bith, ‘*but merely a “dialect” of that language*’ (1933: 12) agus ní maith an toradh a bhí air sin: ‘An Gúm *has become the “battle ground” of three “Dialects”*’ (ibid.). Ach bíodh sé samhalta nó ná bíodh, bhí cearta na gcanúintí ina n-údar mór aighnis le linn shaolré an tSaorstáit agus ina dhiaidh sin freisin.

Leis na cúigí éagsúla a bhain fadhb sin na gcanúintí ach cúis chonspóide i bhfad ní ba leithne ná sin ba ea ceird an aistriúcháin féin. Dar lena lán, ní ealaín gan chontúirt a bhí sa tiontú go Gaeilge agus, dá réir sin, d’fhéadfadh an Gúm dochar mór a dhéanamh d’fhorbairt na litríochta agus na teanga lena scéim. Is iomaí locht a casadh leis an eagras ar an ábhar seo – go raibh sé, mar shampla, ag cur coisc ar an scríbhneoireacht bhunaidh toisc an iomarca acmhainní a bheith á n-úsáid ar an aistriú:

Tá claon ró-mhór againn chun aistriúcháin ... Is maith ann é an t-aistriúchán ach tuigimis ná fuil ann ach líonadh beárnán. Is baoghal liom go raghaidh scríobhnóirí go bhfuil féith na cumadóireachta ionnta ag aistriú ar a mbog-stróic

chun teacht ar airgead bog. Tá sé déanta cheana ag cuid aca. Is olc an comhartha é. Marbhófar an plannda bog óg eile mura mbítar i bhfad níos cineálta leis (Saidléar, 1931, luaite in O’Leary, 2004: 380).

Díospóireacht an-mhór a bhí sa díospóireacht faoin aistriúchán, áfach, agus bhí lucht a chosanta aige chomh maith lena mhalairt. Ach fiú amháin i measc na ndaoine a thacaigh leis, ba mhór i gceist a chontúirtí is a d’fhéadfadh an tiontú a bheith don sprioctheanga. Is é sin, d’fhéadfadh na buntéacsanna eachtrannacha dul i bhfeidhm an iomarca ar an nGaeilge agus, dá réir sin, dochar a dhéanamh d’urlabhra agus do mheon na nGael, is cuma cén chanúint a bhí i gceist (O’Leary, 2004: 385-8). An smál ba mheasa ar fad dá raibh i gceist leis seo, agus ceann nach raibh duine ar bith ag iarraidh a chosaint, ná an Béarlachas, comhartha soiléir go raibh teanga an oileáin bhéal dorais ag baint de nádúr na Gaeilge. Cúis mhór bhuartha ba ea an Béarlachas ó aimsir na hAthbheochana i leith, gan amhras, agus é ceangailte go dlúth le laige phóir, creimeadh creidimh agus truailliú den uile chineál (Ó Conchubhair, 2009: 87-9; 97-104). Ach ba mhó an chontúirt fós agus an oiread sin aistriúchán ó Bhéarla á bhfoilsíú – mar seo a chuir Seán Ó Ciarghusa é:

Níor mhór dúinn go léir, mar sin, scríobhnóirí agus léightheoirí mar atáimid, ceurd nó ealadha an tionntuighthe do thuigsint chun go bhféadfaimís an Beurlachas d’aithint agus do sheachaint ... Má’s fiú an Ghaedhilg í do thárrtháil, tárrtháiltear do réir a glaine agus a córach í. Ní beag de’n ‘Brogue’ Beurla againn gan ‘Brogue’ Gaedhilge i n-a teannta (1933?, luaite in O’Leary, 2004: 385).

Cúis inmí do James Hayden freisin ba ea an oiread sin leabhair Bhéarla a bheith á n-aistriú. ‘*This is the danger point*,’ a deir sé: ‘*as when translating from English there is a tendency to follow the construction of that language which construction is completely foreign to good idiomatic Irish*’ (1933: 13). Is ar an ábhar sin a bhí Hayden i bhfabhar aistriúchán scaoilte a sheachain rian an Bhéarla, oiread is féidir, ar mhaithe le Gaeilge ‘nádúrtha’ a bheith ann (ibid.; féach freisin O’Leary, 2004: 402). Ba é tuairim Liam Uí Rinn, duine a thug faoin aistriúchán liteartha agus dlíthiúil araon, gur mhínic gurbh fheiliúnaí ‘cur in oiriúint’ ná ‘aistriú’ (1931, luaite in O’Leary, 2004: 401) agus a shliocht sin ar chuid mhaith de na haistriúcháin a cuireadh amach (O’Leary, 2004: 402-3). Go deimhin, ag caint dó ar an Athbheochan, maíonn Brian Ó Conchubhair gurb é ‘an Béarlachas an namhaid ba mhó a bhí le cloí... ag lucht léirmheastóireachta’ (2009: 99) agus go deimhin is beag athrú a

bhí tagtha air sin faoin tráth a bunaíodh scéim an Ghúim. Nuair a tháinig *An Dr. Jekyll agus Mr. Hyde* amach i 1929, mar shampla – ceann de na chéad aistriúcháin a foilsíodh faoin scéim – níor chuir Máirtín Ó Cadhain aon fhiacaíl ann:

Furast' aithinte gur Béarlachas – fíor-dhearg-Bhéarlachas – é an tionntúchán seo ó thús deire go tosuigh... Dar liom níl rádh-cainnte ó thosach go dtí deire an leabhair, a bhfuil Gaedhilge cheart dhúthchasach ann... Is geall é an tionntúchán seo le bréidín is bróga úr-leathair a chur ar dhubh-chneasach agus féachaint annsin le cur i gcéill gur Árannach é (1930, luaite in O'Leary 2004: 385).

Tá againn, mar sin, dhá ghné chonspóideacha den teanga a bhféadfaidh muid saothair an Ghúim a iniúchadh ina bhfianaise: fabhar canúna agus faitíos roimh rian an Bhéarla a bheith le sonrú ar an téacs. Cúis ghearáin a bhí iontu seo ag go leor daoine ag an am ach, ceithre scór bliain dá éis, tá frámaí tagartha eile ann is fiú dúinn a cheadú chun na hábhair seo a athbhreithniú.

## Teoiric

Ag cuimhneamh dúinn ar na hábhair chonspóideacha sin i gcónaí, gabhfaidh muid ochtó bliain chun tosaigh anois go saothar Paul Ricoeur, fealsúnaí agus criticeoir. In aiste dheireanach leis, 'The Paradigm of Translation,' tá an méid seo le rá aige faoin aistriú trí chéile:

*Indeed, it seems to me that translation sets us not only intellectual work, theoretical or practical, but also an ethical problem. Bringing the reader to the author, bringing the author to the reader, at the risk of serving and of betraying two masters: this is to practise what I like to call linguistic hospitality. It is this which serves as a model for other forms of hospitality that I think resemble it: confessions, religions, are they not like languages that are foreign to one another, with their lexicon, their grammar, their rhetoric, their stylistics which we must learn in order to make our way into them? (2006: 23-4).*

Leis an ráiteas anseo don léitheoir a thabhairt chuig an údar agus a mhalairt, tá Ricoeur ag tagairt d'aiste cháiliúil le Friedrich Schleiermacher a bhfillfidh muid uirthi ar ball. Is é is ábhartha dúinn anois ná coincheap na fáilte nó '*hospitality*' a shamhlaíonn Ricoeur leis an allagar teanga a dtugann muid 'aistriúchán' air. De réir an léimh seo, is eiseamláir den mhalartú cultúrtha é an t-aistriú. Faoina scáth, tugtar le chéile urlabhraí, cultúir agus luachanna éagsúla, gan aon cheann acu sin


a bheith ag fiaradh a chéile. Storiarracht ar a bheith fáiltiúil roimh ilchineálacha teanga agus iompair atá ann, gníomh cothromaíochta a ligeann do ghnéithe difriúla de chruinneshamhail an bhunúdair agus de chruinneshamhail an aistritheora a bheith i bhfochair a chéile gan ceachtar den phéire a bheith ag brú a chuid luachanna ar an gceann eile. Tuiscint idéalach atá ann, gan amhras, nach bpléann le cúraimí praiticiúla an aistriúcháin ach, mar sin féin, treoraíonn Ricoeur muid go dtí na cúrsaí eitice a bhíonn i gcónaí i gceist nuair a dhéantar glór údair a shealbhú agus a chuid focal a chur i dteanga eile. Ní téacs amháin a bhíonn á aistriú riamh, ach daoine, pobail, gnáis, stair – dá réir sin, seasann an t-aistriúchán isteach do gach cineál idirghníomhaíochta. Comhréiteach, seachas claochlú cultúrtha, an sprioc ba cheart a bheith leis.

### **Teoiric a Chur i bhFeidhm: na Canúintí**

Cuirim nóisean na fáilte ag croílár scéim an Ghúim. Ar an leibhéal is bunúsaí ar fad, tá sé soiléir ar na téacsanna i dteangacha eile a roghnaíodh don aistriú: téacsanna le húdair Shasanacha, Fhrancacha, Ghearmánacha, Iodálacha, Mheiriceánacha, Rúiseacha agus an oiread eile a leathnaigh amach teorainneacha nualitriocht na Gaeilge in aon ráib mhór ó 1929 i leith. Ach ó thaobh na Gaeilge féin – an chaoi ar aistriodh na téacsanna, na stíleanna a ligeadh isteach – ní mór dúinn ‘hospitality’ Ricoeur a chur i lár báire leis an éagsúlacht teanga faoi scéim an Ghúim a mheas i gceart. Go deimhin, seachas a bheith ag cur laicise ar fhorbairt na teanga ná na litríochta, mar a mhaigh tráchtairí go leor, is é an chaoi ná gur athraigh an scéim aistriúcháin litríocht na Gaeilge chun ilíochta ar fad.

I bhfianaise na n-achasán faoi cheannas Ghaeilge Iarthar na Mumhan sa Státseirbhís, mar shampla, is díol suntais an scóip chanúna sna haistriúcháin a léiríonn saibhreas na gceantar Gaeltachta ar fad. Go deimhin, má shíl scríbhneoirí Ultacha ar nós Sheaghain Mhic Mheanman go raibh an Stát ag déanamh beag is fiú de na canúintí eile ar mhaithe le Gaoluinn a chur chun cinn, is dearcadh eile ar fad a fhaigheann muid ó théacsanna ‘neamhoifigiúla’ na scéime. Ní féidir figiúirí cruinne a fháil ar dháileadh na gcanúintí d’uireasa eolas cuimsitheach beathaisnéise – tá faisnéis faoi údair 16 shaothar as 238 ceann ar iarraidh anseo – ach, fiú ag breathnú dúinn ar áit dúchais na scríbhneoirí atá cláraithe ag lucht *Beathaisnéis*, is léir nach raibh imeallú á dhéanamh ar chor ar bith ar scríbhneoirí Ghaeilge Uladh faoin scéim. As an 238 leabhar sin a foilsíodh idir 1929 agus

1939, is le húdair Chonallacha 58 ceann acu. Is mó sin ná líon na saothar le haistritheoirí as Ciarraí agus Corcaigh in éineacht agus, fiú ina dhiaidh sin, bhí cothromaíocht réasúnta ann idir an dá thaobh tíre (féach figiúr 2).<sup>1</sup>



**Figiúr 2: Meastachán ar líon na saothar le haistritheoirí Conallacha agus líon na saothar le haistritheoirí as Corcaigh nó Ciarraí. Bunaithe ar an eolas in Mag Shamhráin (1997) agus [www.ainm.ie](http://www.ainm.ie).**

Ní hin le rá go raibh *stádas* Ghaeilge Uladh chomh mór le Gaeilge na Mumhan i saol na tíre, ná nach raibh claonadh ag go leor scríbhneoirí a d'fhoghlaim an teanga i dtreo Ghaeilge na Mumhan. Ach mura mbeadh ann ach líon na saothar féin, chuir an Gúm scríbhneoireacht Ghaeilge Uladh chun cinn chomh mór sin go raibh Gaeltacht Dhún na nGall ar an gceann ba bhiúla ar fad sa scéim. Sampla an-soiléir de '*linguistic hospitality*' Ricoeur atá ann i gcomhthéacs urlabhra na n-aistritheoirí féin.

Mura raibh siad chomh feiceálach céanna, is fiú tagairt ghonta a dhéanamh anseo do chanúintí eile a d'fhág a rian ar an scéim. Tháinig borradh faoi phrós-scríbhneoireacht Ghaeilge Chonnacht leis an scéim, mar shampla: d'fhoilsigh cainteoirí dúchais agus foghlaimeoirí as an gceantar sin 34 leabhar in imeacht na ndeich mbliana atá faoi chaibidil anseo. I measc na n-údar a ghlac páirt tá Pádraic

<sup>1</sup> Tá foghlaimeoirí san áireamh anseo ach is beag a líon – beirt as Tír Chonaill, duine amháin as Ciarraí agus cúigear as Corcaigh.

Óg Ó Conaire agus Máirtín Ó Cadhain, scríbhneoirí sinsearach Chonamara nach bhféadfaí traidisiún na nualitríochta sa gceantar a shamhlú ina n-éagmais. Canúint eile a tháinig i dtír ar na deiseanna foilsitheoireachta a bhain leis an scéim ná Gaeilge na nDéise, nach n-airítear an oiread sin tráchta uirthi le hais na gceann eile. D'aistrigh cainteoirí dúchais as an Rinn agus as an Seanphobal 14 shaothar le linn na dtríochaidí agus, go deimhin, is i mbisiúlacht a chuaigh siad ina dhiaidh sin: 42 leabhar a bhí tiontaithe go Gaeilge acu faoi 1960 agus cuid de na saothair is cáiliúla den scéim ina measc (*Dracula, Black Beauty, Little Women*). Arna dtógáil le chéile, tá an dá scór aistriúcháin a rinne muintir na nDéise ar an saothar is suaithinsí dár tháinig as an gceantar ón bhfichiú haois anall.

Ní fhéadfaí a rá go raibh polasaí dian i bhfeidhm maidir le dáileadh na gcanúintí faoi scéim an Ghúim, agus ní mór a chur san áireamh freisin go ndearnadh eagarthóireacht ar na téacsanna ar bhealaí a d'fhéadfadh maolú ar thréithe láidre canúnacha. (Tá comhad liostaithe i gcatálog na Cartlainne Náisiúnta, G287, a phléann le conspóidí 'ró-eagarthóireachta' ach tá sé ar iarraidh). Ach ní bhaineann sé sin den fhírinne bhunúsach go raibh scéim an Ghúim ag freastal ar Ghaeltachtaí uile na tíre. Chuir an scéim aistriúcháin an litríocht chanúnach chun cinn ar bhealach nach mbeadh ar fáil dá mba ag brath ar cheapadóireacht bhunaidh amháin a bheadh na húdair.

## **Teoiric a Chur i bhFeidhm: Béarlachas**

Bhí lucht tacaíochta ag na canúintí go léir ach, mar a dúradh, ní fhaigheann muid aon tagairt le linn ár dtréimhse don Bhéarlachas a bheith ina sheift fhónta aistriúcháin. Ach má bhí lucht na Gaeilge cleachta ar an mBéarlachas a mheas mar locht i gcónaí, tá traidisiún eile aistriúcháin ann a thugann a cheart do rian na bunteanga a bheith le feiceáil ar an sprioctheanga. Déanann Ricoeur tagairt don traidisiún sin san aiste thuas nuair a luann sé '*Bringing the reader to the author, bringing the author to the reader*,' leagan a bhaineann macalla as aiste le Friedrich Schleiermacher dar teideal '*On The Different Methods of Translation*' (1813). San aiste sin, sonraíonn Schleiermacher dhá bhealach le dul i mbun an aistriúcháin:

*Either the translator leaves the writer in peace as much as possible and moves the reader toward him; or he leaves the reader in peace as much as possible and moves the writer toward him'* (2012: 49).

Ag caint ar an tiontú go Gearmáinis ag tús an naoú céad déag a bhí seisean san aiste, agus ní fheileann gach cuid di do chúinsí na hÉireann sa gcéad leath den fhichiú haois. Mar sin féin is aiste thábhachtach í seo i stair theoiric an aistriúcháin mar is inti a fhaigheann muid ceann de na mórchuntais is luaithe a scríobhadh ar na suáilcí a bhaineann leis an aistriúchán rídhílis agus leis an ‘eachtrannú,’ seachas an t-aistriúchán scaoilte a leagann béim ar an sprioctheanga a bheith nádúrtha agus a bhí i dtreis go mór roimhe sin (Venuti, 2012: 19-20). Molann Schleiermacher gan a bheith ag iarraidh an t-aistriúchán a dhéanamh cosúil le saothar a scríobhadh sa sprioctheanga an chéad lá riamh, agus ligean d’allúrachas na bunteanga dul i bhfeidhm air. An aidhm atá leis seo ná ‘to disseminate among his readers this sense of encountering the foreign,’ rud a fhorbróidh an sprioctheanga agus a leathnóidh eolas an léitheora araon (2012: 53). Ach chuige sin, ní mór an sprioctheanga a chur as a riocht le go bhféadfaidh an léitheoir na gnéithe eachtrannacha den bhuntéacs a aireachtáil laistiar di.

I gcomhthéacs na Gaeilge, is féidir linn an téis seo a thuiscint i dtéarmaí an Bhéarlachais: tionchar an Bhéarla a bheith le haireachtáil ar an nGaeilge. Téis chonspóideach atá ann riamh agus ní shéanann Schleiermacher go bhfuil a leithéid de chur chuige contúirteach. ‘*The cries that translation of this sort must necessarily have a detrimental effect from within on the purity of the language and the peaceful course of its development have often been heard,*’ a deir sé (ibid.: 54), agus leis sin tá a mhéar leagtha go binn aige ar dhioscúrsa an aistriúcháin le linn an tSaorstáit. Ach, os a choinne sin, tá buntáistí móra ag roinnt leis ach a bheith oscailte dóibh: ‘*The fullest possible unadulterated enjoyment of foreign works, can be achieved through a method that insists on breathing into the translated work the spirit of a language foreign to it*’ (ibid.: 61).

An áit a bhfuil an gad ná go dteastaíonn ‘*a nation whose people are favorably disposed to appropriate the foreign*’ (ibid.: 55) agus, ar an mórchóir, ní ar náisiún den chineál sin a bhí an Gúm ag freastal. Seo againn ceist na fáilte roimh theanga an eachtrannaigh arís, agus is beag má cuireadh san áireamh í sa tráchttaireacht ar an nGúm. Ach, ag breathnú siar dúinn, tugann an cur chuige seo slat tomhais eile dúinn le stíl na dtéacsanna a mheas. Mar shampla ionadaíoch de seo, fillfidh muid ar *The Strange Case of Dr. Jekyll and Mr. Hyde* le Robert Louis Stevenson – sliocht as Caibidil 10:

*With Jekyll, it was a thing of vital instinct. He had now seen the full deformity of that creature that shared with him some of the phenomena of consciousness, and was co-heir with him to death: and beyond these links of community, which in themselves made the most poignant part of his distress, he thought of Hyde, for all his energy of life, as of something not only hellish but inorganic* (Stevenson, 1886: 137-8).

Sliocht dúshlánach ag aistritheoir ar bith, agus tá cathú ann é a dhéanamh níos éasca don Ghaeilgeoir trína bhriseadh ina n-abairtí agus aistriúchán scaoilte a imirt air. A leithéid de seo, mar shampla:

Ba dhual do Jekyll é sin. Thuig sé anois a uafásaí is a bhí an créatúr sin ar roinn sé cuid dá aigne leis, an créatúr a raibh sé ceangailte leis go bás. Ach cé gur beag nárbh ionann iad – agus b'in ba mhó a chráigh é – samhlaíodh dó go raibh Hyde, lena fhuinneamh uile chun beatha, ina neach ní hamháin ifreanda ach neamh-bheo.<sup>2</sup>

Ní hin é a rinne Conall Ceárnach (Feardorcha Ó Conaill), áfach, an té a d'aistrigh an leabhar i 1929. Go deimhin, chloígh seisean go dlúth leis an mbuntéacs, ag aistriú na dtéarmaí a bheacht ab fhéidir leis:

Mar le Jekyll, ba stuaim dúthchais é. Do chonaic sé annsin lán-mhíchúmthacht an chréatúra a bhí i gcuibhreann leis i roinnt dá chéadfadha, agus ba chomhoidhre leis san mbás; agus thar na ceangail comónta seo, agus gurbh iad féin an pháirt ba nimhnighe dá amhgar, do mheas sé Hyde, in aimhdheoin a bhíodhghamlachta beatha, a bheith mar rud éigin a bhí ní h-amháin ifrionndha ach an-orgánach (1929: 97).

'Fíor-dhearg-Bhéarlachas' a thug Ó Cadhain (1930, luaite in O'Leary, 2004) ar leagan Uí Chonaill agus, gan amhras, téarma cáinte a bhí ann. De réir mar a léim téis Schleiermacher *via* Ricoeur, áfach, tá a mhalairt de thuiscint le baint as freisin. Is é sin, féadfaidh muid an sliocht seo, agus sleachta mar é, a lonnú ar speictream aistriúcháin inar buntáiste é rian an bhuntéacs a bheith le haireachtáil ann. Seachas a bheith ag iarraidh an chuid is eachtrannaí den leagan bunaidh a ruaigeadh, cuirtear fáilte roimh an abairt fhada Bhéarla gona poncaíocht agus a castacht comhréire. Baintear fáisceadh as an nGaeilge agus is soiléire don léitheoir é gur comhréiteach teanga atá ann, pósadh idir dhá urlabhra. Ní hé go bhfuil mí-úsáid foclóra déanta leis an nGaeilge – tá ciall leis an sliocht, dá aduaine

<sup>2</sup> Is leis an údar an t-aistriúchán seo.

é – ach airíonn muid cuisle an Bhéarla laistiar den téacs. Más i ngan fhios féin é, tá obair an aistritheora sa sliocht seo ag teacht le téis Schleiermacher gur fiú gnéithe den bhunteanga a scaoileadh tríd an sprioctheanga nó, mar a déarfadh Ricoeur, fáilte a chur roimh urlabhra an údair bhunaidh. Údar Béarla a bhí in Stevenson, gan amhras, agus b'údar feirge ag daoine go raibh an Gúm ag aistriú saothar a d'fhéadfadh formhór de mhuintir na tíre a léamh sa mbunteanga (O'Leary, 2004: 388; 401-3). Ach seachas a bheith ag tuiscint a leithéide d'aistriúcháin mar chur amú acmhainní agus ama, féadfaidh muid a léamh, i dtéarmaí Ricoeur, mar fháilte roimh chultúr eile – go fiú is cultúr na Breataine a chuir alltacht ar an oiread sin ag an am. Ag breathnú dúinn mar seo ar na haistriúcháin a choimisiúnaigh an Gúm, feiceann muid a chasta agus a spéisiúla is atá na caidrimh idirchultúrtha a thionscain an scéim le litríochtaí an domhain. Fiú na saothair a tharraing fíoch na léirmheastóirí ar nós *An Dr. Jekyll agus Mr. Hyde*, soilsíonn siad dúinn gnéithe éagsúla d'eitic na fáilte a bhíonn ag roinnt leis an aistriúchán i gcónaí.

## Conclúid

Cuireann fráma tagartha na fáilte an chumarsáid thraschultúrtha, atá de dhlúth is d'inneach an aistriúcháin, i lár an aonaigh. Tarraingíonn Ricoeur aird ar an ngné eitice a bhaineann leis an bhfáilte i gcónaí – gur léiriú measa nó, ar a laghad, léiriú aitheantais é saothar eachtrannach a thiontú go teanga eile. Ina fhianaise sin, is fearr a thuigeann muid a uaillmhianá is a bhí an Gúm agus a oscailte is a bhí sé d'urlabhraí éagsúla, rud nach féidir a rá faoi go leor de lucht a cháinte. Go deimhin, a fhad is a bhí go leor tráchtairí ag argóint faoi na téacsanna agus faoi na stíleanna ba cheart a chur i gcló, bhí an Gúm ag glacadh le réimse scríbhneoireachta ba chuimsithí i bhfad ná mar a bhí á phlé ag aon duine.

Díol suntais is ea dáileadh na gcanúintí faoin scéim go háirithe. Agus eagrais de chuid an tSaorstáit i gceannas ar fhoilsiú na n-aistriúchán, b'fhéidir go mbeifí ag súil le claonadh chun Ghaeilge Iar-Mhumhan, ach ní mar sin atá. As na contaetha ar fad, ba iad cainteoirí dúchais Dhún na nGall an dream is mó a ghlac páirt sa scéim agus cothaíodh canúintí is lú ar nós na nDéise ar bhealach nach bhfacthas a leithéid roimhe ná ina dhiaidh.

Bhí an oiread sin aistritheoirí agus an oiread sin stíleanna i gceist leis an scéim nach leor aon téis faoi leith leis an éagsúlacht teanga inti a chuimsiú. Más mian dul i ngleic leis an éagsúlacht sin ar chor ar bith, áfach, ní mór speictream iomlán an aistriúcháin, ón gceann rídhílis go dtí an ceann is scaoilte amuigh, a bheith ar fáil dúinn. Arís, tugann fráma tagartha na fáilte – go háirithe mar a cheanglaíonn

Ricoeur é sin le téis Schleiermacher faoin aistriúchán dílis – tugann sé bealach eile dúinn leis an éagsúlacht teanga a mheas. Tá rian an Bhéarla le feiceáil ar shleachta go leor in aistriúcháin an Ghúim, ach seachas iad sin a dhamnú mar locht i gcónaí is féidir linn an taobh eile a dhéanamh agus na buntáistí idirchultúrtha atá ag roinnt leo a chur san áireamh.

Ní mhaím gur feiliúnach an léamh seo ar an mBéarlachas i gcónaí, áfach. Tá caidreamh éagothrom cumhachta idir an Ghaeilge agus an Béarla nach mór a mheá agus an t-aistriúchán á phlé. Fiú Schleiermacher féin, is mó a shamhlaigh sé a leithéid de stíl leis an aistriúchán liteartha seachas le haon chineál eile (Venuti, 2012: 19), agus is mar eisceacht i ndul nádúrtha na teanga a thuig sé é:

*For it must of all be established that in a language in which translation is practiced on so large a scale there must be an area of the language reserved for translations, and to them certain concessions will be made that would not be tolerated elsewhere (ibid.: 62).*

B'annamh a thugtaí na 'concessions' sin idir 1929 agus 1939, dá dtabharfaí inniu féin iad. I gcás scéim aistriúcháin an Ghúim, áfach, cabhróidh cur chuige Schleiermacher linn scóip na teanga inti a mheas ar bhealach níos cuimsithí ná mar a rinneadh go dtí seo.

## Leabharliosta

### Leabhair

- Greene, D., (1972) *Writing in Irish To-day*. Corcaigh: Mercier Press for the Cultural Committee of Ireland.
- Hayden, J., (1933) *Béarlachas in Modern Irish*. Tráchtas MA, neamhfhoilsithe. An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.
- Mag Shamhráin, A., (eag.) (1997) *Foilseacháin An Ghúim: liosta de na leabhair a d'fhoilsigh an Gúm ó 1926 i leith*. Baile Átha Cliath: An Gúm.
- O'Leary, P., (2004) *Gaelic Prose in the Irish Free State 1922-1939*. Pennsylvania: Pennsylvania State University Press.

- Ó Conchubhair, B., (2009) *Fin de Siècle na Gaeilge: Darwin, an Athbheochan agus Smaointeoireacht na hEorpa*. Indreabhán: An Clóchomhar/Cló Iar-Chonnacht.
- Ricoeur, P., (2006) *On Translation*. Arna aistriú ag Brennan, E. Londain & Nua-Eabhrac: Routledge.
- Stevenson, R.L., (1886) *The Strange Case of Dr. Jekyll and Mr. Hyde*. Londain: Longmans, Green & Co.
- Stevenson, R.L., (1929) *An Dr. Jekyll agus Mr. Hyde*. Arna aistriú ag Conall Ceárnach. Baile Átha Cliath: Muinntir Ch.S. Ó Fallamhain i gcomhar le hOifig an tSoláthair.
- Venuti, L., (2012) *The Translation Studies Reader*. An tríú heagrán. Oxford: Routledge.

## Ailt

- Schleiermacher, F. (1813; 2012) 'On The Different Methods of Translation'. I: Venuti, L. *The Translation Studies Reader*. Oxford: Routledge, 43-63.

## Foinsí ar líne

- Breathnach, D. & Ní Mhurchú, M., (2015) *Beathaisnéis* 1-9. [Idirlíon]. Ar fáil ar líne ag [www.ainm.ie](http://www.ainm.ie).
- Ní Uigín, D., (2014) 'Conspóidí an Ghúim: Léargas óna Chartlann'. I: *Léann Teanga: An Réiviú*. [Idirlíon]. Ar fáil ar líne ag <https://doi.org/10.13025/kspj-5270>.

## Ábhar Cartlainne

- Comhaid an Ghúim, An Chartlann Náisiúnta, Sráid an Easpaig, Baile Átha Cliath 8.



## **Togra Taighde Praiticbhunaithe sna Meáin a dhearadh: Roinnt Ceisteanna Modheolaíochta**

*Uinsionn Mac Dubhghaill*

<https://doi.org/10.13025/xg4v-v218>

### **Réamhrá**

Sa pháipéar seo fiosaítear cuid de na ceisteanna modheolaíochta a bhaineann le togra taighde praiticbhunaithe a dhéanamh sna meáin agus sna healáiona, ag tagairt ach go háirithe don chaibidil a rinne Leavy (2009), Freeman (2010), Bell (2006) agus Candy (2006) ar na ceisteanna sin. Pléitear an gaol idir an saothar ealaíne a chuirtear ar fáil mar chuid de thráchtas praiticbhunaithe agus an cháipéisíocht scríofa a théann in éineacht leis, agus an bealach neamshocair agus éiginnte ina meastar an taighde praiticbhunaithe sin in institiúidí éagsúla, in ainneoin go bhfuil tráchtas dochtúireachta á mbronnadh ag cuid acu ar thaighde den chineál sin le breis is 30 bliain anuas. Leagtar béim ar an doimhniú atriallach a d'fhéadfadh a theacht chun cinn nuair a bhíonn ceangal soiléir ann idir gnéithe den phraitic agus den teoiric mar chuid de phróiseas machnamhach leanúnach a fhéachann le hanailís a dhéanamh ar shaothar an ealaíontóra, ní ar mhaithe le hiniúchadh intleachtúil amháin a dhéanamh, ach mar chuid de phróiseas ealaíne a fhéachann le saothar an ealaíontóra a shaibhriú tuilleadh. Sa chomhthéacs sin, déantar iniúchadh ar theoiricí an fhealsúnaí David Davies (2004), gur cheart cleachtas ealaíne a thuiscint mar 'thaibhiú giniúna' agus ar an bpeirspeictíocht chriticiúil iarchoilíneach ar an léiriú i gcoitinne a thug an feimineach Meiriceánach Gloria Watkins dúinn faoina hainm cleite bell hooks<sup>1</sup> (1995). De réir hooks,

---

1 San alt seo, tabhar faoi deara go bhfuil ainm an scoláire bell hooks litrithe le litreacha beaga ag an tús seachas litreacha móra. Ní botún é sin. Is ainm cleite é agus ar chúiseanna casta a bhaineann lena cuid feimineachais roghnaíonn sí a hainm a scríobh le litreacha beaga amháin.

‘Láthair thábhachtach choimhlinte is ea an léiriú d’aon phobal atá faoi chois nó a bhfuil dúshaothrú á imirt air, agus iad i mbun a gcuid suibhachtúlachta féin a dheimhniú, maraon le díchoilíniú na haigne.’<sup>2</sup> Féachtar leis an ráiteas sin a mheas agus togra taighde praiticbhunaithe sna meáin dhigiteacha á dhearadh a tharraingíonn ar choincheap an *détournement* mar lionsa trínar féidir feiniméan TG Lurgan a scrúdú.

## Ceisteanna Modheolaíochta

Bíonn ceisteanna faoin ngaol nó faoin gceangal ar cheart a bheith idir na heilimintí teoiriciúla agus praiticiúla ar na ceisteanna is práinní a bhíonn ag mic léinn dochtúireachta, agus iad i mbun taighde praiticbhunaithe i réimse na meán agus na n-ealaíon. Is amhlaidh an cás le gach píosa taighde, ar ndóigh, ach is práinní fós í mar cheist i gcás an taighde phraiticbhunaithe, ar cosán taighde neamhthraidisiúnta é a mbaineann cuid mhaith neamhshocrachta agus amhras leis.

De réir an scoláire agus údair Leavy, is éard a bhíonn i gceist le cleachtas taighde sna healaíona ná ‘réimse uirlisí modheolaíochta...ina mbíonn cur chuige na n-ealaíon cruthaitheach á úsáid mar bhealach le ceisteanna taighde sna heolaíochtaí sóisialta a iniúchadh ar bhealach atá iomlánaíoch agus gníomhach, agus ina mbíonn an teoiric agus an phraitic fite fuaite lena chéile’ (Leavy, 2009: 2-3). Baintear leas as an scríbhneoireacht chruthaitheach nó liteartha, an ceol, an léiriú ar stáitse, an damhsa, an ealaín fhísiúil, na scannáin agus meáin eile, agus daoine i mbun na gcleachtas taighde sin. Ní ‘ealaín ar mhaithe le healaín’ a bhíonn ann: bíonn ceist taighde mar phointe tosaigh ag an taighdeoir i gcónaí, agus é mar sprioc aige fios nua a bheith aige ag deireadh an phróisis, agus tuiscintí nua ar ábhar an taighde a roinnt le pobal níos leithne tríd an gceist sin a iniúchadh ar bhealach ealaíonta. Deir Freeman go dtugann an taighde praiticbhunaithe

...dúshlán soiléir na smaointeoireachta gnásúla, lena téis bhunúsach gur féidir le praitic an taibhithe a bheith ina modh taighde imscrúdaitheach agus ag an am céanna an bealach lena ndéantar an taighde sin a chraobhscaoileadh. (2010: 7)

Tá sainmhíniú níos cuimsithí ag Candy. Is éard atá sa taighde praiticbhunaithe, dar léi, ná:

...fiosrú bunaidh a dhéantar chun teacht ar fhios nó ar eolas nua tríd an bpraitic, cuid mhaith, agus trí thorthaí na praitice sin. Sa tráchtas dochtúireachta, tig le taighdeoir bunúlacht nó úire a chuid forthorthaí taighde, agus an méid a

<sup>2</sup> Is le húdar an ailt seo an t-aistriúchán seo agus na cinn eile a leanas.

chuireann siad le heolas bunaidh, a chur in iúl trí léirithe cruthaitheacha a dhéanamh i bhfoirm dearthaí, ceoil, ábhar sna meáin dhigiteacha, taibhithe agus taispeántas. Cé go ndéantar cur síos ar shainbhí agus ar chomhthéacs an mhaímh i dtéacs scríofa, ní féidir lántuiscint a fháil air ach trí iniúchadh díreach a dhéanamh ar na léirithe céanna sin. (2006: 1)

Leagann Candy béim ar a thábhachtaí is atá sé gur slánchuid den phróiseas taighde iad an phraitice agus na torthaí cruthaitheacha. Mar sin féin, ní mór torthaí na praitice a chuimsiú sa cháipéisíocht ina ndéantar cur síos ar an bpróiseas taighde, dar léi, chomh maith le hanailís théacsúil nó míniúchán a sheasfas mar thaca le hargóintí an taighdeora, agus chun a mhachnamh criticiúil a chur in iúl. Ar an gcaoi sin, ba cheart go mbeadh scoláireacht bhunaidh le feiceáil sa tráchtas, chomh maith le hábhar ar féidir a fhoilsiú nó a chur ar taispeánt (Candy, 2006: 2).

Cuir an méid sin thuas i gcomparáid leis an taighde dochtúireachta 'traidisiúnta'. Bíonn ceist taighde nó téis mar phointe tosaigh, faoi mar a tharlaíonn i gcás an taighde phraiticbhunaithe, ach bíonn an tráchtas bunaithe ar thaighde cainníochtúil nó cáilíochtúil, nó meascán den dá rud. Sna daonnachtaí agus sna heolaíochtaí sóisialta, is iondúil gur téacs fada nó an-fhada i scríbhinn a bhíonn mar thoradh ar an bpróiseas sin. Sa tráchtas féin, is iondúil go mbíonn cur síos ar an bpróiseas taighde; forléirmheas litríochta; iniúchadh ar cheisteanna modheolaíochta, agus anailís ar thorthaí an taighde atá déanta. Bítear ag súil le heolas nó le torthaí feasa nua agus le léargas úr ar dhisciplín léinn atá réasúnta socair, nó a bhfuil ceangal soiléir le feiceáil ann idir réimsí éagsúla, i gcás taighde idirdhisciplínigh.

Téann préamhacha an taighde phraiticbhunaithe siar go dtí ollfhorbairt na n-institiúidí ilteicneolaíochta – na '*Polytechnics*' mar a tugadh orthu – mar shruth nua oideachasúil ar an tréimh leibhéal sa Bhreatain ón mbliain 1968 ar aghaidh. Nuair a chinn an *Council for National Academic Awards* (CNAA) ar rialacháin nua maidir leis na hiarchéimeanna a bhronnfadh na h-institiúidí nua, chuir siad abairt chinniúnach amháin leo: 'Is féidir cur leis an tráchtas scríofa le hábhar i bhfoirmeacha eile seachas foirm na scríbhneoireachta' (Candy, 2006: 4). Don chéad uair, bhí cead ag mac léinn píosa ealaíne a chur isteach mar dhlúthchuid dá thráchtas dochtúireachta. B'amhlaidh an cás ag Tebby, a bhí ar an gcéad duine a lean an cosán sin, lena tráchtas dochtúireachta *Patterns of Organisation in Constructed Art* (Tebby, 1983). Chuir sí taispeántas ealaíne ar bun chun torthaí a cuid taighde a thaispeánt go poiblí, agus chuir sí sraith sleamhnán 35mm isteach leis an tráchtas scríofa, mar thairféad ar an taispeántas céanna, nuair a tháinig an t-am chun an tráchtas a chur faoi bhráid na scrúdaitheoirí seachtracha.

Le breis is 30 bliain anuas tá ardú leanúnach ag teacht de réir a chéile ar líon na dtráchtas praiticbhunaithe in institiúidí léinn ar fud na cruinne, go dtí gurb é an múnla praiticbhunaithe an ceann is coitianta sna healaíona faoin tráth seo (Candy, 2006). Sa lá atá anois ann bíonn taighde praiticbhunaithe ar siúl ag scannánóirí, dearthóirí, ailtirí, ceoltóirí, damhsóirí, dealbhóirí, scríbhneoirí agus ealaíontóirí den uile chineál. Ach, más ea, níor réitíodh go sásúil fós na ceisteanna is achrannaí a bhaineann leis an gcur chuige nua seo. An taighde ‘eolaíoch’ é? Céard iad na modheolaíochtaí ar cheart leas a bhaint astu? Cén chaoi ar cheart na torthaí taighde a mheas?

Bíonn freagraí éagsúla ag institiúidí éagsúla ar na ceisteanna sin. Mar shampla, i Scoil an Cheoil in Ollscoil Dhún Éideann glactar le punann nó portfóilió cumadóireachta a bheadh feiliúnach le cur i láthair mar chlár ceolchoirme. San ollscoil sin, ní gá aon téacs scríofa a chur isteach mar chuid den tráchtas i réimse an cheoil, ‘taobh amuigh de nodaireacht an cheoil féin, agus na nótaí cláir’ (Coyne & Triggs, 2007: 3). Is é an múnla is coitianta, áfach, ná corpas oibre nó léiriú móide ‘cáipéis’ scríofa a mbíonn stádas éagsúil leis ar uairibh i súile daoine éagsúla – mar shampla, d’fhéadfadh an t-ealaíontóir breathnú ar an gcáipéis scríofa mar ábhar tacaíochta, ach d’fhéadfadh na scrúdaitheoirí seachtracha breathnú ar an téacs scríofa amháin is gurb é an chuid is tábhachtaí den tráchtas é, agus is minic go mbreathnaíonn.

Is léir ón méid sin thuas go mbíonn teannas áirithe le mothú go minic maidir leis an gceangal atá, nó ar cheart a bheith, idir an próiseas cruthaitheach a bhaineann le saothar ealaíne a ghiniúint ar thaobh amháin, agus an próiseas taighde agus léinn ar an taobh eile. Ina iniúchadh ar an teannas sin tráchtann Bell (2006) ar an ‘dearmad eipistéimeolaíoch’ i bhforbairt na ndochtúireachtaí praiticbhunaithe in institiúidí éagsúla sa Bhreatain le 30 bliain anuas. De bharr brúnna institiúideacha agus maorlathacha a tháinig chun cinn le torthaí coincréiteacha taighde a thaispeáint do lucht maoinithe agus faireacháin, spreagadh baill foirne in institiúidí ealaíne áirithe le cur síos a dhéanamh ar a gcuid saothar ealaíne féin mar ‘thorthaí taighde’, agus anailís chainníochtúil a dhéanamh ar na torthaí sin i dtéarmaí líon agus méid na dtaispeántas a rinneadh, líon an lucht féachana a tháinig chuig na taispeántais sin, agus ábhar eile mar é. ‘Níor cuireadh an oiread sin diancheisteanna faoin mbealach arbh fhéidir taighde a thabhairt ar shaothar ar thoradh é ar chleachtais ealaíne chruthaitheacha thraidisiúnta’ (Bell, 2006: 3). Scrúdaíonn sé agus lochtáíonn sé dhá fhreagra ar leith ar an aincheist sin. B’shin iad freagra na ‘reitrice posaitíbhí’ a chuir Newbury (1996) agus an *Research Training Initiative* chun cinn ar thaobh amháin; agus

an freagra ‘rómansúil’ a bhí ag Knudsen (2004), a thug tús áite don chur in iúl agus don chur i láthair seachas don anailís inleachtúil. Ina fhreagra féin ar an gceist, déanann Bell nasc leis an traidisiún pragmatach Meiriceánach, agus glacann sé leis an gcur chuige a mhol an fealsúnaí David Davies ina leabhar *Art as Performance* (2004).

De réir Davies, ba cheart cleachtas ealaíne a thuiscint mar ‘thaibhiú giniúna’ (2004: 229), agus ba cheart breithiúnas agus luacháil a dhéanamh orthu ina dtéarmaí féin in áit iad a mheas de réir critéar seachtrach posaitíbhíoch. Ba cheart díriú ar ‘chódú foighneach’ a dhéanamh ar an gcleachtas féin, agus ar an ábhar nuálach a eascraíonn as, más mian linn breithiúnas fírinneach a thabhairt ar an taibhiú giniúna sin, dar leis. Cuireann Bell leis an méid sin, agus deir sé gur fiú díriú ar mhionanailís agus ar mhachnamh cruinn ar an méid a bhíonn ar siúl ag ealaíontóir nuair a bhíonn saothar ealaíne á ghiniúint aige, agus gur cheart an cur chuige sin a úsáid le modheolaíocht taighde ar leith a thógáil don taighde sna healaíona cruthaitheacha.

Tá an ráiteas seo a leanas ina eochair ar chur chuige Bell:

Ní hamháin gur dual do chlár taighde sa phraictic chruthaitheach (agus trí mheán na praitice cruthaithe) a bheith gafa le léirthuiscint agus le measúnú an ‘saothair fhollasaigh’ a chuirtear i láthair taispeántais, faoi mar a chreidtear san eimpíreachas aeistéitiúil, nó leis na cóid agus na struchtúir a bhíonn faoi chaibidil sa léann scannánaíochta agus i bhfoirmeacha eile den léann criticiúil, ach leis an saothar ealaíne mar thaibhiú. **Chun an saothar follasach a thuiscint i gceart ní mór dúinn caitheamh leis ní mar struchtúr comharthaíochta oibiachtaithe ach mar thaibhiú atá ionchollaithe ina chomhthéacs stairiúil**<sup>3</sup>. Go deimhin, ní mór dúinn a chur san áireamh an chaoi a dtugann ealaíontóir cruth dá rún cruthaitheach, agus meáin ealaíonta ar leith in úsáid aige agus é faoi réir coinníollacha sainiúla stairiúla – rún cruthaitheach a fhíorófar nó nach bhfíorófar le linn na gníomhaíochta giniúna a bhaineann leis an saothar a thabhairt ar an saol. Is é an príomhfhócas atá leis an rún cruthaitheach sin, ó thaobh an ealaíontóra de, ná saothar ealaíne a thabhairt ar an saol. I gcás na praitice ealaíonta a bhaineann le torthaí taighde, is é an príomhfhócas ná teacht ar thuiscint ar an taibhiú giniúna a bhaineann leis an saothar ealaíne. Is é seo, dar liom, an toradh feasa ar cheart a bheith ar an taighde praiticbhunaithe cruthaitheach. (2006: 11)

3 Is le húdar an ailt seo an bhéim.

Gné eile den scéal is ea tráchtairacht Leavy ar úsáid na scannánaíochta agus na grianghrafadóireachta san antraipeolaíocht fhísiúil (Leavy, 2009: 217-9). Sa phlé sin, leagann sé béim ar a thábhachtaí is atá an comhthéacsú sóisialta agus staire in úsáid na n-íomhánna sin i dtaighde ar bith sna daonnachtaí. Foinse thábhachtach eolais iad na híomhánna sin faoin saol sóisialta mórtimpeall orainn, dar leis, ina measc ‘gnéithe cultúrtha den saol sóisialta; struchtúir eacnamúla agus pholaitiúla; féiniúlacht ag an leibhéal domhanda, náisiúnta, grúpa agus aonair; agus go leor gnéithe eile’ (Leavy, 2009: 218).

Is léir ón méid sin ar fad gur cosán taighde achrannach agus neamhshocair é an cosán taighde praiticbhunaithe. Cén fáth, mar sin, a roghnódh duine an cosán áirithe sin? I gcás an údair seo, baineann freagra na ceiste sin leis an rud a dtugann socheolaithe an ‘casadh físiúil sna daonnachtaí’ air, chomh maith leis an réasúnú a thugann an feimineach Meiriceánach Gloria Watkins dúinn faoina hainm cleite bell hooks.

Ina leabhar *Art on My Mind: Visual Politics*, déanann hooks cur síos ar roinnt macra-chomhthéacsanna ina dtarlaíonn coimhlintí maidir leis an léiriú a dhéantar ar phobail nó ar mhionlaigh éagsúla. Is de bharr na gcoimhlintí sin sa léiriú físiúil ar mhionlaigh go mbíonn tarraingt ag taighdeoirí ar úsáid na n-ealaíon físiúil, dar léi, go háirithe má bhíonn siad ag bunú a gcuid oibre ar pheirspeictíochtaí feimineacha nó iarchoilíneacha, nó ar pheirspeictíochtaí criticiúla eile. Deir sí: ‘Láthair thábhachtach choimhlinte is ea an léiriú d’aon phobal atá faoi chois nó a bhfuil dúshaothrú á imirt air, agus iad i mbun a gcuid suibiachtúlachta féin a dheimhniú, maraon le díchoilíniú na haigne’ (hooks, 1995: 3).

Bíonn Rolling (2005) agus údair eile ag trácht ar an deis a bhíonn ag ealaíontóirí físiúla cur i gcoinne léirithe stairiúla a imríonn ansnacht nó cos ar bolg ar mhionlaigh. Fiosraíonn Rolling an chaoi a gcuireann íomhánna sa chultúr físe le tógáil féiniúlachtaí, agus eispéireas na nAfra-Mheiriceánach mar ‘Eile’ faoi scrúdú aige. Toisc gur láthair é an cultúr físe ina mbíonn coimhlintí ar bun maidir le féiniúlacht agus léirithe, dar leis, is fiú tarraingt ar an rud a dtugann sé ‘seandálaíocht chultúrtha fhísiúil’ air mar bhealach le teacht ar na modhanna ina gcruthaítear íomhánna den Norm agus den Eile (Leavy, 2009: 221).

## Casadh, *détournement*

Ar na cúiseanna sin ar fad, b'fhacthas don údar gur cur chuige saibhir é an cur chuige praiticbhunaithe agus clár taighde á dhearadh a bhain le féiniúlacht, cultúr agus domhandú i gcomhthéacs na hÉireann agus i gcomhthéacs shuíomh mionlathaithe na Gaeilge sa lá atá inniu ann. É sin in ainneoin na ndeacrachtaí praiticiúla maidir le modheolaíocht agus neamhshocracht a bhí faoi chaibidil thuas. Bhí spéis ar leith ag an údar i gcoincheap an *détournement* freisin, agus san úsáid a bhaineann grúpaí freasúracha ar nós Adbusters as fógraí tráchtála teilifíse le *critique* frithchaipitlíoch a chur inár láthair. B'fhacthas gurbh fhiú a fhiosrú an bhféadfaí próiseas sin an *détournement* a úsáid mar bhealach le cur síos a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí éagsúla a bhíonn ar bun ag grúpaí éagsúla ar cás leo seasamh leochaileach na dteangacha neamhfhorleathana i ré seo an domhandaithe. I ndiaidh roinnt fiosruithe in Éirinn agus thar lear, socraíodh ar chás na bhfíseán YouTube a réitíonn scoláirí agus foireann Choláiste Lurgan a fhiosrú mar chás-staidéar ar leith a thabharfadh deis na ceisteanna sin a iniúchadh ar bhealach ní ba dhoimhne.

Tháinig coincheap an *détournement* chun cinn i bPáras sna 1950í, i measc grúpaí raidiceacha d'ealaíontóirí agus den lucht teoirice a bhí faoi anáil an scoláire agus scannánóra Guy Debord agus a tháinig le chéile faoi bhrat an *Letterist International*. Ag an leibhéal is bunúsaí, bhain sé le hathmhúnlú a dhéanamh ar tháirgí cultúir sna mórmheáin chumarsáide, d'fhonn an claonadh ceilte idé-eolaíoch a bhain leo a thabhairt chun solais agus chun an bholscaireacht nó an fheidhm mhargaíochta a bhain leo a chur ó mhaith. Sampla comhaimseartha den fheiniméan sin is ea an casadh a bhain Adbusters (eagraíocht idirnáisiúnta neamhrialtasach atá lonnaithe i gCeanada agus a dhéanann *critique* leanúnach ar an dearcadh tomhaltach i leith an tsaoil) as an bhfógra físe *Go Forth* a sheol an comhlacht Levi mar chuid dá fheachtas domhanda margaióchta in 2011. Ag an bpointe seo san alt is fiú breathnú ar an bhfógra sin ag an láithreán seo a leanas: <https://www.youtube.com/watch?v=pnNblizjuEk>.

*Montage* ealaíonta d'íomhánna paiseanta atá san fhógra: fir óga dhathúla i mbun círéibe ar na sráideanna; fear gnéasúil ag casadh ceoil ar ghíotár leictreach a théann trí thine; lánúin óg ag damhsa agus ag pógadh a chéile. Iarracht fhollasach a bhí ann íomhánna mealltacha a bhain le ceannairc nó éirí amach a cheangal leis na táirgí a dhíolann an comhlacht: baineadh úsáid freisin as an dán *The Laughing Heart* leis an bhfile frithbhunaíoch Meiriceánach Charles Bukowski don tharghuthú. Más ea, níorbh fhada gur fhoilsigh Adbusters freagra ar an bhfógra

ar láithreáin éagsúla: faoin teideal *Go Forth and Revolt* tá na híomhánna céanna le feiceáil ach le fotheidil curtha leo a cháineann lucht an rachmais as seilbh a ghlacadh ar íomhánna ceannairce ar mhaithe le táirgí a dhíol. San fhógra *détourné* seo, spreagtar daoine le dul i mbun ceannairce iad féin. Tá an físeán seo ar fáil ar líne ag <https://www.youtube.com/watch?v=UVc8auO1vuA>.

## TG Lurgan

Sa chomhthéacs sin, b'fhacthas don údar gurbh fhiú iniúchadh a dhéanamh ar TG Lurgan, an cainéal YouTube atá ag an gcoláiste samhraidh Coláiste Lurgan, agus ar an gcaoi a gcuireann scoláirí agus foireann an choláiste físeáin shnasta cheoil ar fáil le leaganacha Gaeilge d'amhráin chomhaimseartha i mBéarla. Díriodh aird na tíre ar na físeáin seo i gceart faoi fhómhar na bliana 2013, nuair a bhain a leagan Gaeilge den traic *Wake Me Up* le Avicii os cionn 1.5 milliún buille ar TG Lurgan. Bhí idir dhéagóirí, léirmheastóirí nuachtáin agus tuismitheoirí meallta ag an ardchaighdeán físe agus fuaime a bhain le leagan Choláiste Lurgan den amhrán, agus tugadh cuireadh dóibh an t-amhrán a chanadh ar an *Late Late Show* an fómhar sin. Ach lean na buillí ar aghaidh ó shin: faoi lár 2014 bhí an físeán feicthe níos mó ná 3.5 milliún uair thart timpeall an domhain, toradh ar deacair a shamhlú d'aon físeán Gaeilge roimhe sin.

Thosaigh an t-údar ag dearadh leaganacha éagsúla de thogra praiticbhunaithe mar bhealach leis an bhfeiniméan seo a fhiosrú, agus roinnt buncheisteanna á gcur: arbh fhéidir breathnú ar físeáin TG Lurgan agus ar phróiseas a ndéanta mar ghníomh *détourné* i gcoinne phróisis an domhandaithe chultúir in Éirinn na linne seo? Is é sin le rá, an bhféadfaí breathnú ar uileláithreach na bhfíseán ceoil comhaimseartha i mBéarla – ar físeáin iad a dtagann a bhformhór as Stáit Aontaithe Mheiriceá – mar léiriú cumhachtach ar chuid de na próisis sin, agus, más ea, an raibh ról á imirt ag físeáin TG Lurgan mar iarracht ag lucht a ndéanta cur i gcoinne na bpróiseas céanna? Nó, ar an taobh eile den scéal, ar cheart breathnú ar dhéantús na leaganacha Gaeilge, agus ar an éileamh mór a bhí orthu, mar **bheartas géillte is síthe** leis na fórsaí céanna? Nó, arís eile, ar mheascán den dá rud a bhí ag tarlú?

Chun an scéal sin a fhiosrú tuilleadh, chuaigh an t-údar i mbun cainte le bainisteoir Choláiste Lurgan, Mícheál Ó Foighil, agus le hÉamonn Mac Mánaís, an scannánóir agus eagarthóir a bhíonn i mbun na bhfíseán in éineacht le scoláirí agus foireann an choláiste. D'éirigh leis an údar cead a fháil roinnt scannánaíochta a dhéanamh ar an bpróiseas a bhaineann leis na físeáin a chur le chéile. Idir an

dá linn, réitíodh dhá iarratas coimisiúnaithe: ceann don Chomhairle Ealaíon faoin scéim *Reel Art*, a bhain le scannán ealaíne; agus ceann ar chlár teilifíse do TG4 a réitíodh le cúnamh flaitiúil ó dhuine de stiúrthóirí Abú Media, Brid Seoighe. Cé nár éirigh le ceachtar iarratas, ba phróiseas fiúntach agus torthúil é réiteach na n-iarratas céanna: chabhraigh siad go mór le faobhar níos géire a chur ar an smaointeoireacht faoin gcineál togra praiticbhunaithe ar mhaith leis an údar tabhairt faoi – agus, níos tábhachtaí fós, faoi na fáthanna a mbeifí ag dul síos an cosán áirithe sin. Seo a leanas sliocht as an gcur síos a bhí mar chuid den iarratas do TG4:

An rud atá nua faoin gclár seo ná go mbeidh grúpa déagóirí ag iarraidh teacht ar a gcuid freagraí féin ar cheisteanna a bhaineann le féiniúlacht agus teanga in Éirinn, le linn dóibh a bheith ag tabhairt faoi ghníomhaíochtaí atá lán le haicsean, le paisean, le dathanna agus le craic – is é sin, físeán ceoil a chur le chéile, liricí a scríobh, fuaimrianacha a thaifead, damhsaí a chleachtadh, éadaí a aimsiú, an traic a thaifead, an eagarthóireacht a dhéanamh, agus an físeán críochnaithe a chrochadh ar YouTube ag deireadh an aistir. Ar an gcaoi sin beidh ceisteanna faoin teanga á bplé ar bhealach úrnua agus spleodrach, míle míle ón mbealach tur agus tirim ina bpléitear na ceisteanna seo rómhinic. (Mac Dubhghaill, 2014: 6)

In ainneoin nár éirigh leis an iarratas maoinithe, chuaigh an t-údar ar aghaidh leis an togra praiticbhunaithe tar éis athdhearadh a dhéanamh air mar thogra pearsanta ealaíne. Caitheadh roinnt seachtainí i mbun taifeadta i gColáiste Lurgan le linn shamhradh na bliana 2014 mar chuid den togra nuadheartha sin. Beidh an ionramháil ar na taifid éagsúla sin, agus scagadh teoiriciúil agus machnamhach ar an bpróiseas eagarthóireachta agus scéalaíochta a bhaineann le scannán a dhéanamh astu, mar chuid lárnach den tráchtas praiticbhunaithe a chuirfidh an t-údar ar fáil amach anseo.

## Conclúid

Pléadh cuid de na ceisteanna modheolaíochta a bhaineann leis an taighde praiticbhunaithe sna meáin, agus an méid sin mar bhealach le fócas a chur ar chuid de na roghanna a rinne an t-údar agus é ag forbairt a chuid taighde. Is díol iontais é go fóill an neamhshocracht úd faoin gcosán praiticbhunaithe ar tagraíodh dó i dtús an ailt seo. In éagmais na treorach cinnte, fágtar ualach breise ar an

taighdeoir a fhreagraí féin a aimsiú ar an neamhshocracht chéanna. D'fhéadfaí breathnú ar an méid sin mar mhíbhuntáiste; ar an taobh eile de, fágann sé scóip agus saoirse neamhghnáthach ag an taighdeoir.

Is ceist oscailte é go fóill an bhfuil fiúntas ag baint leis an gcosán áirithe atá roghnaithe ag an údar mar bhealach le hiniúchadh a dhéanamh ar cheisteanna áirithe a bhaineann leis an domhandú, cultúr agus mionlaigh. D'fhéadfaí a áiteamh go bhfeilfeadh modheolaíochtaí ní ba thraidisiúnta sna heolaíochtaí sóisialta don cheist taighde seo, eadhaon, an gníomh *détourné* i gcoinne phróiseas an domhandaithe chultúir in Éirinn na linne seo é feiniméan TG Lurgan, nó an géilleadh nó logánú na bhfórsaí céanna é? Tá obair mhall, thrialach le déanamh (munar obair mhalltriallach í) leis na teoiricí éagsúla ón litríocht ábhartha a chur i bhfeidhm ar chleachtas ealaíne an údar. Ach sa mhéid is gurb é an scáileán beag ar an bhfón póca an pháirc imeartha nó blár catha ar a réiteofar cuid mhaith ceisteanna comhaimseartha cultúir agus teanga – agus ní sna leabhair ná sna tráchtas ollscoile – b'fhacthas don údar gurbh fhiú iarracht a dhéanamh freagairt dó sin le togra taighde agus ealaíne a cheapadh i réimse na híomhá, na fise agus na fuaime.

Próiseas féintagarthach atá ann, ina mbítear sa tóir ar an doimhniú atriallach a d'fhéadfadh a theacht chun cinn nuair a scrúdaítear gnéithe den phraitic trí lionsa na teoirice agus *vice versa*. Is é sin le rá, is próiseas machnamhach leanúnach é ina bhféachtar le hanailís a dhéanamh ar shaothar an údair, ní ar mhaithe le hiniúchadh intleachtúil amháin a dhéanamh, ach mar chuid de phróiseas ealaíne a fhéachann leis an saothar sin a shaibhriú agus a fhorbairt tuilleadh, agus le léargais agus tuiscintí úra a aimsiú ar ghnéithe den saol sóisialta thart timpeall orainn. Ar an gcaoi sin, chun focail Bell a thabhairt chun cuimhne arís, tá súil ag an údar 'teacht ar thuiscint ar an taibhiú giniúna a bhaineann leis an saothar ealaíne. Is é seo, an toradh feasa ar cheart a bheith ar an taighde praiticbhunaithe cruthaitheach' (2006: 11).

## Leabharliosta

### Leabhair

- Candy, L., (2006) *Practice Based Research: A Guide*. Sydney: University of Technology.
- Davies, D., (2004) *Art as Performance*. Oxford: Blackwell.
- Freeman, J., (2010) *Blood, Sweat & Theory: Research Through Practice in Performance*. Oxfordshire: Libri Pub.
- hooks, b., (1995) *Art on My Mind: Visual Politics*. Nua-Eabhrac: New Press.
- Leavy, P., (2009) *Method meets art: Arts-based research practice*. Nua-Eabhrac: Guilford Press.
- Newbury, D., (1996) *Designing and Managing a Research Project: A Research Guide*, Birmingham: Research Training Initiative. University of Central England.

### Ailt

- Bell, D., (2006) 'Creative film and media practice as research: In pursuit of that obscure object of knowledge', *Journal of Media Practice* 7 (2), 85-100.
- Coyne, R., & Triggs, J., (2007) 'Training for practice-based research: Adaptation, integration and diversity', I: Bianchi, T., (eag.), *Creativity or Conformity: Building Cultures of Creativity in Higher Education*. Caerdydd: Metropolitan University.
- Knudsen, E., (2004) 'Creation and I, Me and My Work: A Personal Account of Relations Between Film, Film-Maker and Teaching', *Journal of Media Practice*, 3 (2), 107-14.
- Rolling, J.H., Jr. (2005) 'Visual culture archaeology: A critic/polit:/cal methodology of image and identity', *Cultural Studies*  $\leftrightarrow$  *Critical Methodologies*, 7 (1), 3-25.

## **Tráchtas Neamhfoilsithe**

Tebby, S. (1983) *Patterns of Organisation in Constructed Art*. Tráchtas dochtúireachta, Leicester: Leicester Polytechnic.

## **Foinsí Leictreonacha**

Levi's Go Forth Commercial. (2011) 'The Laughing Heart - Charles Bukowski.' 27 Lúnasa 2011. Ar fáil ag: <https://www.youtube.com/watch?v=pnNblizjuEk>. (feicthe 25 March 2015)

Go Forth and Revolt. (2011) 'Go Forth and Revolt.' 17 Lúnasa 2011. Ar fáil ag: <https://www.youtube.com/watch?v=UVc8auO1vuA>. (feicthe 25 Márta 2015)

## **Iarratas Coimisiúnaithe**

Mac Dubhghaill, U., (2014), 'Iarratas ar Choimisiún', Baile na hAbhann: TG4 (neamhfoilsithe).



# Ag Spreagadh an Athshondais Teanga i measc Gasúr Bunscoile i gCeantair láidre Ghaeltachta

*Niall Mac Uidhílin*

<https://doi.org/10.13025/3tya-1p68>

## Réamhrá

Léiríonn an taighde is deireanaí go bhfuil aistriú na Gaeilge ó ghlúin go glúin ag dul i léig de réir mar a athraíonn nósmaireachtaí teanga sa Ghaeltacht agus go bhfuil sé seo ag tarlú anois fiú sna ceantair Ghaeltachta is láidre, ceantair Chatagóir A (Mac Donnacha et al., 2005; Ó Giollagáin et al., 2007; Péterváry et al., 2014).

Bíonn saothar Fishman lárnach in aon phlé faoin gcaoi is fearr le dul i ngleic le géarchéim mar seo. Is é Fishman a d'fhorbair an *Scála Grádaithe um Briseadh Idirghlúine* (GIDS), scála ocht gcéim le measúnú a dhéanamh ar staid mhionteanga (Fishman, 1991). D'aithin sé Céim 6 ar an scála (a bhaineann le seachadadh teanga ó ghlúin go glúin) mar an sprioc is tábhachtaí den aisiompú teanga:

*The home-family-neighborhood-community complex is the normal 'whole' of childhood life and of intergenerational mother tongue transmission. Accordingly, it must remain at the center of RLS-efforts no matter what are the stages that necessarily come thereafter (1991: 95).*

Maíonn sé freisin go gcuirtear go leor ama agus airgid amú ar iarrachtaí aisiompaithe teanga i réimse an oideachais de bharr nach ndírítear dóthain airde ar na naisc idir an scoil, an teaghlach agus an pobal a threisiú:

*The road to societal death is paved by language activity that is not focused on intergenerational continuity, i.e. that is diverted into efforts that do not involve and influence the socialization behaviours of families of child-bearing age (1991: 91).*

Sa pháipéar seo, déantar cur síos ar thaighde dearadh-bhunaithe (TDB) a rinne an taighdeoir i rith na scoilbhliana 2013-2014 in dhá bhunscoil atá lonnaithe i gCatagóir A de Ghaeltacht Chonamara. Bhí tuairimí Fishman agus údar eile mar é ina dtionchar mór ar dhearadh an taighde. Taighde praiticiúil agus comhoibríoch a bhí ann, áit ar dhear an taighdeoir idirghabháil oideachais agus teicneolaíochta i gcomhar le múinteoirí agus gasúir na scoileanna. Ba í sprioc na hidirghabhála ná na gasúir a spreagadh le déantáin ilmhódacha dhigiteacha a chruthú bunaithe ar acmhainní saibhre teanga ar nós chartlann RTÉ Raidió na Gaeltachta agus acmhainní a thóg na gasúir isteach iad féin le haghaidh digitithe. Bhí súil ag an údar go bhféadfadh an taighde tionchar dearfach a bheith aige ar thaithí foghlama na ngasúr seo, gasúir atá ag fás aníos i gceantair leochaileacha i gcomhthéacs a stádas mar cheantair ina bhfuil an Ghaeilge fós mar phríomhtheanga labhartha i measc an phobail.


## **Na Prionsabail Theoiriciúla a Phréamhaigh Dearadh na hIdirghabhála sa Taighde Seo**

Chomh maith le tuairimí Fishman, bhí dearadh na hidirghabhála préamhaithe i teoiric shoch-chultúrtha a deir go mbítear ag foghlaim i gcomhthéacsanna sóisialta, cultúrtha agus stairiúla (Vygotsky, 1978). Tá saothar Vygotsky tar éis tionchar mór a imirt ar thuiscintí maidir le cén chaoi a bhfoghlaímíonn daoine agus ar shruthanna taighde oideachais nua dá réir, ar nós ‘na litearthachtaí nua’ (Lankshear & Knobel, 2011; Street, 1998), ‘an fhoghlaim suite’ (Lave & Wenger, 1991), ‘scoileanna ag táirgeadh eolais’ (Bigum, 2002; Rowan & Bigum, 2010), ‘cistí eolais’ (González et al., 2013; Moll et al., 1992), ‘litríochtaí déantáin’ (Pahl & Rowsell, 2011) agus ‘téacsanna féiniúlachta’ (Cummins & Early, 2010).

Aithnítear sna réimsí seo freisin an ról dearfach is féidir leis an teicneolaíocht imirt iontu agus aithnítear é seo go heisiach i réimse ‘Na hEolaíochtaí Foghlama’ (Hoadley & Van Haneghan, 2012) agus i réimse eile atá gaolta leis, ‘An Foghlaim Chomhoibrítheach Tacaithe ag Ríomhairí’ (Dillenbourg & Fischer, 2007; Koschmann, 1993).

## Taighde Dearadh-Bhunaithe


Léiríonn Figiúr 1 an dearadh tosaithe a bhí againn don idirghabháil agus é préamhaithe sna teoricí thuasluaite (Mac Uidhílin, 2013). Rinneadh mionathruithe ar an dearadh de réir mar a cuireadh an idirghabháil i bhfeidhm go praiticiúil sa dá atriall den phróiseas taighde dearadh-bhunaithe nuair a bhí an taighdeoir ag obair ar bhonn comhoibríoch leis na múinteoirí agus leis na gasúir sa dá scoil (Kelly, 2006).



Figiúr 1: Na prionsabail (préamhaithe sa teoricí) a threoraigh an dearadh (Mac Uidhílin, 2013)

Cur chuige atriallach (Figíúr 2) é TDB atá dírithe ar idirghabháil shuntasach a fhorbairt i gcomhthéacs réalaíoch oideachais agus an taighdeoir ag comhoibriú leis na múinteoirí agus leis na gasúir (Anderson & Shattuck, 2012; Barab & Squire, 2004; Van den Akker et al., 2006). Is iad na torthaí a bhíonn ar TDB go hiondúil ná léargas nua ar na prionsabail deartha teoriciúla agus an idirghabháil í féin (Hoadley, 2006; McKenney et al., 2006).

De réir dea-chleachtas taighde dearadh-bhunaithe (Gravemeijer & Cobb, 2006), rinneadh na seisiúin ranga uile a thairfead agus ghlac an taighdeoir páirt ghníomhach in éineacht leis an múinteoir i gcur i bhfeidhm na hdirghabhála. Bailíodh go leor sonraí eile freisin trí ghrúpaí fócais a reáchtáil leis na gasúir, agallaimh a chur ar an múinteoir, dialann mhachnamhach a choinnigh an taighdeoir agus ar ndóigh na déantáin a chruthaigh na gasúir iad féin.



Figiúr 2: Cur chuige dearadh-bunaithe (Gravemeijer & Cobb, 2006)

## Insint na dTorthaí

Tá go leor plé i litríocht TDB maidir le giniúint torthaí ón iliomad sonraí a bhailítear mar chuid den phróiseas taighde agus freisin faoin gcaoi is fearr an bhearn idir an teoiric agus an phraitic a thrasnú. Is minic a léirítear torthaí taighde dearadh-bhunaithe i bhfoirm insinte. Ardaíonn sé seo ceisteanna maidir le modh léirmhíneithe an taighdeora agus le fírinneacht iomlán an scéil atá á insint aige (Kelly, 2004; Shavelson et al., 2003).

I measc na n-iarrachtaí atá déanta ar na ceisteanna seo a fhreagairt aithnítear insintí dearaidh (Hoadley, 2002; Mor, 2011; Mor & Warburton, 2014) mar mhodh atá faoi thionchar na feiniméaneolaíochta leis na sonraí a bhailítear mar chuid de TDB –

*The main argument in favour of design narratives is that they provide a “thick description” of the design experiment, allowing critics to assess the validity of the researchers’ claims, and trace them back to evidence. At the same time, design narratives provide sufficient contextual information for those who wish to conduct a similar experiment in proximal settings, be they fellow researchers or practitioners wishing to apply the research findings (Mor, 2011: 59).*

Bíonn na hinsintí seo sách saineiúil, áfach, don chomhthéacs ina bhfuil siad lonnaithe. Moltar pátrúin dearaidh agus cásanna todhchaí dearaidh (Mor, 2013; Mor et al., 2014) le teibíú a dhéanamh ar na hinsintí ionas gur féidir le dearadh a bheith níos inaistrithe go comhthéacsanna eile. Mar shampla, i gcás an taighde seo, chabhródh pátrúin dearaidh le scoileanna eile sa Ghaeltacht an tsamhail a forbraíodh a úsáid.

Tá an taighde seo idir lámha ag an údar faoi láthair agus tá insintí dearaidh atá bunaithe ar na sonraí a bailíodh forbartha ag an taighdeoir don dá atriall den idirghabháil. Tá an taighdeoir ag plé faoi láthair le forbairt na bpátrún bunaithe ar na hinsintí seo. San alt seo tugtar achoimre ar dhá ghné den insint a bhaineann le hAtriall 2 den taighde i bhfoirm dhá *vignette*<sup>1</sup>.

Insint ó dhearcadh an taighdeora atá sa chéad *vignette* agus insint ó dhearcadh na rannpháirtithe atá sa dara ceann. Molann Mor (2011) gur cheart insintí taighdeora a scríobh mar chuntais céad-phearsa ar thaithí agus ar bhreathnuithe an taighdeora agus molann sé freisin gur cheart insintí rannpháirtithe a scríobh mar chuntais tríú-phearsa bunaithe ar labhairt agus scríobh agus breithnuithe an taighdeora. Tá na moltaí seo curtha i bhfeidhm thíos.

## Atriall 1 – Scoil Chluain Locha<sup>2</sup>

I dtosach báire, ar mhaithe leis an gcomhthéacs a mhíniú, is fiú Atriall 1 den taighde a lua. Chaith mé 17 seisiún (2 uair an chloig an ceann) ag comhoibriú le Múinteoir Bríd agus gasúir ranganna 3-6 (naonúr gasúr ar fad) i Scoil Chluain Locha, scoil bheag bheirt oidí. Taighde taiscéalaíoch a bhí ann dom féin agus do mhuintir na scoile, áit ar chuir mé roinnt teicneolaíochtaí éagsúla ar fáil agus go leor saoirse do na gasúir déantáin dhigiteacha a chruthú. Ceann de na haidhmeanna a bhí le hAtriall 1 ná go dtreiseófaí an nasc leis an teaghlach agus leis an bpobal trí na déantáin a chur ar fáil ar líne.

Cuireadh críoch le hAtriall 1 ag ócáid cheiliúrtha, áit ar chuir na gasúir a gcuid déantán i láthair an phobail. Bhí an t-aiseolas ó na rannpháirtithe thar a bheith dearfach. Ina dhiaidh sin, rinne mé féin agus Múinteoir Bríd anailís ar na gnéithe ar éirigh go maith leo agus na cinn nár éirigh chomh maith sin leo agus d'aontaigh muid ar shamhail 6-7 seisiún a bheadh feiliúnach do bhunscoil eile i gCatagóir A.

1 **Nóta:** Tharla na heachtraí sa chur síos seo i ndáiríre thar cúpla seisiún ach tá dlús curtha leo ar mhaithe le cuntas beacht agus soléite a thabhairt.

2 **Nóta:** Ní úsáidtear fíorainmneacha ar bith sa phaipéar seo.

## Atriall 2 – Scoil Bharr na Leice

Cuireadh Atriall 2 den taighde ar bun i Scoil Bharr na Leice, scoil triúr múinteoirí, áit a raibh mé ag comhoibriú le Múinteoir Síle agus an 18 ngasúr i ranganna 5 agus 6.

Léiríonn an chéad *vignette* pictiúr den seomra ríomhaireachta i rith ceann de na seisiúin agus an cineál oibre a bhí ar bun ag na gasúir agus iad ag cruthú a gcuid ndéantán. Déanann sé tagairt siar do na seisiúin a chuidigh leo a gcuid téamaí a phiocadh. Díríonn an dara *vignette* ar ghasúr amháin, Tadhg, agus an chaoi a ndeachaigh an próiseas i bhfeidhm ar a chuid foghlama.












Roimh an dá *vignette* tugaim míniú ar fheidhm an bhogearra Photostory a bhí in úsáid acu leis na déantáin a chruthú agus bileog shioncrónaithe a forbraíodh thar an dá Atriall le tacú le forbairt na ndéantán.

## Photostory agus an Bhileog Shioncrónaithe

Ligeann Photostory don úsáideoir seicheamh pictiúr a léiriú mar thionlacan le do phársa fuaime (nó pársa fuaime a thaifead mar thionlacan le do sheicheamh pictiúr). Tá roinnt féidearthachtaí eile ag Photostory le cur leis an déantán. Is féidir éifeachtaí a chur i bhfeidhm ar na híomhánna (dubh & bán, réscáipeadh, srl.), téacs a chur sa mhullach orthu, éifeachtaí trasdula a ionchur eatarthu, ‘beochain’ shimplí a chur i bhfeidhm (gluaiseacht trasna agus zúmáil). Bíonn dhá fhuaimrian aige – ceann den ghlór-rian réamhshocráithe (a ndéantar taifead air le micreafón go hionduil) agus ceann den cheol-rian. Ní úsáidtear an ghlór-rian rómhínic le haghaidh na ndéantán agus úsáidtear an cheol-rian don mhír raidió.

D’aithin mé féin agus an múinteoir i rith Atriall 1 gur cuidiú mór a bhí ann na gasúir a chur ag machnamh ar na cineálacha pictiúir a bhí uathu do na háiteanna san fhuaim inár tharla athrú sa scéal nó sa chaint. Ligeann Photostory don úsáideoir an fad a mhaireann gach pictiúr a chlárú (i bhfoirm milleasoicind) agus d’aithin muid go gcabhraíonn sé seo go mór brí a bhaint as na déantáin má bhíonn siad seo cruinn.

Réitigh mé déantán digiteach ‘eiseamláireach’ i Photostory dóibh agus scaip mé bileoga shioncrónaithe a lean an amlíne a bhí aige (féach thíos). Lean siad an bhileog seo nuair a bhí an déantán á thaispeáint agam ar an teilgeoir. Chruthaigh mé an dá rud mar scafall dóibh agus iad ag tabhairt faoina gcuid déantán féin a fhorbairt. Ceann de na cinntí a rinne mé ná an méid scríbhneoireachta a bhí le déanamh a choinneáil chomh híseal agus ab fhéidir, is chuige sin a d’úsáid mé deilbhíní sa bhileog seachas focail ar nós ‘zúmáil isteach’, srl.

Am	Pic	Nótaí
o	Oileán iomlán slua	→ agus 
33	Teampall	 teampall
44	Altóir	 sagart
55	Oileán dorcha	‘chalk and charcoal’ →
1:00	Seán Cheoinín	Téacs bán ‘Seán Ó Ceoinín’ 
1:05	Barr an Oileáin	‘sepia’  Barr
1:10	Radharc le bád	‘sepia’ 
1:15	Mapa	Ó Chruach na Cara  agus ↯ go dtí Na Cruacha agus Cruach na Caoile
1:31	Cruach na Caoile 1	←
1:38	Cruach na Caoile 2	→
1:45	Mapa	Ó Chruach na Cara → go dtí Oileán Máisean
1:54	Oileán Máisean 1	 ón teach tréigthe
2:12	Mapa	Cruach na Cara + Oileán Máisean  Oileán Aimhréidh + Oileán Muirleach
2:24	Oileán Máisean 2	 ó na tithe tréigthe
2:33	Trá + Teampall	
2:38	Teampall luí na gréine	↯ +
2:44	Deireadh	

Tábla 1: An Bhileog Shioncrónaithe bunaithe ar dhéantán eiseamláireach

## Vignette 1 – Dlúthphictiúr de cheann de na seisiúin i dtreo dheireadh Atriall 2

Tá na gasúir ag obair inniu ar a gcuid ndéantán a fhorbairt i Photostory. Chuir siad tús leis an obair an tseachtain seo caite nuair a phioc siad a gcuid míreanna ón rogha a chuir mé ar fáil dóibh sa néalchuntas (mínte thíos). Roghnaigh mé na míreanna bunaithe ar an mapa coincheapa a d’fhorbair na gasúir liom i rith na tobsmaointeoireachta a rinne muid i Seisiún 1 – seisiún inár thapaigh siad an deis

go leor eolais taisce a roinnt liom féin agus leis an múinteoir. Luaigh Múinteoir Síle cé chomh sásta is a bhí sí leis an seisiún sin agus an oiread a d'fhoghlaim sí faoin gceantar (is as ceantar eile di).

D'úsáid mé ainmneacha na ndaoine, na logainmneacha agus ainmneacha na bhféilte, srl. a chuir siad ar an mapa coincheapa mar théarmaí cuardaithe i mbunachar sonraí na cartlainne raidió. D'éist mé ansin leis na cláir agus ghearr mé amach míreanna a bhraith mé a chomhlíon a gcuid riachtanas agus a mhair idir 1-3 nóiméad ar fhad. Rinne mé iad a uaslódáil ansin go dtí néalchuntas na n-acmhainní ionas go mbeadh siad ar fáil dóibh ar scoil nó sa bhaile.

Tá na hacmhainní ar fad – na hirisleabhair bhliantúla a thug na gasúir isteach agus a scan mé, na míreanna fuaime, na híomhánna agus na déantáin iad féin – uaslódáilte agam go dtí néalchuntas scoile a bhfuil fáil ag na gasúir ar fad air. Shuiteáil mé feidhmchlár a dhéanann sioncrónú idir na sonraí sa néalchuntas agus an diosca crua ar gach ríomhaire. B'éigean dom é seo a dhéanamh in Atriall 1 de bharr fadhbanna a bhain leis an gceangal leathanbhanda (é mall agus ag cliseadh ró-mhínic le brath air). Tá sé tugtha faoi deara agam go bhfuil a macasamhail d'fhadhbanna ag baint leis an leathanbhanda i mBarr na Leice freisin ach ní chuirtear isteach ar na seisiúin de bharr an fheabhais seo i ndearadh na hidirghabhála. Deir an múinteoir go bhfuil sé níos éasca ranganna a reáchtáil sa seomra ríomhaireachta de bharr nach gá do na gasúir suí ag an ríomhaire céanna gach uair.

Tá cuid de na gasúir tar éis a bheith ag taispeáint na n-irisleabhar agus ag seinm na míreanna raidió sa bhaile tríd an mbrabhsálaí ar a gcuid ríomhairí nó trí aip a shealbhú ar a gcuid táibléad iOS nó Android. Tá sé ráite ag cuid acu nach seinntear gach comhad meán i gceart leis na haipeanna seo, ach is feabhas mór é seo ar an modh roinnte a bhí in úsáid ag an tús in Atriall 1. Thosaigh muid amach le *Wiki* ansin ach bhí go leor deacrachtaí ag na gasúir agus iad ag plé leis ar a gcuid táibléad sa bhaile.

Ba iad na gasúir a shocraigh an oibreodh siad astu féin nó i ngrúpaí agus phioc siad mír fuaime as na roghanna a chuir mé ar fáil dóibh bunaithe ar na hábhair spéise a bhí acu. Is é an dushlán atá rompu anois ná pictiúir fheiliúnacha a aimsiú le dul leis an mír fuaime atá roghnaithe acu. Chuige sin, beidh orthu éisteach leis an mír go grinn agus an bhileog shioncrónaithe a líonadh amach, áit a ndéanfaidh siad nóta de na pointí san fhuaim (le cód ama ss.0) ina n-athraíonn an cur síos sách mór gur fiú pictiúr nua a chur isteach. Déanfaidh siad nóta freisin den chineál pictiúir atá siad ag iarraidh a aimsiú agus má tá aon éifeacht físe le cur i bhfeidhm i Photostory (as na cinn a thaispeáin mé dóibh sa rang).

Leag mé amach an seomra ríomhaireachta chomh maith agus ab fhéidir le tacú le hobair ghrúpa ach tá easpa spáis ann i gcónaí – tá na ríomhairí deisce in aghaidh an bhalla in úsáid le haghaidh na ndéantán aonarach agus tá trí ríomhaire i lár an tseomra do na trí ghrúpa is mó.

Tá Ciarán, Cian agus Dara ag obair ar thrí bhailiúchán grianghraf a tógadh ar Chruach na Cara ar Lá Mhic Dara agus iad ag iarraidh codanna den oileán a aithint bunaithe ar an bplé a rinne triúr fear áitiúil i gclár faisnéise faoi atógáil Shéipéal Mhic Dara ar an oileán i 1976.

Tá Siobhán, Róisín agus Dónal ag obair ar agallamh a rinne Siobhán a thaifead lena seanmháthair faoi bheith ag fás aníos ar an Oileán Mór, oileán atá tréigthe anois.

Tá Íde ag iompórtáil íomhánna dá sin-seanathair a fuair sí in irisleabhar bliantúil a thóg duine de na gasúir isteach agus a rinneadh digitíú air. Damhsóir mór le rá a bhí ann agus tá sí ag iarraidh pictiúir a d'aimsigh sí a shioncronú leis na giotáí as an mír raidió ina bhfuil sé ag caint faoi na comórtais damhsa a ghnóthaigh sé nuair a bhí sé óg. Tá éifeacht dhubh agus bhán curtha i bhfeidhm aici ar íomhánna daite den cheantar chun cuma níos sine a chur orthu.

Tá Pádraic, Oscar agus Marcus ag iompórtáil íomhánna ó na hirisleabhair freisin le tionlacan a thabhairt d'amhrán a scríobhadh 40 bliain ó shin chun bua mór a bhí ag an bhfoireann peile áitiúil a cheiliúradh. Imríonn siad ar fad don fhoireann faoi-12 agus is é sin an fáth ar phioc siad an t-ábhar seo.

Shocraigh Máire ar dhéantán faoi '*nephew* mo Mhamó' (mar a thug sí air) a oirníodh mar easpag i Sasana le gairid. Thóg sí roinnt pictiúr isteach ón mbaile a rinne mé a scanáil di agus a chuir mé ar fáil ar an néalchuntas di agus tá sí á meascadh anois le hagallamh a rinneadh leis an easpag nua cúpla mí ó shin.

Bogann Múinteoir Síle ó Mháire le feiceáil cén chaoi a bhfuil ag éirí le Tadhg. Tá sé ag streachailt agus é ag iarraidh líne as amhrán atá á chasadh ag a sheanathair a thuiscint. Faigheann Síle scarthóir fuaimne ón mbosca trealaimh ionas gur féidir léi a cuid cluasáin a cheangal le héisteacht in éineacht leis gan cur isteach ar an rang. Pléifear scéal Thaidhg níos mine i *vignette* 2.

Tá formhór na bpáistí ag úsáid míreanna ón raidió don fhuaim ina gcuid ndéantán ach mhínigh mé dóibh go mbeadh fáilte rompu na taifeadáin MP3 a thógáil ar iasacht dá mbeadh siad á n-iarraidh agus dá mbeadh aon duine sásta dul faoi agallamh sa bhaile.

In Atriall 1, bhí drogall ar na gasúir iad féin ná a muintir a thairfead agus bhí an chosúlacht ann gurbh amhlaidh an cás i mBarr na Leice go dtí gur léirigh Siobhán go mbeadh suim aici a seanmháthair a chur faoi agallamh. Duine as beirt í Siobhán (Róisín an cailín eile) a bhí an-spreagtha ón tús déantán a chruthú faoin Oileán Mór. Col seisreacha iad Siobhán agus Róisín agus d'fhás a gcuid seanmháithreacha aníos ar an oileán. Bhailigh an bheirt chailíní go leor eolais ar pháipéar ar dtús ach ansin shocraigh Siobhán liosta ceisteanna a scríobh amach agus a seanmháthair a chur faoi agallamh.

Tar éis do Shiobhán a shocrú go dtabharfadh sí faoi seo, léirigh triúr eile spéis an rud céanna a dhéanamh sa bhaile. Chuir mé traenáil ar an gceathrar acu cén chaoi na taifeadán a láimhseáil i gceart, ach ar deireadh níor éirigh ach le Siobhán agus le Lorcán taifead baile a dhéanamh.

Le cúnámh óna thuismitheoirí, scríobh Lorcán script bheathaisnéiseach amach faoi ghaol leis a imríonn ar fhoireann sacair ban na hÉireann agus rinne sé taifead air féin sa bhaile á léamh. Tá sé féin agus Stiofán ag cuardach ar líne anois le haghaidh pictiúr le cur in éineacht leis an scéal.

Arís, chríochnaigh an atriall le hócáid sa scoil agus tugadh cuireadh do mhuintir na ngasúr teacht isteach le breathnú ar shaothar na ngasúr. Tháinig siad agus bhí bród agus mórtas le feiceáil in aghaidheanna na ngasúr nuair a chuir siad a gcuid oibre i láthair an phobail.

## ***Vignette 2 – Tadhg – Mo Dhaideo***

Is buachaill i rang 5 é Tadhg. Roghnaigh sé a sheanathair mar théama dá dhéantán. D'aimsigh mé go leor míreanna ón gcartlann ina raibh a sheanathair ag casadh amhrán – ar an árdán, sa stiúdeo, srl. Sa sheisiún grinnéisteachta, thug mé clár dó a chraoladh in ómós dá sheanathair nuair a cailleadh é agus thaitin píosa amháin leis ina raibh a sheanathair ag casadh 'Pota Mór Fataí'.

Luaigh an múinteoir liom cheana nach mbíonn spéis ag Tadhg i dtascanna athchleachtacha go hiondúil – is fearr leis bogadh ar aghaidh go dtí an chéad rud eile. Nuair a bhí sé ag obair ar a dhéantán, áfach, bhí sé an-díograiseach go deo in aineoinn nach raibh caighdeán na fuaime ró-iontach le hais cuid de na taifid eile. Nuair a phléigh mé é seo leis an múinteoir i ndiaidh an tseisiúin, bhí muid beirt tar éis é seo a thabhairt faoi deara (S = Siobhán, T = Taighdeoir):

- S: *...níor stop sé...ó shuí sé síos ansin ...agus ní hamháin sin...is fear freisin é... má tá rud déanta, tá sé déanta...agus sin, sin...agus imíonn sé ar aghaidh go dtí an chéad rud eile...bhfuil a fhios agat?*
- S: *...ach choinnigh sé ai ...ag dul siar...ag seiceáil an raibh an t-am díreach ceart...ar na pictiúirí ...agus ag athrú má bhí ...má bhí siad amach cúpla soicind nó...like, bhí an oiread...*
- T: *...agus bhí an oiread bróid...bhí go leor [bróid]...*
- S: *... [bród]...sin rud eile...bhí sé ag fiafraí díom...an mbeadh sé in ann é a chur ar USB...mar tá sé ag iarraidh é a thaispeáint sa mbaile...*
- S: *...tá sé ag iarraidh é a thabhairt...tá sé ag iarraidh é a **bhronnadh** ar a Mhamó, so...bhfuil a fhios agat...*

Bhí sé ag éisteacht chomh grinn agus chomh minic sin leis an amhrán gur thug muid beirt faoi deara go raibh sé á chasadh i ngan fhios dó féin i lár an tseisiúin. Sa chomhrá i ndiaidh an tseisiúin thug an múinteoir le fios go raibh sé á chasadh ag dul amach an doras dó:

- S: *...bhí sé ...chomh bródúil as.. agus, mmm...ansin, é á chasadh ag dul amach an doras ...so, tá amhrán pioctha suas aige...amach as freisin...bhfuil a fhios agat an chaoi sin?...mar ní raibh a fhios aige na focla roimhe seo...*
- T: *...bhfuil tú i ndáiríre?...*
- S: *.. yeah...no, ní rabhas ...mar d'iarr sé orm na focla ...ar maidin...inniu...*
- S: *...agus fú Tadhg ansin, bhí sé in ann an t-amhrán a chasadh agus é ag dul abhaile lá amháin ...you know...sin fianaise go raibh go leor foghlamtha aige sin...*

Léiríonn Tábla 2 struchtúr an déantáin a chruthaigh Tadhg.

Am	Pointí athraithe san fhuaimriain	Na hÍomhánna	Éifeacht
00:00	iarrann an láithreoir air píosa den amhrán a chasadh	cartún d'fhigiúr dearg le micreafón	zúmáil isteach ar an micreafón
00:07	luann an láithreoir ainm a sheanathair	pictiúr dá sheanathair nuair a bhí sé ní b'óige in éineacht lena iníon	zúmáil isteach ar a sheanathair
00:10	luann an láithreoir 'an pota mór fataí' agus tosaíonn sé ag casadh go gairid ina dhiaidh sin...'Tá pota mór fataí ag Pádraig An Rí, srl...'	grianghraf de phota fataí	zúmáil amach go mall ó lár an phota
00:44	... 'Is a bhó, a bhó, a bhó mo lao, srl.' ... an léamh atá ag Tadhg atá ar líne ... atá chuile sheans ina líne raiméiseach leis an bhfonn a shíneadh amach	grianghraf de lao	zúmáil amach ón lao
00:55	... 'cuirfidh mé cóiste'	grianghraf de sheanbhean ag gáire	zúmáil ar dheis
01:06	... 'óra seanphota gliomach'...	grianghraf barúil – gasúr óg gléasta mar ghliomach agus é suite istigh i bpota mór	zúmáil amach
01:11	...'Is a bhó, a bhó, a bhó mo lao'...	grianghraf de lao eile	zúmáil ar chlé
01:20	...'is maith Muintir Uaithnín ag ól a gcuid tae, ...'	cartún d'uan agus cupán tae	zúmáil amach
01:44	...críochnaíonn an t-amhrán agus laghdaíonn an fhuaim go réidh	grianghraf dá sheanathair nuair a bhí sé ní ba shine	téacs mór dearg curtha isteach ' <b>Mo Dhaideó: ((Ainm a sheanathair))'</b>

Tábla 2: Struchtúr Dhéantáin Thaidhg

## Conclúid

Nuair a bhí an taighde seo á phleanáil i dtosach báire, bhí téarmaí ar nós sealbhú teanga agus saibhriú teanga in úsáid. Bhí na téarmaí seo sách trioblóideach do thaighdeoir nach bhfuil cúla teangeolaíochta aige de bharr na tuisceana go bhfuil tomhas de shaghas éigin ag teastáil le sealbhú nó le saibhriú a mheas. Tháinig an téama ‘athshondas’ aníos i rith plé le mo chuid comhghleacaithe le cur síos a dhéanamh ar an gcineál ceangal a bhí á gcruthú ag na gasúir leis na míreanna cartlainne a mbíodar ag glacadh úinéireachta orthu tríd an ngrinnéisteacht, an sioncrónú agus an t-athmheascadh a bhí ar bun acu agus iad ag cruthú a gcuid déantán digiteach. Maím mar sin gur chothaigh an idirghabháil an t-athshondas teanga i measc na ngasúir agus iad ag roghnú, ag éisteacht le, agus ag cruthú déantán nua as acmhainní dílse ó chartlanna raidió agus ó acmhainní a thóg siad isteach ón mbaile. Maím freisin gur fheidhmigh an teicneolaíocht mar éascaitheoir leis na déantáin seo a chruthú agus a chraobhsaoileadh agus gur ábhar bróid a bhí san aiseolas dearfach a fuair na gasúir nuair a léirigh siad a saothar os comhair a muintire agus os comhair an phobail agus go mbeidh na DVDanna a fuair siad ina meabhrúchán buan dóibh air seo.

Bhí na hócáidí ceiliúrtha agus foilsíú na DVDanna mar bhuaicphointí an dá atriall a bhí faoi bhráid na hidirghabhála seo. Tá na déantáin a cruthaíodh cosúil le téacsanna féiniúlachta (Cummins & Early, 2010) áit ar féidir leis an teicneolaíocht feidhmiú mar aimplitheoir le tacú le hinfheistiú na féiniúlachta i ndéantáin dhílse agus áit a mbíonn aischothú dearfach mar thoradh air seo nuair atá lucht féachana i gceist.

Cé go raibh dúshláin ag baint leis an idirghabháil seo, dúshláin theicniúla den chuid ba mhó a bhí iontu agus sáraíodh iad sin i rith na n-atriallacha. Maím má chuirtear an tacaíocht chuí ar fáil, is idirghabháil í seo atá inaistrithe go scoileanna eile i gceantair Chatagóir A sa Ghaeltacht agus is athshondas teanga i measc na glúine óige agus mórtas pobail a bheidh mar thoradh air nuair a chuirtear i bhfeidhm é.

## Buíochas

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na múinteoirí, leis na gastúir agus leis na tuismitheoirí sa dá scoil a bhí ag comhoibriú liom leis an taighde seo. Tá buíochas freisin ag dul do mhúinteoirí agus d'oideachasóirí eile a chuidigh go mór liom sa phróiseas réamhthaighde i scoileanna éagsúla sa Ghaeltacht. Tá buíochas freisin ag dul don Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta a chuir maoiniú ar fáil le tacú leis an taighde seo, do mo stiúrthóirí Tony Hall agus Fíona Concannon as ucht a gcuid aiseolais luachmhair, agus do mo chuid comhghleacaithe agus iarchomhghleacaithe eile in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge as ucht na tacaíochta a fhaighim uathu.

## Leabharliosta

### Leabhair

- Cummins, J. & Early, M., (2010) *Identity Texts: The Collaborative Creation of Power in Multilingual Schools*. Stoke-on-Trent: Trentham Books.
- Fishman, J.A., (1991) *Reversing language shift: Theoretical and empirical foundations of assistance to threatened languages*. Clevedon: Multilingual matters.
- González, N., Moll, L.C. & Amanti, C., (2013) *Funds of knowledge: Theorizing practices in households, communities, and classrooms*. New York: Routledge.
- Lankshear, C. & Knobel, M., (2011) *New literacies: Everyday practices and social learning*. New York: McGraw-Hill International.
- Lave, J. & Wenger, E., (1991) *Situated learning: Legitimate peripheral participation*. Cambridge, MA: Cambridge university press.
- Mor, Y., Mellar, H., Warburton, S. & Winters, N., (2014) *Practical Design Patterns for Teaching and Learning with Technology*. Rotterdam, NL: SensePublishers.
- Van den Akker, J., Gravemeijer, K., McKenney, S. & Nieveen, N., (2006) *Educational design research*. London: Routledge
- Vygotsky, L.S., (1978) *Mind and society: The development of higher mental processes*. Cambridge, MA: Harvard University Press.

**Ailt/Caibidlí**

- Anderson, T. & Shattuck, J., (2012) 'Design-Based Research A Decade of Progress in Education Research?' *Educational Researcher* 41, 16-25.
- Barab, S. & Squire, K., (2004) 'Design-based research: Putting a stake in the ground', *Journal of the Learning sciences* 13, 1-14.
- Bigum, C., (2002) 'The knowledge producing school: Rethinking computing and communication technologies in schools', *Professional Voice* 2, 1-3.
- Dillenbourg, P. & Fischer, F., (2007) 'Computer-supported collaborative learning, The basics', *Learning* 21, 111-30.
- Gravemeijer, K. & Cobb, P., (2006) 'Design research from a learning design perspective', I: Van den Akker, J., Gravemeijer, K., McKenney, S. & Nieveen, N. (eag.) *Educational design research*. London: Routledge, 17-51.
- Hoadley, C. & Van Haneghan, J.P., (2012) 'The Learning Sciences: Where They Came From and What It Means For Instructional Designers', I: Reiser, R. A. & Dempsey, J. V. (eag.), *Trends and Issues in Instructional Design and Technology* (3<sup>rd</sup> ed.). New York: Pearson, 53-63.
- Kelly, A.E., (2006) 'Quality criteria for design research', I: Van den Akker, J., Gravemeijer, K., McKenney, S. & Nieveen, N., (eag.). *Educational Design Research*. London: Routledge, 107-18.
- Kelly, A.E., (2004) 'Design Research in Education: Yes, but is it Methodological?' *Journal of the Learning Sciences* 13, 115-28.
- Koschmann, T.D., (1993) 'Introduction: Toward a Theory of Computer Support for Collaborative Learning', *Journal of the Learning Sciences* 3, 219-25.
- Mac Uidhílin, N., (2013) 'Learning Communities Mediated through Technology: Pedagogic Opportunities for Minority Languages', I: Jones, E. H. G., & Uribe-Jongbloed, E. (eag.) *Social Media and Minority Languages: Convergence and the Creative Industries* Clevedon: Multilingual Matters, 146-59.

- McKenney, S., Nieveen, N. & van den Akker, J., (2006) 'Design research from a curriculum perspective', I: Van den Akker, J., Gravemeijer, K., McKenney, S., Nieveen, N., (eag.). *Educational Design Research*. London: Routledge, 67-90.
- Moll, L.C., Amanti, C., Neff, D. & Gonzalez, N., (1992) 'Funds of knowledge for teaching: Using a qualitative approach to connect homes and classrooms', *Theory into practice* 31, 132-41.
- Mor, Y., (2013) 'SNaP! Re-using, sharing and communicating designs and design knowledge using Scenarios, Narratives and Patterns', I: Luckin, R., Puntambekar, S., Goodyear, P., Grabowski, B. L., Underwood, J. & Winters, N. (eag.) *Handbook of Design in Educational Technology*. London: Routledge, 189-200.
- Pahl, K.H. & Rowsell, J., (2011) 'Artifactual Critical Literacy: A New Perspective for Literacy Education', *Berkeley Review of Education* 2.
- Rowan, L. & Bigum, C., (2010) 'At the hub of it all: Knowledge-producing schools as sites for educational and social innovation', I: Clandfield, D. & Martell, G. (eag.), *The School as Community Hub: Beyond Education's Iron Cage* Ottawa: Canadian Centre for Policy Alternatives, 185-203.
- Shavelson, R.J., Phillips, D.C., Towne, L. & Feuer, M.J., (2003) 'On the science of education design studies', *Educational researcher* 32, 25-8.
- Street, B., (1998) 'New Literacies in Theory and Practice: What are the implications for language in education?' *Linguistics and Education* 10, 1-24.

## **Agallaimh**

- Hoadley, C., (2006) The Unique Attributes of Design-based Research, Agallamh ag an AERA International Convention, Ar fáil: <http://dbr.coe.uga.edu/expertinterview.htm> [Dáta rochtana 19/02/2015]

## **Tuarascálacha**

- MacDonnacha, D., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghda, A. & Ní Mhainín, T., (2005) *Staid reatha na scoileanna Gaeltachta/A study of Gaeltacht schools*. Baile Átha Cliath: COGG.

- Ó Giollagáin, C., Mac Donnacha, S., Ni Chualáin, F., Ni Shéaghdha, A. & O'Brien, M., (2007) *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Príomhthátaí agus Moltaí*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Péterváry, T., Ó Curnáin, B., Ó Giollagáin, C. & Sheahan, J., (2014) *Iniúchadh ar an gCumas Dátheangach: An sealbhú teanga i measc ghlúin óg na Gaeltachta*. Baile Átha Cliath: COGG.

### **Imeachtaí Comhdhála**

- Hoadley, C.P., (2002) Creating context: Design-based research in creating and understanding CSCL, in: Proceedings of the Conference on Computer Support for Collaborative Learning: Foundations for a CSCL Community. International Society of the Learning Sciences, 453-62.
- Mor, Y., (2011) Design narratives: an intuitive scientific form for capturing design knowledge in education, in: The 6th Chais Conference on Instructional Technologies Research. 57-63.
- Mor, Y. & Warburton, S., (2014) Assessing the value of design narratives, patterns and scenarios in scaffolding co-design processes in the domain of technology enhanced learning, in: Bayne, S., Jones, C., de Laat, M., Ryberg, T., Sinclair, C. (Eds.), Proceedings of the 9th International Conference on Networked Learning.



## Tionchar Phróifil an Fhoghlaimeora Teanga ar Shealbhú na Gaeilge

*Belinda McHale & Lisa Ní Fhlatharta*

<https://doi.org/10.13025/2gyw-ak60>

### Comhthéacs an Taighde

Tá go leor gnéithe éagsúla a chaithfear a chur san áireamh sa rang teanga, gnéithe a éascaíonn an próiseas foghlama agus a mheallann an foghlaimeoir chun páirt ghníomhach agus féinriartha a ghlacadh san fhoghlaim sin. Leagtar go leor béime sa lá atá inniu ann ar mhúnlaí agus ar theoiricí sealbhaithe teanga chun a leithéid a bhaint amach go rathúil. Mar sin féin, bíonn tionchair sheachtheangeolaíochta ann freisin a chruthaíonn bac nó constaic do go leor foghlaimeoirí: imní, faitíos agus féineacht teanga (*language ego*) an fhoghlaimeora, an tionchar a bhíonn ag na nithe seo ar straitéisí foghlama agus ar shealbhú rathúil na teanga, mar aon leis an gcaidreamh a bhíonn ag an bhfoghlaimeoir aonair leis an teagascóir agus lena chomhfhoghlaimeoirí araon. Déanfar iniúchadh sa pháipéar seo ar ghrúpa foghlaimeoirí ag leibhéal B1 de Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (leibhéal tairsí) agus scrúdófar tionchar a gcuid próifíli teangeolaíochta ar shealbhú na Gaeilge. Is cúrsa cumarsáideach é an Diplóma sa Ghaeilge (B1) ina ndéantar na scileanna atá insealbhaithe ag an bhfoghlaimeoir cheana a fhorbairt agus a leathnú ionas go mbeidh ar a chumas é féin a chur in iúl go sásúil i réimse níos leithne comhthéacsanna (OÉ Gaillimh, 2012). Díreofar ar na gnéithe

seachtheangeolaíochta a d'fhéadfadh cur isteach ar rathúlacht an tsealbhairthe teanga, ar thábhacht na timpeallachta foghlama agus ar ról an teagascóra sa phróiseas sealbhaithe teanga.

Baineadh feidhm as cás-staidéar mar mhodheolaíocht chun an taighde seo a chur i gcrích toisc go n-éascaíonn sé iniúchadh a dhéanamh ar phróifíl ghrúpa beag foghlaimeoirí teanga mar aon le dinimicí na timpeallachta foghlama a scagadh go mion (Denscombe, 1998: 31). Chuathas i muinín chomhairle an údair thuas in athuir, áit a maíonn sé:

*Researchers can make the strategic decision to concentrate their investigation on one or a few cases in order to allow greater depth to their research, more attention to the dynamics of the situation, better insights that come from a detailed knowledge and understanding of a specific example (Denscombe, 2010: 186).*

Mar mhodhanna taighde, dáileadh ceistneoirí ar na rannpháirtithe, baineadh úsáid as cáipéisíocht oifigiúil de chuid an Diplóma (B1), agus reáchtáladh seisiúin aiseolais fhoirmithigh go leanúnach sna ranganna freisin. Caitheadh trí sheimeastar i mbun breathnóireachta leis an ngrúpa atá anois sa dara bliain B1 agus seimeastar amháin i gcás iad siúd atá sa chéad bhliain faoi láthair, agus is iad beirt údar an ailt seo atá ag teagasc ar an gcúrsa. Dáileadh ceistneoirí ar 19 nduine ón gcéad agus ón dara bliain B1 araon agus rinneadh 13 cinn díobh sin a chomhlánú.

Mar chuid de spriocanna foghlama an Diplóma sa Ghaeilge (B1), luaitear go mbeidh ar chumas an mhic léinn é féin a chur in iúl i suíomhanna a bhfuil an Ghaeilge mar theanga chumarsáide iontu; a chuid tuairimí faoi ábhair éagsúla a chur in iúl go soiléir; spriocanna foghlama a leagan amach dó féin agus féintreoir i leith fhoghlaim na teanga a chothú (OÉ Gaillimh, 2012). Scrúdófar na spriocanna seo i gcomhthéacs eispéireas foghlama na rannpháirtithe agus déanfar tuairimí agus féinanailís na bhfoghlaimeoirí seo a scagadh i gcomhthéacs na trialach pearsantachta, *Myers-Briggs Type Indicator* (a ghlaofar MBTI air as seo amach) a foilsíodh den chéad uair i 1962. Bunaíodh MBTI ar theoric na dtréithe síceolaíochta a chuir an síciatraí Eilvéiseach, C.G. Jung, i láthair sna fichidí (Myers & Briggs Foundation, 2015: ar líne). Is ó pheirspictíocht an fhoghlaimeora eisdírithigh agus indírithigh a luaitear i MBTI a bheidh go leor den anailís bunaithe.

## An Timpeallacht Foghlama i gcomhthéacs Theoiric an tSealbhaithe Teanga

Mar a luadh thuas, tá an-tábhacht ag baint le múnlaí agus teoiricí sealbhaithe teanga i láthair na huairé agus déantar tagairt go minic do mhúnla Krashen (1982), nó Múnla an Mhonoratóra (*Monitor Model*), mar a thugtar air. Mar chuid den mhúnla seo<sup>1</sup>, molann Krashen gur cheart go mbeadh an teagascóir ar an eolas faoi hipitéis an scagaire mhothaithigh, ar mhaithe leis an timpeallacht chuí foghlama a chothú d'fhoghlaimoirí. Éascaíonn timpeallacht ina bhfuil leibhéal íseal buartha agus cosantachta sealbhú teanga, áit a bhfuil an *'affective filter'* nó an scagaire mothaitheach íseal. Is éard atá i gceist leis an scagaire mothaitheach *'metaphorical barrier that prevents learners from acquiring language even when appropriate input is available. "Affect" refers to feelings, motives, needs, attitudes, and emotional states'* (Lightbrown & Spada, 2011: 36). Breathnófar níos mine air seo arís, áit a bpléifear tionchar an scagaire seo ar rannpháirtithe an taighde.

Tráchtann Ehrman (luaite in Lightbrown & Spada, 2011) ar ghné mhothaitheach eile a chaithfear a chur san áireamh i ndioscúrsa an tsealbhaithe teanga agus é ag scagadh choincheap na féineachta teanga. Pléann sé na teorainneacha féineachta teanga a bhíonn ag an bhfoghlaimoir. Maíonn sé go mbíonn féineacht teanga níos láidre ag foghlaimoirí faoi leith agus go mbíonn féineacht níos laige ag foghlaimoirí eile. Cé nach bhfuil aon fhianaise ann a léiríonn go bhfuil ceachtar den dá fhéineacht níos tairbhí, níos fiúntaí ná níos rathúla ná a chéile i bpróiseas an tsealbhaithe teanga, áitíonn Ehrman go mbíonn ar an bhfoghlaimoir leochaileach agus ilchiallach, a bhfuil féineacht teanga níos laige aige, bealaí éagsúla a aimsiú chun a chuid spriocanna teanga a bhaint amach. Is de bharr na héagsúlachta seo a bhíonn ar an teagascóir a bheith airdeallach agus feasach ar fhéineacht teanga uathúil na bhfoghlaimoirí chun freastal ar na sainriachtanais foghlama atá acu.

Soiléiríonn Swain tábhacht an aschuir theanga sa phróiseas foghlama: (a) trí labhairt na sprioctheanga, is féidir le foghlaimoirí botúin a thabhairt faoi deara; (b) is deis é an t-aschur chun an teanga a thriail agus a choisteáil; (c) is bealach é le machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas foghlama agus ar a ndul chun cinn féin (1985). Bunaíonn Long a mhúnla sealbhaithe teanga féin, Hipitéis na hIdirghníomhaíochta (1983 & 1996), ar an teoiric seo, hipitéis a eascraíonn as peirspictíocht na cogaíochta agus an tógachais. Molann sé go

<sup>1</sup> Tá cúig hipitéis éagsúla mar chuid den mhúnla seo ach níltear ach ag díriú ar cheann amháin go príomha sa taighde seo.

bhfuil idirghníomhaíocht chumarsáideach éigeantach i gcomhthéacs shealbhú an dara teanga agus tá sé thar a bheith tábhachtach don teagascóir teanga a bheith ar an eolas faoin teoiric seo agus í i mbun gníomhartha cumarsáide sa rang. Is i gcomhthéacs an dá mhúnla sealbhaithe teanga thuas mar aon leis an triail phearsantachta, MBTI, a dhéanfar próifíl na bhfoghlaimeoirí teanga a scagadh anois chun tionchar a gcuid pearsantachtaí ar shealbhú na Gaeilge a mheas.

### **Féinanailís na bhFoghlaimeoirí**

Nuair atáthar ag trácht ar urchoilleadh agus ar choincheap na féineachta teanga, deirtear: *'Anyone who has learned a foreign language is acutely aware that second language learning actually necessitates the making of mistakes. But mistakes can be viewed as threats to one's ego'* (Lightbrown & Spada, 2011: 159). Tá sé suntasach gur chuir seachtar foghlaimeoirí as trí rannpháirtí dhéag a raibh teangacha Eorpacha eile sealbhaithe acu in iúl nár chuidigh an réamhthaithí a bhí acu ar shealbhú teangacha leo agus iad ag foghlaim na Gaeilge. Luaigh siad:

*'I tend to avoid conversations a lot as I do not feel that confident with them'.*

*'[I'm] often afraid of being wrong'.*

*'I don't feel I know enough – I'm too paralysed to speak'.*

*'For the most part I would be very conscious and wary of making mistakes, but I feel very comfortable in the B1 class and more willing to take risks'.*

*'I do not feel very confident speaking and do not push myself'.*

Dar le Boud: *'we must explore experience in order to learn new things from it'* (luaite in Bransford et al, 2000: 10), ach ní thagann an seachtar rannpháirtithe thuas leis an dearcadh sin:

*'They [teangacha eile] do not help with my Irish. I never reference them in my learning'.*

*'I have learnt French but have not found it helpful. I struggle to learn Irish as opposed to French'.*

*'Can't say they have helped me really as Irish is different!'*

Bréagnaíonn na tuairimí seo go leor den teoiric a bhaineann le dioscúrsa an ilteangachais mar a shonraíonn Ó Laoire nuair a deir sé: ‘Tá fianaise áirithe go bhfuil cumas níos solúbtha smaointeoireachta acu [na foghlaimeoirí], go bhfuilid níos fearr i mbun coincheapaithe, go bhfuilid níos oscailte’ (2005: 24). Léiríonn na tuairimí thuas chomh maith easpa feasachta na bhfoghlaimeoirí ó thaobh straitéisí foghlama a athchúrsáil agus a úsáid i suíomhanna éagsúla foghlama lasmuigh den timpeallacht inar bhain siad úsáid astu den chéad uair. Léiríonn na dearcthaí seo leibhéal praiticiúil foghlama, agus sainmhíononn Huttunen a bhfuil i gceist leis sin: ‘*This is a here-and-now experience: there is no proper analysis and links are not made with wider contexts*’ (1996: 125). B’fhéidir gur faoin teagascóir atá sé, áfach, aird na bhfoghlaimeoirí a tharraingt ar na straitéisí seo agus iad a chumasú chun na straitéisí a úsáid níos minice i suíomhanna éagsúla foghlama. Déanfar plé níos mine ar ról an teagascóra amach anseo.

Rinne seisear rannpháirtithe iad féin a rangú mar fhoghlaimeoirí indíritheacha agus cúiseanna éagsúla acu ina leith:

*‘Sometimes, working on your own helps you to concentrate more on your own work’.*

*‘I like to work problems out for myself where possible. I generally find it easy to concentrate when working on a task’.*

*‘I can work a lot on my own and I prefer it’.*

*‘I am introvert. Spend a lot of time thinking & trying to work things out’.*

*‘I feel I need to know a certain amount before I can launch forth into conversation and so, it’s up to me to learn vocabulary, grammar, etc.’*

Dar le Ehrman (1999) gurb é seo an míbhuntáiste is mó a bhaineann le foghlaimeoirí indíritheacha, agus léirítear é seo go sonrath sna tuairimí thuas, an gá atá le smaointe a phróiseáil sula dtugtar faoi iad a chur in iúl ‘*which sometimes leads to avoidance of linguistic risks in conversation*’ (luaite in Brown, 2007: 178). Tagann Brown leis an méid seo mar aon le dearcadh Lightbrown & Spada (2011) nuair a áitíonn sé:

*Inhibitions, or building defences around our egos, can be a detriment. Risk taking is an important characteristic of successful learning of a second language. Learners have to be able to gamble a bit, to be willing to try out hunches about the language and take the risk of being wrong* (2007: 160).

D'áitigh ceathrar foghlaimeoirí go raibh siad sásta dul sa seans nó, mar a thugann Brown air thuas, *'take the risk of being wrong'* (2007: 160) agus iad á rangú féin mar fhoghlaimeoirí eisdírtheacha. Bhí an méid seo le rá acu:

*'I feel that if you get something wrong, you'll remember and usually won't make the same mistake again'.*

*'I like the sound of this language and enjoy using/trying new words'.*

*'Don't mind trying things out that are not correct if I benefit in the learning process'.*

*'If I don't try, I'll never know how much I know'.*

Cé go bhfuil an chuma ar na foghlaimeoirí seo go bhfuil siad muiníneach agus *'willing to try out hunches about the language'* (Brown, 2007: 160), mar sin féin, nascann Myers & Briggs (luaite i Brown, 2007: 179) mibhuntaíste leis an gcineál seo foghlaimeora a bhíonn *'dependent on outside stimulation and interaction'*. Tar éis a bheith ag plé chomh dlúth sin leis an dá rang seo agus a bheith i mbun breathnóireachta orthu, tháinig sé chun solais go mbíonn na foghlaimeoirí, fiú iad siúd atá eisdírtheach, ag brath go mór ar an teagascóir chun seilbh a ghlacadh ar ghníomhaíochtaí ranga agus chun cinntí a dhéanamh. Ní raibh siad inniúil ar a bheith ag obair as a stuaim féin gan spreagadh a thabhairt dóibh roimh ré.

Tráchtar ar ardspreagadh, ar fhéinmhuinín agus ar leibhéal íseal buartha mar chuid de hipitéis an scaigaire mhothaithe (Krashen, 1982). De réir na hipitéise seo, cruthaítear timpeallacht foghlama níos fabhraí má chothaítear na trí chúinse thuasluaite. Léirítear go bhfuil na foghlaimeoirí feasach ar na cúinse seo agus iad ag tagairt don chaidreamh atá acu féin leis an teagascóir agus leis na foghlaimeoirí eile sa rang teanga. Luaigh siad:

*'If you do not trust your teacher/feel respected by them learning is virtually impossible'.*

*'I also think it's a real help to feel at ease with the teacher and class-mates, otherwise it's not an enjoyable experience'.*

*'It is obviously daunting returning to the classroom as an adult, all the insecurities about seeming foolish/stupid resurface. A good rapport between the teacher and the whole class is essential for learning'.*

*'It is important to get to know the teacher so that you feel comfortable asking questions or raising any issues you may have'.*

Cuimsítear dearcadh na bhfoghlaimoírí thuas i dtuairim Race (2007) nuair a áitíonn sé:

*Sociological research tells us repeatedly that it is human nature not to be involved with people we don't know. We might make a mistake, or look stupid, or be attacked. We will, however, get involved with people we do know. One key to working and learning with other people is, therefore, the ability to lower barriers and become friends with would-be strangers, while acknowledging differences and respecting different viewpoints (126).*

Tá sé follasach ó ráitis na bhfoghlaimoírí mar aon le dearcadh Race (2007) go gcruthaítear suíomh agus timpeallacht foghlama atá taitneamhach agus tairbheach do na foghlaimoírí má tá leibhéal íseal buartha ina measc. Bhí beirt, áfach, as trí fhoghlaimoír déag nár cheap go raibh sé tábhachtach caidreamh maith a bheith acu leis na mic léinn eile sa rang. Dúirt duine amháin:

*'For me, I just want to pass this Irish course for specific career reasons so it's not that important to me to know the other learners. I still would be friendly and helpful to them, but I wouldn't be going out of my way to chat and learn more from each other. However, if it was a course I really liked and I was really interested in, then I think it would be very important to get to know the other learners as you would all advance your own learning through each others' knowledge'.*

Léirítear neamhshuim an fhoghlaimoírí seo mar aon leis an easpa spreagadh intreach, agus sonraítear gnéithe eile den neamhshuim seo sa rangú a dhéanann sí uirthi féin i MBTI faoi chatagóir na gcéadfaí. Is éard atá i gceist leis an gceann áirithe seo *'hard, systematic work, attention to detail, close observation'* agus easaontaíonn an foghlaimoír seo leis an gcatagóir seo mar chur síos ar a pearsantacht féin nuair a áitíonn sí: *'not really, no time to do this unless I really need to, as in an exam'*. Cé go bhfuil an bheirt údar thar a bheith feasach ar thábhacht ról an teagascóra d'fhonn na foghlaimoírí a spreagadh, tá sé soiléir ó na tuairimí seo gur dhúshlán a bheadh i gceist intinn an fhoghlaimoír seo a athrú. Tagraíonn Ushioda don spreagadh a mheallann mic léinn chun na foghlama nuair a deir sí:

*From the teacher's perspective, 'motivation' is a question not of finding strategies and incentives to get learners to do what she wants, but of providing the right kinds of interpersonal support and stimulation so that learners will discover things they want to do for themselves (2003: 96).*

Léiríonn tuairimí an fhoghlaimeora seo thuas nach foghlaimeoir féinriartha í, go bhfuil sí ag brath go mór ar fhoghlaim straitéiseach nó ar fhoghlaim ar an dromchla agus go sainmhíononn sí foghlaim na Gaeilge mar phróiseas ina bhfuil tús, lár agus deireadh; is cuma faoin méid tacaíochta agus spreagadh idirphearsanta a chuirtear ar fáil don fhoghlaimeoir áirithe seo, tá seans go sealbhóidh sí codanna faoi leith den teanga a theastóidh chun toradh maith a fháil ach go dtiocfaidh deireadh leis an bpróiseas sealbhaithe teanga nuair a bheidh an scrúdú sin thart.

Is í seo a leanas tuairim an dara foghlaimeoir faoin tábhacht a bhaineann le haithne a chur ar na mic léinn eile sa rang: *'Not too important for me to know other learners but certainly to learn from their input and value what they have to contribute'*. Cé nach gceapann sí go bhfuil caidreamh maith leis na foghlaimeoirí eile chomh tábhachtach sin, léiríonn sí san fhéinanailís a dhéanann sí i MBTI go bhfuil sí sásta a bheith i mbun cumarsáide leo nuair a áitíonn sí go bhfuil sí *'confident that it [an teanga labhartha] will become clear through practice and exposure'*. Léiríonn sí inspreagadh intreach chomh maith, atá in easnamh sa chéad fhoghlaimeoir, nuair a mhaíonn sí: *'I enjoy the sound and poetry of this language when I hear it spoken/sung. I aspire to speak it reasonably well one day!'*

Sonraítear an-difríocht idir an bheirt fhoghlaimeoirí seo agus tá sé thar a bheith dúshlánach don teagascóir atá ag plé le leibhéil éagsúla spreagthachta sa timpeallacht foghlama mar aon le pearsantachtaí iomadúla, féineachtaí láidre agus laga, urchoilleadh agus buairt. Tugtar faoi deara anseo ilghnéitheacht na timpeallachta mar aon le tnútháin agus éilimh na bhfoghlaimeoirí ar an teagascóir nuair a bhreathnaítear ar roinnt den anailís atá déanta acu anseo:

*'Motivation slackens with too much familiarity so new methods help'*.

*'It's important for me to feel encouraged'*.

*'Relationship between teacher and student is very important. Teachers' negativity can cause students to turn off learning'*.

*'I'm not sure I could continue without support of the teachers.'*

Léiríonn an fhianaise thuas an fhreagracht a leagann na foghlaimeoirí ar an teagascóir sa phróiseas sealbhaithe teanga. Anuas air sin, d'aontaigh seisear foghlaimeoirí leis an ráiteas go gcuidíonn sé go mór leo 'nuair a bhíonn an teagascóir do do cheartú nuair a bhíonn tú ag caint'. Cuirtear béim faoi leith ar an gcaint idirghníomhach sna ranganna agus reiceann Rivers an tábhacht

a bhaineann le hidirghníomhaíocht labhartha agus feidhm teanga na ngníomhaíochtaí labhartha a nascadh le topaicí ábhartha a bhaineann le saol laethúil na bhfoghlaimoirí:

*Being able to interact in a language is essential. Therefore, language instructors should provide learners with opportunities for meaningful communicative behaviour about relevant topics by using learner-learner interaction as the key to learning language for communication because 'communication derives essentially from interaction' (Rivers, luaite in Richards & Renandya, 2002: 208)*

Mhaígh deichniúr foghlaimoirí go gcuidíonn na gníomhaíochtaí éagsúla cumarsáide a dhéantar i ngrúpaí nó i mbeirteanna sa rang go mór leo, agus luaigh siad chomh maith:

*'It is also helpful to be able to discuss the material in class with other people at a similar level'.*

*'If you're having difficulty with something either they [na foghlaimoirí] can help or they might be finding it difficult as well so you're not alone with it'.*

Léirítear sna tuairimí thuas an tábhacht a bhaineann le hionchur agus le haiseolas an teagascóra agus na bhfoghlaimoirí araon le linn na ngníomhaíochtaí cumarsáide. Tráchtar ar aiseolas ceartaitheach i Hipitéis na hIdirghníomhaíochta (Long, 1996): *'More emphasis is placed on the importance of corrective feedback during interaction'* (Lightbrown & Spada, 2006: 44) agus taobhaíonn Brown (2007) leis agus é ag trácht ar an idirtheanga agus ar thábhacht an aiseolais d'fhonn cuidiú leis an bhfoghlaimoir an sprioctheanga a shealbhú. Is tréimhse faoi leith í an idirtheanga don fhoghlaimoir agus is cuid nádúrtha den phróiseas í, ag leibhéal B1 ach go háirithe:

*Second language learners tend to go through a systematic or quasi-systematic developmental process as they progress to full competence in the target language. Successful interlanguage development is partially a result of utilizing feedback from others (Brown, 2007: 67).*

Caithfidh an teagascóir a bheith airdeallach, áfach, ar na laigí a bhaineann leis na gníomhaíochtaí cumarsáideacha i ngrúpaí mar a léiríonn Pica & Doughty: *'A word of caution is in order....interlanguage talk is less grammatical than teacher talk. It is possible, therefore as Plann (1977) has suggested, that exposure to incorrect*

*peer input may lead to fossilization'* (luaite in Ellis, 1994: 599). Is léir, mar sin, ón bplé thuasluaite go bhfuil ról príomhúil ag an teagascóir mar áisitheoir maidir le haiseolas ceartaitheach a chur ar fáil agus monatóireacht a dhéanamh ar ionchur na bhfoghlaimoírí ar mhaithe leis an idirtheanga a laghdú.

## Iar-anailís na nÚdar

Tá obair cheannródaíoch déanta ag Comhairle na hEorpa chun córas trédhearcach agus cuimsitheach a chruthú i ndearadh siollabas teanga. Téitear i muinín na Comhairle nuair atáthar ag cíoradh siollabas, cur chuige teagaisc agus ag dearadh córas measúnóireachta. Cé go dtuigeann an bheirt údar tábhacht agus údaras na Comhairle, níl torthaí uile an pháipéir seo ag réiteach le príomhaidhm na heagraíochta seo. Maíonn Comhairle na hEorpa: *'As a social agent, each individual forms relationships with a widening cluster of overlapping social groups, which together define identity'* (2015). Léirítear sa pháipéar seo, áfach, nach féidir pearsantachtaí éagsúla na bhfoghlaimoírí teanga a rangú mar fhéiniúlacht chomhchoiteann toisc go bhfuil siad chomh hilghnéitheach sin ó thaobh féineachta, spreagthachta, oscailteachta agus urchoillte.

Tráchtann siad chomh maith:

*In an intercultural approach, it is a central objective of language education to promote the favourable development of the learner's whole personality and sense of identity in response to the enriching experience of otherness in language and culture (ibid.).*

Níor mhaígh oiread agus foghlaimoírí amháin as an seachtar a bhfuil teangacha eile sealbhaithe acu, áfach, gur chabhraigh an fheasacht chultúir ná a n-eispéiris ar fhoghlaim teangacha eile le sealbhú na Gaeilge in aon chor.

Aontaítear, áfach, le ráiteas na Comhairle ina ndéantar tagairt do ról an teagascóra agus na bhfoghlaimoírí araon sa phróiseas foghlama teanga: *'It must be left to teachers and the learners themselves to reintegrate the many parts into a healthily developing whole'* (ibid.). Léirítear anseo go mbíonn tacaíocht, spreagadh, timpeallacht thaitneamhach agus aiseolas ag teastáil ó na foghlaimoírí agus gur faoin teagascóir atá sé iad seo a sholáthar sa rang. Ní hionann aon bheirt fhoghlaimoírí, áfach, agus caithfidh an teagascóir a bheith feasach ar éagsúlacht, ar thréithe agus ar phearsantachtaí na bhfoghlaimoírí ina cur chuige teagaisc ionas go mbainfidís an tairbhe ab fhéarr as an eispéireas agus go gcomhlíonfaí spriocanna foghlama an chúrsa go críochnúil.

Bhí an éagsúlacht próifílí agus tuairimí a tháinig chun cinn i measc na rannpháirithe seo suntasach agus léiríonn sé, ní hamháin go bhfuil tábhacht agus tionchar ollmhór ag na gnéithe seachtheangeolaíochta seo ar shealbhú teanga, ach nach féidir neamhaird a dhéanamh de na nithe seo sa timpeallacht foghlama ach an oiread. Taobhaíonn Ó Laoire leis an argóint seo nuair a áitíonn sé:

Cé go bhfuil mórthaighde déanta i réimse thábhacht an inspreagaidh i gcás na Gaeilge, rud amháin nach bhfuil againn go dtí seo – níl próifíleanna, nó scéalta, más maith leat, na bhfoghlaiméoirí curtha le chéile againn i gcás na Gaeilge... agus na scéalta seo, agus na próifíleanna, thabharfaidís léargas luachmhar dúinn ar phróiseas éifeachtach an tsealbhaith teanga sa seomra ranga (2010: 46).

Tuigtear go bhfuil bearna sa réimse seo i gcás na Gaeilge agus go gcaithfear tógáil ar an ngné thábhachtach seo ionas go mbeidh léargas cuimsitheach ann d'oidéoirí maidir leis an tionchar a bhíonn ag próifíl agus ag pearsantacht an fhoghlaiméora teanga ar shealbhú na Gaeilge.

## Leabharliosta

### Leabhair

- Bransford, J.D., Brown, A.L., & Cocking, R.R., (2000) *How People Learn – Brain, Mind, Experience, and School*. Washington: National Academy Press.
- Brown, H.D., (2007) *Principles of Language Learning and Teaching*. Nua-Eabhrac: Pearson Education.
- Denscombe, M., (1998) *The Good Research Guide for Small-Scale Social Research Projects*. An Bhreatain Mhór: Open University Press.
- Denscombe, M., (2010) *Ground Rules for Social Research. Guidelines for Good Practice*. An Bhreatain Mhór: Open University Press.
- Ehrman, M., (1999) *The affective dimension: Motivation, self-efficacy, and anxiety in understanding second language learning difficulties*. California: Sage Publications.
- Ellis, R., (1994) *The Study of Second Language Acquisition*. An Bhreatain: Oxford University Press.

- Grin, F., (2003) *Language Policy Evaluation and the European Charter for Regional or Minority Languages*. Hampshire: Palgrave Macmillan.
- Krashen, S., (1982) *Principles and Practice in Second Language Acquisition*. Oxford: Pergamon.
- Lightbrown, P.M. & Spada, N., (2011) *How Languages are Learned*. An Bheartain: Oxford University Press.
- OÉ Gaillimh, (2012) *An Dioplóma sa Ghaeilge (B1)*. Gaillimh: OÉ Gaillimh.
- Race, P., (2007) *The Lecturer's Toolkit. A Practical Guide to Assessment, Learning and Teaching*. Londain: Routledge.
- Richards, J. & Renandya W., (2002) *Methodology in Language Teaching, An Anthology of Current Practice*. Cambridge: Cambridge University Press.

## **Ailt**

- Huttunen, I., (1996) 'Metacognition in the process of development of learner autonomy'. I: Tornberg, U., (eag.) *Focus on the Language Learner*. Uppsala: Uppsala Universitet Centrum for Didaktik, 77-97.
- Long, M., (1983) 'Native speaker/non-native speaker conversation and the negotiation of comprehensible input', *Applied Linguistics*, 4(2), 126-41.
- Long, M., (1996) 'The role of the linguistic environment in second language acquisition', I: Ritchie, W. & Bhatia, T., (eag.) *Handbook of Second Language Acquisition*. Nua-Eabhrac: Academic Press, 413-68.
- Ó Laoire, M., (2005) 'Múineadh Teangacha ag an Dara Leibhéal: I dTreo an Ilteangachais?' *1+1+1 Ceist na dTeangacha i gCóras Oideachais na hÉireann*, 21-35.
- Ó Laoire, M. & Ní Chlochasaigh, K., (2010) 'Dea-fhoghlaimoirí teanga i mbun foghlama: cad iad na bealaí éifeachtacha foghlama a bhíonn acu?' I: *Teagasc na Gaeilge* 9. Baile Átha Cliath: Comhar na Múinteoirí Gaeilge, 47-57.
- Pica, T. & Doughty, C., (1985) 'The role of group work in classroom second language acquisition', *Studies in Second Language Acquisition* 7, 233-48.

- Plann, S., (1977) 'Acquiring a second language in an immersion situation', I: Brown, H. et al (eag). *On TESOL '77*. Washington D.C.: TESOL, 213-25.
- Swain, M., (1985) 'Communicative competence: Some roles of comprehensible input and comprehensible output in its development'. I: Gass, S., & Madden, C., (eag.) *Input in Second Language Acquisition*, Rowley, MA: Newbury House, 235-53.
- Ushioda, E., (2003) 'Motivation as a Socially Mediated Process'. I: Little, D., Ridley, J. & Ushioda, E., (eag.) *Learner Autonomy in the Foreign Language Classroom – Teacher, Learner, Curriculum and Assessment*. Baile Átha Cliath: Authentik, 90-102.

### **Foinsí Leictreonacha**

- Comhairle na hEorpa, (2015) *Common European Framework of References for Languages: Learning, Teaching and Assessment* [ar líne]. An Bhruiséil: Comhairle na hEorpa. Ar fáil ag: [www.coe.int/lang-CEFR](http://www.coe.int/lang-CEFR) (léite 12 Eanáir 2015).
- The Myers & Briggs Foundation, (2015) *MBTI Basics* [ar líne]. Florida: The Myers & Briggs Foundation. Ar fáil ag: <http://www.myersbriggs.org/my-mbti-personality-type/mbti-basics/> (léite 14 Eanáir 2015).



## **Téarmaíocht Cártaí san Aistriúchán ar *The Penguin Book of Card Games***

*Máire Rós Ní Loingsigh*

<https://doi.org/10.13025/bde7-4t60>

### **Réamhrá**

Baineann saibhreas teanga ar leith le réimse na gcártaí sa Ghaeilge. Bíodh is go bhfuil roinnt foinsí ann ina ndéantar tagairt don ábhar seo níl dianstaidéar acadúil déanta air go fóill. Ar an dul céanna, tá an chosúlacht ann nár aistríodh leabhar cluichí cártaí ó Bhéarla go Gaeilge riamh. Bunaíodh an t-alt seo ar thaighde a rinneadh mar chuid den MA sa Léann Teanga in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, OÉ Gaillimh in 2014. Rinneadh aistriúchán anótáilte ar *The Penguin Book of Card Games* (2008) le David Parlett. Ba í an obair ar an téarmaíocht an ghné ba shuntasáí den taighde sin agus, mar sin de, is é sin a bheidh faoi chaibidil san alt seo. Déantar grinnanailís ar théarmaí agus ar shaintéarmaí na gcártaí agus ar an gcaoi ar tugadh faoi théarmaí áirithe sa bhuntéacs Béarla a aistriú.

### **Cúrsaí Téarmaíochta**

Is léargas maith é sainréimse ar nós imirt cártaí ar an riocht ina bhfuil an teanga agus chomh solúbtha agus atá an teanga chun déileáil le sainábhar ó thaobh na téarmaíochta de. Nuair a bhí téarmaí cluichí cártaí á scrúdú ag an taighdeoir, rinneadh iarracht téarmaí coibhéseacha Gaeilge a aimsiú a bhí simplí agus sothuigthe. Déantar trácht ar na saintéarmaí cártaí i roinnt téacsanna Gaeilge, mar shampla, *Slighe an Eólais: Cúrsaí an tSaoghail i nÉirinn* (Ó Cadhláigh, 1900), *Cárdaí agus Cearrbhachas* (Ó hEochaidh, 1953), *An Béal Beo* (Ó Máille, 1936).

Tá go leor téarmaí a bhaineann le cártaí le fáil i mórfhoclóirí Gaeilge an fhichiú haois, mar shampla, *Foclóir Gaeilge–Béarla* (Ó Dónaill, 1977) agus *English–Irish Dictionary* (de Bhaldrathie, 1959). Ní hionann, áfach, líon na saintearmaí atá ann i mBéarla agus atá ann i nGaeilge. Ní gá ach súil a chaitheamh ar an iliomad leabhar cluichí cártaí a foilsíodh ar an ábhar i mBéarla agus feictear go bpléitear téarmaíocht na gcluichí cártaí i gcaibidil ar leith sna leabhair úd (féach ar: Parlett, 2008; Katz, 2004; Leeming, 1980 etc). Níl a mhacasamhail ann sa Ghaeilge, agus dá bharr sin, ní raibh saintearma coibhéiseach Gaeilge ar fáil don téarma Béarla i ngach cás sa staidéar seo.

Nuair a rinneadh scagadh ar shaintearmaíocht na gcártaí i nGaeilge, aithníodh go raibh go leor saintearmaí ar fáil i dtaobh cluichí a d’imríte go coitianta in Éirinn, amhail cúig fíchead agus cúig is daichead. Leagann Ó hEochaidh béim air seo nuair a thagraíonn sé don saibhreas teanga a bhaineann le cártaí a imirt i nGaeilge:

Is suimeamhail an foclóir a bhaineas leis an chúig fíchead, agus is suimeamhla ná sin an chosmhálacht atá eadar na focla agus na leaganacha cainnte seo in achan cheárn de’n tír. Sílim go mbaintear níos mó pléisiúir as na h-abairtí atá ag baint leis na cárdaí ná a bhaintear as a n-imirt héin. (1953: 87)

## Cúlra an Taighde

Is minic a chaitheann daoine, idir óg agus aosta, oícheanta ag imirt cártaí. Bíonn daoine ag imirt cártaí sa bhaile, i dtithe na gcomharsan nó sa teach tábhairne áitiúil. Tá ról ar leith ag na cártaí i saol na ndaoine a bhíonn á n-imirt. Tá stór focal agus téarmaí a bhaineann, go sainiúil, le réimse na gcártaí, mar shampla, *cúig, mámh, ceilt chártaí, triuf, muileata, etc.* Is gá féachaint ar leabhair chluichí cártaí ó am go chéile i gcás ábhair achrainn agus is deacair na treoracha agus an cur síos ar na rialacha atá sa leabhar *The Penguin Book of Card Games* le David Parlett a shárú.

Níor foilsíodh aon leabhar i nGaeilge a phléann go sonrath le cluichí cártaí go fóill, ach feictear ar shuíomhanna idirlín go bhfuil suim san ábhar ag daoine ar spéis leo an teanga a chleachtadh mar aon le gnáthdhaoine ar spéis leo cártaí a imirt.<sup>1</sup> Chuige seo, beartaíodh ar leabhar cluichí cártaí a aistriú, óir

1 Aimsíodh an t-eolas seo ag: <http://irishlearner.awyr.com/phpBB3/viewtopic.php?f=28&t=48>  
<http://www.boards.ie/vbulletin/showthread.php?p=62737220>  
<http://stclares6th.wordpress.com/2014/03/14/ag-imirt-carta-i-seachtain-na-gaeilge/>

nach ndearnadh aistriúchán ar an ábhar seo riamh agus bheadh saintéarmaíocht bhreise ann, a bhainfeadh go sonrach le réimse na gcluichí cártaí, de bharr an tsaothair sin.

## Sainréimse na gCártaí

Baineann imirt cártaí le réimse na gcluichí, is gníomh sóisialta agus is caitheamh aimsire traidisiúnta é leis, ‘*Card playing is a very social event. What better way to liven up a get together than by breaking out a deck of cards?*’ (Katz, 2004: 67). D’fhéadfaí cártaí a imirt i d’aonar nó le grúpa cairde mar phársa spraoi nó mar chomórtas. Baineann gach duine, idir shean agus óg, taitneamh as imirt cártaí mar chaitheamh aimsire agus is dea-nós é go dtugtar an deis do dhaoine a bhaineann le haoisghrúpaí difriúla imirt le chéile.

## Traidisiún na gCártaí in Éirinn

“Mara ndeinid sé lá prátaí bhaint,” adeir an sean-fhocal, “déanfaid sé lá cártaí dh’imirt.” Agus níl aon dabht ná gur breágh an caitheamh aimsire agus gur maith an sult cluiche maith cártaí, go mór mhór oidhche gheimhridh, nuair a bhíonn cuideachta mheidhreach i dtigh tímpal an bhúird (Ó Cadhlaigh, 1900: 145).

Dar le Ó hEochaidh (1953: 84-6) agus le Ó Sé (2013) d’imríte cártaí go coitianta in Éirinn agus sna ceantair Ghaeltachta le linn oícheanta airneáin, mar shampla, féach ar *Caisleán Óir* (Ó Grianna, 1924: 38-45). Baineann piseoga, orthaí, iontais agus uafáis leis na cluichí cártaí chomh maith (Ó hEochaidh, 1954: 83). Ina theannta sin, tá an-chuid nathanna ag baint leis an gcaitheamh aimsire seo mar a léirítear sna samplaí thíos:

Nath	Foinse
Fuil dearg ort! – Go n-éirighidh leat an cluichthe a bhaint – i gcearr-bhachas.	Cárdaí agus Cearrbhachas (1953: 95)
Tá gob deas ar do chirc. (Adeirtear an focal san nuair a bhíonn cártaí maithes ‘na ghlaic age duine.)	Slighe an Eólais (1900: 148)
Fáinne óir ort. (Adeirtear le duine a dh’iompuighe-ann aon).	Slighe an Eólais (1900: 148)

Is deacair a shamhlú go dtiocfaí ar chaitheamh aimsire eile in Éirinn a bhaineann le rud ‘...ínteacht neamh-shaoghailta, le tarngaireacht, agus go mór-mhór leis An-Spiorad’ (Ó hEochaidh, 1953: 83-4). Is iomaí scéal atá ann a bhaineann le cumhacht osnádúrtha na gcártaí, agus bíonn ról ag an diabhal sna scéalta seo (Ó hEochaidh, 1953: 84; Ó Sé, 2013). Feictear go rímhínic sna seanscéalta go n-imríodh an diabhal leis an té nó leis an scoil chártaí agus gur ‘Bhain sé roimhe agus “na dhiaidh ar feadh na hoíche”...’ (Ó hEochaidh, 1953: 84). ‘Le linn an chluiche lig duine cárta uaidh ar an urlár trí dhearmad, agus cad é an rud a chonaic sé ansin ach crúb an fhir’ (Ó hEochaidh, 1953: 84; Ó Sé, 2013).

Feictear go raibh dúil ar leith ag na hÉireannaigh sna cluichí amhail cúig is daichead, aon déag ar fhichid, cúig fichead (Ó Cadhlaigh, 1900: 146; Ó Sé, 2013) agus ba iad siúd na cluichí is minice a d’imrítear agus a imrítear fós (Ó hEochaidh, 1953: 85). Thar aon ní eile, tugtar faoi deara a lárnaí agus atá saibhreas cainte agus stór focal i dtaobh imirt na gcártaí. Rinneadh iarracht an saibhreas teanga sin a fhí isteach san aistriúchán chomh minic agus ab fhéidir. Tugtar léargas ar an bpointe sin sa chéad mhír eile agus ar na dúshláin a tháinig chun cinn ina dhiaidh sin.

## Trácht ar Ról an Aistritheora

Tá ról an aistritheora lárnach i bpróiseas an aistriúcháin, ar an gcuma chéanna, ní bheadh an t-aistriúchán ann murach na léitheoirí: ‘Is caidreamh idir an t-aistritheoir agus an léitheoir an t-aistriúchán, ar deireadh’ (Ó Ruairc, 2007: 13). Tá ról ar leith ag an léitheoir i bpróiseas an aistriúcháin agus caithfear an ról sin a chur sa mheá i gcónaí agus an t-aistriúchán á déanamh ag an aistritheoir. Ba ghá an méid sin a thabhairt san áireamh agus na téarmaí cártaí á n-aistriú go háirithe. Mar a luann Mac Lochlainn (2010: 59) is gá síorchuimhneamh ar léitheoirí an téacs.

Is léir go bhfuil sé rithábhachtach don aistritheoir aird ar leith a thabhairt, agus tuiscint a bheith aige, ar chiall an bhuntéacs agus ní foláir dó ciall an bhuntéacs a thabhairt slán sa spriocthéacs, mar a luaitear i mórshaothair réimse an aistriúcháin (mar shampla, Munday, 2012; Newmarke, 1988; Nida & Taber, 1982 etc).

Níl ach rosc catha amháin is dual don aistritheoir: an t-aistriúchán a bheith ciallmhar, sothuigthe, soléite, nó *an chiall* chun tosaigh i gcónaí *an chiall*, *an chiall* agus arís *an chiall*<sup>2</sup> (Ó Ruairc, 2007: 54).

2 Is le húdar an ailt seo an cló iodálach.

Bíodh is go ndearnadh gach iarracht a bheith chomh dílis don bhuntéacs agus ab fhéidir sa taighde seo, i ndeireadh na dála, níl aon mhaitheas le haistriúchán a chur ar fáil más aistriúchán dothuigthe é. Tháinig roinnt téarmaí deacra chun tosaigh le linn an aistriúcháin agus pléitear na téarmaí sin sa chead mhír eile.

## Téarmaí Deacra

Is ceart féachaint leis an téarmaíocht a neadú i nGaeilge nádúrtha agus gan ligean don téarmaíocht aduain teacht salach ar cheart na Gaeilge (An Gúm: 2).

Bhí aimsiú na dtéarmaí cuí a d'oirfeadh don chomhthéacs ar cheann de na fadhbanna ba mhó a tháinig chun tosaigh san aistriúchán. Bíodh is go raibh téarmaí ar fáil a bhain le réimse na gcártaí, ba dheacair iad a fhí isteach san abairt mar ba cheart uaireanta, chun go mbeadh abairt dhílis do chomhréir agus do rithim na Gaeilge ann. Cuireadh liosta téarmaí ar aghaidh chuig an gCoiste Téarmaíochta i gcásanna nach raibh aon fhoinsé ná fasach Gaeilge ar fáil dóibh. Dheimhnigh an Coiste Téarmaíochta an dúshlán a bhain le haistriú na dtéarmaí ós rud é nach raibh saineolas ag an gCoiste Téarmaíochta ina dtaobh (ríomhphost 2014). Déantar cur síos ar na téarmaí sin anois.

### (i) *Lead*

Is iomaí téarma a bhaineann leis an mbriathar seo agus déantar tagairt dó i dtéacsanna Gaeilge a bhaineann le réimsí na gcártaí. Tá leaganacha maithe den bhriathar agus den ainmfhocal seo le fáil ar líne ([www.teanglann.ie](http://www.teanglann.ie)).<sup>3</sup>

Téarma	Aistriú	Foinse
Leatsa an tabhairt	You have the lead	EID
Tabhair!	Your lead!	EID
D'fhreagair sé an tabhairt; Thug sé ar ais an dath céanna	He returned the lead	EID
Tugaim, lomaim (cárta)	Lead	EID
Cé thug?	Who led?	EID
Cárta a thabhairt le clár	To lead a card	FGB

<sup>3</sup> Leagan leictreonach de *Foclóir Gaeilge–Béarla* (Ó Dónaill, 1977) (FGB) agus de *English–Irish Dictionary* (de Bhaldráithe, 1959) (EID).

Anuas air sin, déantar tagairt don téarma i dtéacsanna Gaeilge a bhaineann le sainréimse na gcártaí.

<b>Téarma</b>	<b>Foinse</b>
An té a imríos an chéad chárta le gach <b>cúig</b> , is é a <b>leagan</b> a dhéanas sé.	An Béal Beo (1936: 169)
‘Leag sé an mámh’, a dearfaí. ‘Mura leaga tú an mámh leag madadh maith drámh’ focal eile a deirtear	An Béal Beo (1936: 169)
‘ <b>Lom</b> sé an mámh’ a deirtear. ‘Céard a <b>tháinig le lom</b> ’ a d’fhiafródh duine	An Béal Beo (1936: 169)
An chéad fhear a bhfuil an leagan aige, sin é a bhfuil an lomadh aige.	An Béal Beo (1936: 169)
...is é an fear a bhuadhan an chúig a leagann an chéad chárta.	Slighe an Eólais (1900: 146)
...an chéad chárta do leagadh...	Slighe an Eólais (1900: 148)
...ach é leagadh i ndiaidh an mhuilt do leagfí i dtosach...	Slighe an Eólais (1900: 148)
Leagaim. –Cuirim cárda–mádh ná drádh–síos ar chlár ar thús babhta imeartha.	Cárdaí agus Cearrbhachas (1953: 97)
“Níl leagan an Mháidh héin agam !” Rud a déarfás duine nuair a bhéas cluithche measardha árd agus a beithear ag dréim go leagfaidh sé an Mádh. (Teilíonn)	Cárdaí agus Cearrbhachas (1953: 97)

Socraíodh ar leas a bhaint as an téarma *leag* bunaithe ar na samplaí seo chun *lead* an Bhéarla a chur in iúl. Measadh go raibh an téarma seo dílis don Ghaeilge agus do chiall an bhuntéacs.

<b>Buntéacs</b>	<b>Spriochtéacs</b>
...lead to the first and second tricks as indicated below:	...leag cárta an chéad chúig agus cárta an dara cúig de réir mar a léirítear thíos:

**(ii) Deal (an tAinmfhocal agus an Briathar)**

Bhí raidhse mhaith téarmaí i gcomhair an téarma *deal* ar fáil leis, mar a fheictear thíos:

Téarma	Aistriú	Foinse
Déanamh, roinnt	Deal (an t-ainmfhocal)	EID
Cé leis déanamh? Cé leis an roinnt?	Whose deal is it?	EID
Déanaim, roinnim	Deal (an briathar)	EID
Déanamh	Deal (an t-ainmfhocal)	FGB
Tá na cártaí amuigh	The cards are dealt	FGB

Téarma	Foinse
Díolaim amach	Cárdaí agus Cearrbhachas (1953: 94)
Rannaim.—(Roinnim) .i. bheirim lámh chardaí thart dó 'ach uile dhuine da bhfuil ag imirt	Cárdaí agus Cearrbhachas (1953: 98)
Na cártaí do roinnt (deal)	Fáinne an Lae (1922(b))
Is ionann na cártaí a <b>dhéanamh</b> agus iad a chur i dtoll a chéile, iad a <b>shuaitheadh</b> nó a mheascadh agus ansin iad a roinnt amach ar na himreoirí.	An Béal Beo (1953: 170)
Mo dhéanamh-sa nó, Liom-sa an suathadh	Fáinne an Lae (1922(b))
Déan na cártaí	An Béal Beo (1953: 170)
Is leat déanamh Cé leis déanamh	An Béal Beo (1953: 170)
Cé leis suathadh? Whose deal is it?	Irisleabhar na Gaedhilge (1903: 213)
Bearr díobh	Fáinne an Lae (1922(b))
Lom iad	Fáinne an Lae (1922(b))

Tar éis na téarmaí sin ar fad a scrúdú, socraíodh ar an téarma *roinn* a úsáid chun an briathar *deal* a aistriú agus *roinnt* chun an t-ainmfhocal *deal* a chur in iúl. Measadh gur thug na téarmaí sin brí an bhuntéacs slán agus d'oir na téarmaí don chomhthéacs ina raibh siad neadaithe.

Buntéacs	Spriochtéacs
Deal five cards...	Roinn cúig chárta...

**(iii) Dealer agus Non-dealer**

<b>Téarma</b>	<b>Foinse</b>
Déantóir cártaí	FGB
Díoltóir	Slíge an Eólais (1900: 146)
Fear déanta na gcártaí	Fáinne an Lae (1922(b))
Fear, bean ranna	EID
Fear ranna	Cárdaí agus Cearrbhachas (1953: 94)
Fear atá ag rann na gcártaí – (an rud is gnách a rádh leis an fhear atá ag rann na gcárdaí)	Cárdaí agus Cearrbhachas (1953: 88)
Fear díolta na gcártaí	Ó Sé (2013)
Fear déanta na gcártaí	Ó Sé (2013)

Baineadh leas as an téarma *fear ranna* ar *dealer* i dtús báire, ach bhí fadhbanna i gceist leis ó thaobh cúrsaí inscne de (*fear/bean ranna, etc.*) agus i dtaobh fhad an téarma. Ina fhianaise sin, socraíodh ar leagan eile a úsáid. Déantar tagairt don téarma *roinnteoir* in *Foirisiún Focal as Gaillimh* (1985: 25). An buntáiste is mó a bhaineann le *roinnteoir* is ea a ghontacht agus a neodracht, rud nach bhfuil i gceist le *fear déanta na gcártaí, etc.* Cuireadh an téarma *non-dealer* faoi bhráid an Choiste Téarmaíochta agus moladh an téarma *an t-imreoir nach é an fear ranna é*. Ní mór cuimhneamh nach raibh sna moltaí a tháinig ón gCoiste Téarmaíochta ach moltaí sealadacha agus bhí ar an taighdeoir cinneadh a dhéanamh faoi roinnt de na moltaí i gcásanna áirithe. Cheap an taighdeoir nár luigh an t-aistriúchán seo go maith leis an téarma a bhí in úsáid ar *dealer – roinnteoir*, agus socraíodh leas a bhaint as leaganacha bunaithe ar mhúnla an Choiste Téarmaíochta amhail an abairt thíos:

<b>Buntéacs</b>	<b>Spriochtéacs</b>
...non-dealer may ...	... is féidir leis an imreoir nach é an roinnteoir...

**(iv) Suit**

Socraíodh ar leas a bhaint as an téarma *dath* chun *suit* an Bhéarla a aistriú; measadh go raibh an téarma dílis don leagan Béarla agus don leagan Gaeilge araon.

Téarma	Foinse
Dath	EID
Dath (“Caidé ‘n dath é?”)	Cárdaí agus Cearrbhachas (1953: 94)
Culaith (ceithre chulaith)	Slíge an Eólais (1900: 145)
Saghas	Fáinne an Lae (1922(b))

**(v) Snap agus Spit**

Nuair a bhí téarmaí áirithe á n-aistriú nach raibh a macasamhail ann sa Ghaeilge, cloíodh go han-docht leis an leagan Béarla agus an modh aistriúcháin litriúil sa chéad dréacht den aistriúchán agus bhí a lorg sin le sonrú ar na téarmaí. Aistriúodh téarmaí amhail *snap* agus *spit* mar *snap a thabhairt* agus *seile (seile a chaitheamh)*. Cuireadh an dá théarma sin faoi bhráid an Choiste Téarmaíochta, agus moladh na téarmaí *snap* agus *rad* a úsáid don dá bhriathar *snap* agus *spit*. Mheas an taighdeoir go raibh an téarma *snap* ní b’fhearr ná *snap a thabhairt* agus feictear an téarma seo san aistriúchán deiridh. Bhíothas idir dhá chomhairle idir an dá théarma *rad* agus *seile*; tá ciall mheafarach leis an téarma *spit* agus socraíodh ar an gceann is intuigthe, is é sin *seile* a roghnú dá bharr sin.

Buntéacs	Spríothéacs
If one player snaps mistakenly...	Má shnapann imreoir ar chárta trí dhearmad...
If one player has no spit cards left when play gets stuck, the other one spits alone.	Mura mbíonn cártaí seile ar bith ina sheilbh ag imreoir amháin nuair a théann an imirt in abar, déanann an duine eile seile a chaitheamh ina aonar.

**(vi) Ante**

Téarma	Míniú	Foinse
Ante	In gambling games, an obligatory stake made before play begins – usually by every player, sometimes only by the dealer.	The Penguin Book of Card Games (2008: 278)
	ante, v. 1846... <i>trans.</i> To put (an ante); also <i>transf.</i> , to bet, stake; to pay off, up; to hand over, surrender. Also <i>absol.</i> ....	Oxford English Dictionary (OED)

Tugadh an téarma *geall(ta) a chur* ar an mbriathar *ante* sa chéad dréacht. Mhol an Coiste Téarmaíochta an briathar *réamhgheall* a úsáid ina áit sin. Measadh go mbeadh ainmfhocal bunaithe ar an mbriathar *réamhgheall* ní b'fhéarr agus ní ba dhúchasáí do rithim na Gaeilge agus feictear an leagan seo san aistriúchán deiridh dá bharr.

Buntéacs	Spriothéacs
Everyone antes and looks at their hand.	Cuireann gach duine réamhgheall síos sula bhféachann siad ar a lámh féin.

**(vii) Jink agus Jinking**

Téarma	Míniú	Foinse
jink	<i>intr. (Cards.)</i> To win a game of spoil-five or forty-five by taking all the tricks in one hand.	OED

Is iomaí téarma a bhaineann leis an téarma *jink* in EID agus in FGB agus sna téacsanna Gaeilge leis.

Téarma	Aistriú	Foinse
Cluiche a chur as cúl doirn	to jink, to win every trick in game	FGB
Cluiche glaise	jink	FGB
Cluiche a ghoint	to win game outright, to jink	FGB
Cluiche riain a chur	to jink, to win every trick in a game	FGB
Cluiche a rianú	to jink a game	FGB

Cluiche a rith	to jink a game	FGB
Gnóthaím cluiche glaise; cuirim (cluiche) as cúl doirn.	jink	EID

Téarma	Foinse
Nuair a dhéantar an cluiche ar fad as aon déanamh amháin, <b>cluiche caiptín</b> nó <b>cluiche glaise</b> a thugtar air; cluiche as <b>cúl doirn</b> i gCúige Uladh.	An Béal Beo (1936: 170)
cluiche riain, a jink (Goint – v. Réilthíní an Óir)	Fáinne an Lae (1922(b))
An té bhuidheann an cluiche (nó na páirtneírí a bhuidheann é) i naon imirt deirtear go ndeoid an cluiche do ghoin.	Slíghe an Eólais (1900: 146)
Dheineas rian. Do rianas é. Tá sé rianta agam. Tá sé ‘na rian agam. (Is ionann rian do dhéanamh agus cluiche do ghoin).	Slíghe an Eólais (1900: 148)

Scrúdaíodh na téarmaí seo ar fad agus socraíodh go mbainfí leas as an téarma *rianú*. Nuair a éisteadh leis an taifeadadh ‘Imirt Cártaí sa Traidisiún agus sa Chaint’, clár de chuid Cheiliúradh an Bhlascaoid (Ó Sé, 2013), rinne an t-aoi-chainteoir, an tUsal Ó Sé (rannpháirtí an chláir), tagairt don téarma *goint* agus é ag labhairt faoin téarma *jink*. Ba léir ón bplé sa chlár go raibh saineolas aige i dtobh théarmaíocht agus thraidisiún na gcártaí sa Ghaeilge. Ina fhianaise sin, socraíodh leas a bhaint as an téarma *cluiche a ghoint* ar *jink* agus ar *jinking*. Rinneadh an cinneadh toisc gur ceapadh gur luigh sé go nádúrtha leis na habairtí a bhí le haistriú.

Buntéacs	Spriocthéacs
If instead you ‘jink’...	Má dhéanann tú an cluiche a ‘ghoint’ ina leaba sin...
Jinking	Cluiche a ghoint

**(viii) Jinker**

Ní raibh téarma coibhéiseach don téarma *jinker* ar fáil i nGaeilge. Bhí an téarma *imreoir glaise* in úsáid mar aistriúchán ar an téarma seo agus bunaíodh an téarma ar na samplaí thíos:

Téarma	Aistriú	Foinse
Cluiche a chur as cúl glaise	to win a straight game	FGB
Cluiche glaise	jink	FGB

Mhol an Coiste Téarmaíochta an téarma *gointeoir*, agus is é *gointeoir* an téarma a úsáideadh san aistriúchán deiridh dá bharr sin. Luigh an leagan seo go maith leis na leaganacha a bhí in úsáid ar *jink*, *jinking* leis. Pointe eile atá le lua anseo is ea gur fusa ainmfhocal amháin a láimhseáil seachas téarmaí ilfhoclacha, go háirithe i gcás abairtí fada.

Buntéacs	Spriochtéacs
...or a jinker fails to win five...	...nó mura n-éiríonn le gointeoir cúig cinn a bhuachan...

**(ix) Sweep the Pool**

Aistríodh an téarma *sweep the pool* mar *an clár a lomadh* sa chéad dréacht, bhí baol ann, áfach, nach dtuigfeadh an léitheoir an é an bord nó an t-airgead a bhí i gceist leis an téarma seo. Rinneadh breis taighde agus thángthas ar an leagan seo a leanas:

Téarma	Aistriú	Foinse
Gandal	'Kitty' in imirt cártaí	Foirisiún Focal as Gaillimh (1985: 108)

Aistríodh an téarma mar *an gandal a lomadh* san aistriúchán deiridh, óir nach raibh aon amhras i gceist le brí an téarma sin. Is sampla é seo de shíneadh brí a thabhairt d'fhocal, rud atá an-tábhachtach maidir le forbairt téarmaíochta i gcás mionteangacha.

Buntéacs	Spriochtéacs
... you may sweep the pool without further play.	... is féidir an gandal a lomadh gan imirt a thuilleadh.

**(x) High Card, Low Card, Highest Card, Lowest Card**

Bhí roinnt téarmaí éagsúla in úsáid mar aistriúcháin ar na téarmaí *high card, low card, highest card, lowest card*, mar shampla, *cárta ard/íseal, an cárta is airde/is ísele, cárta luachmhar/an cárta is luachmhaire, cárta ar luach ard/íseal, cárta gan luach etc.*

Feictear go n-úsáidtear na téarmaí ar shlite éagsúla i saothair éagsúla i nGaeilge:

Téarma	Foinse
An té go mbíonn an t-aon a mádh ‘na ghlaic aige, is féidir dó aon chárta ( <u>an cárta is measa</u> dá bhfuil aige, dar ndóigh...mar is fearr mádh dá <u>ísele céim</u> ná aon chárta eile (ach amháin an t-aon a hAirt) dá <u>aoirde céim</u> .	Slíge an Eólais (1900: 146-147)
i.. go mbuailfidh <u>uimhreacha beaga</u> an Spéir agus ‘an Sruth na h- <u>uimhreacha móra</u> ... <sup>4</sup>	Cárdaí agus Cearrbhachas (1953: 93)
Spaorait ó loch Éirne nó cárta <u>maith</u> Airt	Slíge an Eólais (1900: 148)
...is fearr na <u>cártaí arda</u> ná na <u>cártaí ísele</u> .	Slíge an Eólais (1900: 146)
Lag.—“ Nach <u>lag</u> an cárta a chuir tú leis !” Nach <u>beag dhe mhaith</u> an cárta a chuir tú leis.	Cárdaí agus Cearrbhachas (1953: 96)
Láidir.—“ Cuir cárta <u>láidir</u> leis!” Cuir cárta leis nach <u>mbíonn furast a bhualadh</u> —Mádh <u>maith mór</u> .	Cárdaí agus Cearrbhachas (1953: 96)

Bíodh is nár cuireadh na téarmaí seo faoi bhráid an Choiste Téarmaíochta, cuireadh na téarmaí thíos ar aghaidh a bhain leis an gcomhthéacs seo a leanas:

Téarma	Míniú	Moladh an Choiste Téarmaíochta
High card Higher top card	<i>No combination. The better of two such hands is the one with the higher top card, or second higher, if tied etc. Cards rank (high-low) A K Q J T 9 8 7 6 5 4 3 2.</i>	ardchárta uaschárta is airde

Cinneadh ar na téarmaí *cárta ard (cártaí arda)* agus *cárta íseal (cártaí ísele)* a úsáid toisc gur oir na téarmaí don chomhthéacs, ba mhodh é seo a luigh go nádúrtha leis an téacs agus thug sé brí an téarma slán sa Ghaeilge. Bhíothas in ann an modh aistrithe seo a úsáid i roinnt comhthéacsanna éagsúla leis, mar shampla, *Hi-Lo Draw – Tarraingt Ard Íseal etc.*

<sup>4</sup> Feictear go mbíonn an modh ‘cártaí maithe’, ‘cárta móra/beaga’ in úsáid leis, tagraíonn Ó Sé (2013) don ‘Aon beag’ agus don ‘Aon mór’ etc.

**(xi) Lámh nó Glac**

Téarma	Foinse
<b>hand</b> The cards dealt to an individual player.	The Penguin Book of Card Games (2008)

Beartaíodh an téarma *lámh* in áit an téarma *glac* a úsáid chun an téarma *hand* a aistriú, ós rud é go raibh níos mó samplaí den téarma seo le fáil i bhfoinse ábhartha. Tugtar sampla díobh siúd sa bhosca thíos agus léirítear go raibh an téarma ag teacht leis an gcomhthéacs tríd an aistriúchán ar fad.

Téarma	Foinse
Lámh.—“ Lámh chardáí.”	Cárdaí agus Cearrbhachas (1953: 97)
An té go mbíonn an t-aon a mádh ‘na ghlaic aige...	Slíghe an Eólais (1900: 146)
...Cheilis-se, croch do lámh...	Slíghe an Eólais (1900: 148)
...nó gach beirt aca ar lámhaibh a chéile	Slíghe an Eólais (1900: 147)
...Cúig do láimhe déanta...	An Béal Beo (1936: 170)
Fuair eas mo chúig láimh-dhéanta, I got my dealing trick.	Fáinne an Lae (1922(a))

Bhí amhras ann i dtaobh inscne an fhorainm, i.e. nuair a rinneadh tagairt don “lámh cártaí” i gcomhthéacsanna áirithe. Is ainmfhocal baininsneach é *lámh*, ach toisc go raibh an téarma ag tagairt don choincheap “lámh cártaí”, i.e. líon na gcártaí a bhíonn ag an imreoir, bhí rogha le déanamh idir an forainm firinsneach agus an forainm baininsneach a úsáid. Rinneadh tuilleadh taighde ar úsáid an téarma *lámh* in imirt cártaí agus thángthas ar an tagairt seo a leanas:

Téarma	Míniú	Foinse
traipisí iol.	Chaith mé mo lámh i d- 10, chaith mé . . . i gcártaí, ar an mbord gan í a imirt.	Foirisiún Focal as Gaillimh (1985: 232)

Feictear go bhfuil an forainm baininsneach in úsáid leis an téarma seo (in áit an fhorainm fhirinsneigh), agus dá bharr sin, cuireadh an forainm baininsneach i bhfeidhm san aistriúchán mar a léirítear sa sampla thíos:

Buntéacs	Spriochtéacs
Eldest, if dissatisfied with his hand, may lay it face up...	Mura mbíonn an té ar thaobh na láimhe clé den roinnteor sásta lena lámh féin, féadann sé í a leagan uaidh béal suas...

**(xii) Discard**

Ba ghá cinneadh a dhéanamh faoin téarma ab fhearr chun an briathar *discard* a aistriú. Bhí roinnt leaganacha don téarma *discard* le fáil sna foclóirí agus téarmaí is ea iad nach mbaineann go sonrach le comhthéacs na gcártaí ach a thagann chun cinn go minic sa chur síos ar chluichí áirithe a imirt.

Téarma	Míniú/Aistriú	Foinse
Díol as	pay out, discard,	FGB
Gearradh díobh	discards	FGB
Bheith sa ghearradh díobh	to be discarded, on the shelf	FGB
Do lámh a ghlanadh	to discard unwanted card(s) from one's hand	FGB
Caite i gcártaí	discarded	FGB
Faoi thóin cártaí	discarded	FGB
Caite i dtraipisí	consigned to the scrapheap, scrapped, discarded	FGB
Caitheamh i gcártaí; cárta a bheadh caite i bpaca.	Discard	EID
Caithim uaim (cártaí). Caithim uaim, caithim i dtraipisí, i gcártaí.	Discard	EID

Cinneadh ar an leagan *caithim uaim etc.*, a úsáid agus feictear an téarma san aistriúchán deiridh nuair a d'oir sé don chomhthéacs:

Buntéacs	Spríocheacs
Each...makes one discard...	...caitheann gach duine cárta amháin uaidh...

Ní féidir an téarma thuas a úsáid i ngach cás. Socraíodh ar an leagan *cárta caite i dtraipisí* a úsáid san aistriúchán i gcásanna nár oir an téarma thuas don abairt Ghaeilge. D'éirigh leis an téarma *cárta caite i dtraipisí* brí an téarma Bhéarla a thabhairt slán sa spríocheacs. Luíonn an téarma go maith le comhréir na habairte agus leis an gcomhthéacs. Feictear an modh aistrithe seo i bhfeidhm san abairt thíos.

Buntéacs	Spríocheacs
<i>Robbing the pack.</i> If dealt the trump Ace, you may declare that fact and then 'rob the pack' by taking the turn-up and discarding an unwanted card face down.	<i>Robáil an phaca.</i> Má roinntear Aon an Mháimh ort, is féidir an méid sin a chur in iúl agus ansin déanann tú 'an paca a robáil' ach an t-iompú cárta a thógáil den phaca agus cárta nach bhfuil uait a chaitheamh i dtraipisí ar a bhéal faoi.

**(xiii) Eldest**

Ba é príomhchuspóir an taighdeora téacs intuigthe don léitheoir agus dílis don Ghaeilge a aistriú. D'fhonn brí na dtéarmaí a shoiléiriú i roinnt cásanna sa staidéar seo, ba ghá imeacht cuid mhaith ó théarmaí an bhuntéacs chun go dtuigfeadh an léitheoir ciall na habairte. Sampla maith de sin is ea an téarma *Eldest*. Tá ciall mheafarach le *Eldest* i gcomhthéacs na gcártaí. In áit leagan amhail *an té is sine a úsáid*, socraíodh ar an leagan *an té ar thaobh na láimhe clé den roinnteoir* a úsáid, a thuigfeadh agus nach gcuirfeadh an gnáthléitheoir amú.

Téarma	Míniú	Foinse
Elder, -est	The player to the left of the dealer in left-handed games, or to the right in right-handed, who is obliged or privileged to make the opening bet, bid, or lead. (Also called <i>age</i> , <i>forehand</i> , <i>pone</i> , etc.)	The Penguin Book of Card Games (2008: 278)
Fear tógála	Fear tógála, fear ar láimh chlí fear rannta agus a mbéidh air an chéad chárda a imirt. (Cloichcheannfhaola).	Cárdaí agus Cearrbhachas (1953: 94)

Cé gur thángthas ar théarma a d'oir don chomhthéacs – *fear tógála*, socraíodh ar leas a bhaint as an leagan *an té ar thaobh na láimhe clé den roinnteoir* san aistriúchán deiridh. Bheadh an téarma *fear tógála* ag teacht salach ar an modh aistrithe a bhí in úsáid le téarmaí amhail *roinnteoir etc.* Ní mór a thabhairt chun cuimhne a thábhachtaí agus atá an léitheoir, ní hé gach léitheoir a thuigfeadh an téarma *an fear tógála* i gcomhthéacs imirt cártaí.

Buntéacs	Spriocthéacs
<i>Play.</i> Eldest starts by playing any Seven face up to the table	<i>Imirt.</i> Cuireann an té ar thaobh na láimhe clé den roinnteoir tús leis an imirt agus Seacht ar bith a imirt agus é ar aghaidh na n-imreoirí eile dul i mbun na himeartha.

**(xiv) An tAinmfhocal a lua**

Cé go bhfuil leagan ar *three of a kind*<sup>5</sup> – *trí* agus *four of a kind* – *ceathair* i gcomhthéacs an phócair ar fáil ar [www.tearma.ie](http://www.tearma.ie), nuair a cuireadh an modh aistrithe seo i bhfeidhm sa chéad dréacht, níor oir sé don abairt. Ní léir brí na habairte Gaeilge don léitheoir nuair nár luadh ach *an ceathair*; ba ghá ainmfhocal a lua leis an téarma lena bheachtú. Mar gheall air seo, feictear an múnla *trí cinn den chineál céanna*, agus *ceithre cinn den chineál céanna*, ag tagairt do *three of a kind*, *four of a kind* etc. san aistriúchán deiridh in áit *an trí*, agus *an ceathair*.

Buntéacs	Spriothéacs
The aim is to get four of a kind...	Is é an cuspóir ceithre cinn den chineál céanna a aimsiú...

**(xv) Na Giorrúcháin – AKQJT**

Úsáidtear na giorrúcháin (AKQJT) sa bhuntéacs nuair a dhéantar tagairt do na cártaí éagsúla, mar shampla, *King* = K etc. Beartaíodh gan na giorrúcháin (RBCAD) a úsáid sa spriothéacs toisc go bhfágтар na giorrúcháin mar atá siad i mBéarla (AKQJ etc.) i dteangacha éagsúla eile.<sup>6</sup> Is léir mar sin gur cleachtas idirnáisiúnta é seo agus níor athraíodh na giorrúcháin sa spriothéacs dá bharr.

**(xvi) Téarmaí an Phócair**

Ní raibh go leor téarmaí a bhain le réimse an phócair le fáil sna foclóirí Gaeilge, ach bhí roinnt téarmaí ar [www.tearma.ie](http://www.tearma.ie), rud a léiríonn (i) go raibh dúil ní ba láidre ag muintir na hÉireann sna cluichí amhail Cúig Ficead, Daichead a Cúig etc. fadó agus (ii) go bhfuil borradh faoi chluichí pócair, go háirithe ar an idirlíon, le déanaí.

<sup>5</sup> Nó 'trírin, (3 of a kind) trips' ([www.tearma.ie](http://www.tearma.ie)).

<sup>6</sup> Tagraítear do na giorrúcháin mar KQJ i dtéacsanna Spáinnise agus Gearmáinise etc. Féach: Selzer-McKenzie 2002; Moreno 2003.

**(xvii) Flush**

Téarma	Míniú	Foinse
Flush	noun (In poker or brag) a hand of cards all of the same suit.	OED

Bhí téarmaí éagsúla ar *flush* in EID agus in [www.tearma.ie](http://www.tearma.ie) araon:

Téarma	Aistriú	Foinse
Lámh aondathach	Flush, Cards: (At poker)	EID
Blás	Flush	<a href="http://www.tearma.ie">www.tearma.ie</a>

Tháinig na téarmaí seo salach ar a chéile agus measadh gurbh fhearr an téarma *blás* a úsáid ó thaobh leanúnachais de. Rinneadh é sin óir tagraíodh do théarmaí eile amhail *royal flush* – *blás ríoga* etc. sa bhuntéacs agus bhí leaganacha díobh ar [www.tearma.ie](http://www.tearma.ie). Ba ghá uimhir iolra a chumadh do *blás* (*blásanna*), toisc nach raibh a leithéid ar fáil ar [www.tearma.ie](http://www.tearma.ie). Bunaíodh an litriú *blásanna* ar fhocail atá ar aon chruth leis mar *spás* (*spásanna*). Cuireadh ceist ar an gCoiste Téarmaíochta faoina oiriúnaí agus atá an litriú agus moladh an méid seo a leanas ina leith: ‘is sraitheanna an t-iolra ar straights agus blásanna ar “flushes”’ (ríomhphost 2014). Bhí dúshlán ar leith ag baint leis an bhfrása *Ace-high royal flush* a aistriú agus mhol an Coiste Téarmaíochta an leagan *Blás ríoga agus Aon ar ardluach* a úsáid agus feictear an leagan seo san aistriúchán deiridh dá bharr.

**(xviii) Flop**

Buntéacs	Spriochtéacs
There are several varieties (sic.) of Poker in which one or more cards are dealt face up to the table and counted by each player as if they were part of his own hand. These communal cards form what is called the <i>flop</i>	Tá leaganacha éagsúla Pócair ann ina roinntear cárta amháin nó níos mó ar a mbéal suas ar an mbord agus áiríonn gach imreoir iad amhail is gur chuid dá lámh féin iad. Tugtar an <i>phleist</i> ar na cártaí comhchoiteanna seo.

Ba ghá go leor de na téarmaí a bhain le réimse an phócair a chumadh, baineadh leas as an téarma *pleist* ar *flop* i dtús báire, agus aistriúodh téarmaí amhail *the flop*, *three-card flop* etc, mar an *phleist*, *pleist trí chárta*, etc.

Buntéacs	Spríocthéacs
The flop	An phleist
Three-card flop	Pleist trí chárta

Focal eile a bhí le cur sa mheá anseo ba ea *flup*, focal atá cosúil leis an bhfocal Béarla. Ceapadh go mbeadh an focal *pleist* ní ba sholúbtha agus b'fhurasta é a úsáid mar réimír agus sin é an chúis ar beartaíodh an téarma sin a úsáid san aistriúchán. Mhol an Coiste Téarmaíochta téarmaí amhail *Pleistphócar*, an *phleist* etc. a úsáid agus feictear na téarmaí seo san aistriúchán deiridh dá bharr sin.

### (xix) *Hole card*

Téarma	Míniú	Foinse
hole-card	in stud poker, a card which has been dealt face down; also <i>fig</i> .	OED

Aistríodh an téarma *hole card* mar *cárta rúnda* i dtús báire, ach measadh nár thug an téarma Gaeilge bunchiall an téarma Bhéarla slán. Rinneadh tuilleadh taighde ar an téarma seo i gcomhthéacs an chluiche pócair (mar shampla, Parlett, 2008; McLeod 2010, etc.) agus beartaíodh ar an téarma thíos bunaithe ar bhri an téarma a úsáid:

Buntéacs	Spríocthéacs
Deal two hole cards to each player.	Roinn dhá chárta béal síos ar gach imreoir.

Mhol an Coiste Téarmaíochta an téarma *cárta cúil* a úsáid. Bunaítear an leagan seo ar an méid seo a leanas:

Téarma	Aistriú	Foinse
Cárta cúil	an ace up your sleeve she had an ace up her sleeve bhí cárta cúil aici, bhí cúig eile aici	Foclóir Nua ( <a href="http://www.foclóir.ie">www.foclóir.ie</a> )

Téarma úsáideach is ea é seo a oireann don chomhthéacs agus feictear an leagan seo san aistriúchán deiridh dá réir sin.

## Conclúid

Bhí sé mar phríomhchuspóir ag an taighdeoir ó thús deireadh an tionscadail ábhar soléite agus sothuigthe a sholáthar sa spriochtéacs. Measadh go mbeadh ábhar mar seo ina bhuntáiste do chainteoirí Gaeilge agus go gcuirfeadh sé leis an raon ábhair aistrithe atá ar fáil i nGaeilge. Níl aon leabhar ar leith ar fáil i nGaeilge ina ndéantar mioniniúchadh ar réimse na gcluichí cártaí agus an téarmaíocht dúchais a ghabhann leis. Dá bharr sin, féachadh le téarmaí dúchasacha a bhaineann le cluichí cártaí agus traidisiún imeartha cártaí sa tír seo a nascadh leis an taighde.

Ní foláir a rá go raibh láimhseáil na téarmaíochta ar cheann de na dúshláin ba mhó a bhain leis an aistriúchán seo. Rinneadh cíoradh ar fhoinsí difriúla, idir fhoclóirí, téacsanna agus taifeadtaí digiteacha éagsúla chun teacht ar na téarmaí cuí le húsáid san aistriúchán. Ba thrua ar shlí nach bhféadfaí níos mó leasa a bhaint as na téarmaí agus nathanna cainte ar thángthas orthu le linn an taighde ach bhí cúiseanna maithe ann nárbh fhéidir iad a úsáid (féach ar mhír (xiii) *Eldest, Téarmaí Deacra etc.*) Caithfear na daoine a rinne iarracht na foinsí teanga seo a bhailiú a mholadh, ach ní mór aird a thabhairt ar chomhairle Uí Eochaidh ina leith:

... tá iarracht déanta agam ar chur síos a dhéanamh ar fhoclóirín, agus ar abairtí, agus leaganacha cainnte an chearrbhaigh, go díreach mar a bhaintear feidhm astu in mo bhaile hén i dTeilionn, agus i gCloichcheannfhaola. Níl mé ag rádh gur éirigh liom an t-iomlán a fháil...ach níor mhór do dhuine geimhreadh a chaitheamh i gcuideachta na gcearrbhach in 'ach baile fearainn s Ghaeltacht leis sin a dhéanamh agus ina dhiaidh sin ní bhéadh an t-iomlán ar fáil, is dóiche liom (Ó hEochaidh, 1953: 87).

Próiseas casta is ea an t-aistriúchán agus tá ról an léitheora agus an aistritheora fite fuaite go dlúth ann. Tá an ceart ag Mac Lochlainn (2010: 58) nuair a deir sé, 'Gníomh cumarsáide atá san aistriúchán agus bíonn aistritheoirí maithe ar a ndícheall ag iarraidh gach débhríocht agus doiléire sa téacs foinseach a réiteach.' Ní mór a bheith airdeallach ar bhrí an bhuntéacs a thabhairt slán agus í a chur in oiriúint ar bhealach nádúrtha don Ghaeilge. Tháinig dúshláin ar leith chun tosaigh san aistriúchán toisc go rabhthas ag plé le saintéarmaíocht a bhaineann le réimse sainiúil sa Ghaeilge. Cé go raibh ar an taighdeoir grinnanailís a dhéanamh ar an mbuntéacs agus ar bhrí na dtéarmaí sa bhuntéacs, níor leor na saintéarmaí úd a aistriú go litriúil i ngach cás. Bhí ar an taighdeoir tuiscint an léitheora a chur san áireamh agus an t-aistriúchán á dhéanamh aici chun a chinntiú go mbeadh an téacs oiriúnach don ghnáthdhuine mar aon leis an saineolaí ar chluichí cártaí.

## Leabharliosta

### Leabhair

- Katz, N., (2004) *The Everything Card Games Book: A complete guide to over 50 games to please any Crowd*. S.A.M.: Adams Media.
- Mac Lochlainn, A., (2000) *Cuir Gaeilge Air*. Baile Átha Cliath: Cois Life.
- Moreno, M., (2003) *Enciclopedia de los juegos: Las reglas de 500 juegos (Bicolor)*. Barcelona: Editorial Paidotribo.
- Munday, J., (2012) *Introducing Translation Studies: Theories and Applications*. An tríú heagrán. Londain: Routledge.
- Newmark, P., (1988) *A Textbook of Translation*. Hertfordshire: Prentice Hall International.
- Nida, E.A. & Taber, C.R., (1982) *The Theory and Practice of Translation*. Leiden: E.J. Brill.
- Ó Cadhlaidh, C., (1900) *Slighe an Eólais: Cúrsaí an tSaoghail i nÉirinn*. Baile Átha Cliath: Brún & Ó Nóláin.
- Ó Grianna, S., (1924) *Caisleán Óir*. An dara heagrán. Ó Dónaill, N. (eag). Athchló, Corcaigh: Mercier Press, 1976.
- Ó Máille, T., (1936) *An Béal Beo*. An tríú heagrán. Ó hUiginn, R. (eag). Athchló, Baile Átha Cliath: An Gúm, Foras na Gaeilge, 2002.
- Ó Ruairc, M., (2007) *Aistrigh Leat*. Baile Átha Cliath: Cois Life.
- Parlett, D., (2008) *The Penguin Book of Card Games*. An tríú heagrán. Londain: Penguin Books Ltd.

### Ailt/Nuachtáin

- Fáinne an Lae* (1922(a)) ‘Ceist agus Freagra.’ 04 Samhain.
- Fáinne an Lae* (1922(b)) ‘Ceist agus Freagra.’ 18 Samhain.
- Irisleabhar na Gaedhilge: The Gaelic Journal* (1903) ‘Focla agus Ráidhte.’ 01 Eanáir. 213.

- Ó Donnabháin, B., (2011) ‘Macallaí Aon a Hart an tAon beag Ceart.’ *Irish Echo* [ar líne], 16 Feabhra. ar fáil: <http://irishecho.com/2011/02/16/page/770/> [léite ar an 20 Iúil 2014].
- Ó hEochaidh, S., (1953) ‘Cárdaí agus Cearrbhachas’. *Béaloideas*. 22. 88-101.

### Foinsí Ar Líne

- An Gúm (g.d.) *Treoracha d'Aistritheoirí* [ar líne]. Ar fáil ag: <http://www.gaeilge.ie/dynamic/file/Treoracha%20dAistritheoiri.pdf> (léite 11 Meitheamh 2014)
- Boards.ie (2009) Ag imirt cártaí. *Boards.ie* [ar líne]. Ar fáil ag: <http://www.boards.ie/vbulletin/showthread.php?p=62737220> (léite 10 Iúil 2014)
- Irish Language Forum (2011) Cluichí Cártaí. *Irish Language Forum* [ar líne]. Ar fáil ag: <http://irishlearner.awyr.com/phpBB3/viewtopic.php?f=28&t=48> (léite 20 Iúil 2014)
- McLeod, J., (2011) *Texas Hold'em* [ar líne]. Ar fáil ag: <http://www.pagat.com/trumps/nap.html> (léite 21 Iúil 2014)
- Selzer-McKenxie, D., (2002) *Poker*. GoogleBooks [ar líne]. Ar fáil ag: [books.google.ie/books?id=mkLWSDWtiBUC](http://books.google.ie/books?id=mkLWSDWtiBUC) (léite 8 Lúnasa 2014)
- St. Clare's Primary School (2014) Ag imirt cártaí i Seachtain na Gaeilge. *Wordpress* [ar líne], 14 Márta. ar fáil: <http://stclares6th.wordpress.com/2014/03/14/ag-imirt-cartai-i-seachtain-na-gaeilge/> (léite 11 Iúil 2014)

### Ríomhphost

- An Coiste Téarmaíochta (2014) *Maidir le: Comhairle maidir le téarmaí áirithe do chluichí cártaí* (tearmai@forasnagaeilge.ie), (9 Iúil) (léite 9 Iúil 2014)

## **Taifeadadh**

Ó Sé, M., (2013) *Imirt Cártaí sa Traidisiún agus sa Chaint, Card-playing Traditions*. Ceiliúradh an Bhlascaoid 2013, The Blascaod Mór Commemoration 2013. Saibhreas agus Dán na Teanga. The Wealth and Future of the Language. Dé Sathairn 28 Meán Fómhair. Craoladh Raidió. Raidió na Gaeltachta, 27 Nollaig 2013.

## **Foclóirí**

de Bhaldraithe, T., (1959) *English-Irish Dictionary*. Baile Átha Cliath: Criterion Press Ltd.

de Bhaldraithe, T., (1985) *Foirisiún Focal as Gaillimh*. Baile Átha Cliath: Acadamh Ríoga na hÉireann.

Ó Dónaill, N., (1977) *Foclóir Gaeilge-Béarla*. Baile Átha Cliath: An Gúm.

## **Áiseanna Leictreonacha/Ar Líne**

<http://www.tearma.ie>

<http://www.focloir.ie/>

<http://teanglann.ie>

<http://oxforddictionaries.com/>



## Ag ullmhú Mic Léinn Leighis leis an nGaeilge a úsáid agus iad i mbun a gcuid oibre<sup>1</sup>

*Dorothy Ní Uigín, Gearóid Ó Flatharta & Máirtín Ó Maoláin*

<https://doi.org/10.13025/y61k-qp13>

### Réamhrá

San alt seo pléitear Modúl Staidéir Speisialta (*Special Study Module/SSM*) a dhéanann mic léinn leighis in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. ‘Teanga an Leighis’ is ainm don mhodúl, agus tugann na mic léinn faoi sa dara bliain dá gcúrsa staidéir. Is í aidhm an mhodúil mic léinn óga leighis a chumasú le déileáil go muiníneach trí Ghaeilge le hothair, agus tá an modúl á réachtáil go bliantúil san ollscoil ó 2010 i leith. Is í aidhm an ailt seo cur síos a dhéanamh ar thionchar an mhodúil ar na mic léinn a thugann faoi, agus moltaí a chur i láthair faoin gcaoi a bhféadfaí an modúl a fhorbairt sa todhchaí. Bhí baint ag údar an ailt le dearadh agus le seachadadh an mhodúil seo ón tús, agus tá leasuithe déanta ar an modúl ó thosaigh sé bunaithe ar an aiseolas a bailíodh ó na mic léinn gach bliain agus a phléitear thíos freisin.

### Cúlra

In alt san *Irish Times* i samhradh na bliana 2014, tuairiscíodh:

*A review of the Royal College of Physicians of Ireland’s specialist training programmes has recommended a greater focus on practical skills and on a specialist’s ability to communicate with patients rather than on the accumulation of knowledge for exam purposes (Healy, 2014).*

---

<sup>1</sup> Cuireadh leagan den pháipéar seo i láthair ag **Cynhadledd Ryngwladoly Coleg Cymraeg Cenedlaethol**, Iúil 2014.

Tá tábhacht na cumarsáide idir dochtúir agus othar aitheanta le fada – tuigtear, ar ndóigh, go mbraitheann 80% d'fháthmheas an othair ar ghlacadh stair an othair. In alt le taighdeoirí leighis in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh luadh: '*Dissatisfaction with physician-patient communication is known to be a leading factor influencing patients' decisions to initiate medicine negligence proceedings*' (Kropmans & Warren, 30). Bíonn fadhbanna cumarsáide ann ó thráth go chéile i suíomhanna nuair nach bhfuil an dochtúir eolach ar theanga an othair. Aithníodh an deacracht seo san ollscoil seo, i gcás othar a bhfuil an Ghaeilge acu mar chéad teanga, agus d'eascair an modúl speisialta seo as an tuiscint sin. Is modúl roghnach é 'Teanga an Leighis' i measc réimse leathan modúl roghnach i gColáiste an Leighis a sholáthraítear do na mic léinn agus a fhéachann leis an dochtúir óg a chumasú le feidhmiú go héifeachtach i saol gairmiúil an dochtúra. Úsáidtear cuir chuige éagsúla a chinntíonn an fhoghlaim ghníomhach sna modúil dhifriúla – an ceann atá faoi chaibidil anseo san áireamh – rud a thagann leis an sainmhíniú a thugann Littlewood thíos faoin bhfoghlaim ghníomhach:

*This desire to make learning more student-centred is reflected in widespread attempts, in different areas of the curriculum, to introduce approaches which engage students actively in the learning process* (Littlewood, 2000: 1).

Bhí tionchar freisin ag taighde a rinne an Dr Gearóid Ó Flatharta, léachtóir i gColáiste an Leighis in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus an Dr Máirtín Ó Maoláin, (a bhí ina mhac léinn leighis ag an am) in 2009 agus 2010, ar fhorbairt an mhodúil seo agus breathnófar anois ar thorthaí an taighde sin leis an réasúnaíocht a bhain le bunú an mhodúil seo a scagadh. Tugann an taighde seo an-léargas dúinn ar dhearcadh na gcleachtóirí leighis in Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh ar úsáid na Gaeilge ina saol oibre, agus, ar ndóigh, ar dhearcadh phobal na Gaeilge i leith na teanga sa chóras sláinte.

## **Taighde leis na Mic Léinn Leighis**

Sa chéad phíosa taighde a rinneadh, scaipeadh suirbhé ar mhic léinn leighis trí cheistneoir ar líne. 387 mac léinn a chomhlánaigh an ceistneoir, sin ráta freagartha de 65%; chomhlánaigh 13% (n=49) de na mic léinn an suirbhé i nGaeilge, agus b'Éireannaigh iad 78% (n=303) de na mic léinn a d'fhreagair. I measc na mac léinn a d'fhreagair, ní raibh sna cainteoirí dúchais Gaeilge ach 1% den chohórt iomlán, cé go ndúirt 5% de na mic léinn gur fhás siad aníos i gceantar Gaeltachta. Is léiriú an-mhaith é seo ar na deacrachtaí a bhaineann le

soláthar seirbhís Ghaeilge sa chóras sláinte nuair a thuigtear a laghad cleachtóirí leighis a bhfuil an Ghaeilge mar chéad teanga acu. Léiríodh sa taighde, áfach, gur cheap tromlach na mac léinn (79%, n=304) go raibh an cumas cumarsáid a dhéanamh trí Ghaeilge luachmhar nó an-luachmhar. Bhí os cionn trian de na mic léinn tar éis cumarsáid a bheith acu le hothair le Gaeilge, agus dúirt 66% acu siúd gur chuir úsáid na Gaeilge leis an *rapport* a bhí acu leis an othar sna cásanna sin. Chreid na mic léinn freisin go mbeadh glacadh stair an othair le Gaeilge ní b'eifeachtaí dá ndéanfaí trí mheán na Gaeilge é.

Mhol 50% de na mic léinn a d'fhreagair an ceistneoir gur cheart go mbeadh Modúl Staidéir Speisialta don Ghaeilge ar fáil; 37% a mhol cúrsa athnuachana (gnáthchúrsa teanga, seachas sainchúrsa a bhainfeadh le cúrsa leighis), agus 13% a bhí i bhfabhar theagasc na n-ábhar leighis trí mheán na Gaeilge (cur chuige a thiocfadh le cur chuige CLIL nó '*Content-based learning*' mar a mhíononn Lyster agus Ballinger (2011) é). Glacadh le moladh an tromlaigh, áfach, agus bunaíodh an Modúl Staidéir Speisialta 'Teanga an Leighis' in 2010.

## Taighde leis na Cleachtóirí Leighis

Rinne staidéar eile in 2009 inar scagadh dearcadh na foirne agus na n-othar i gcás úsáid na Gaeilge in Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh. Rinneadh an taighde seo ag úsáid suirbhéanna ar-líne i gcás na ndochtúirí, agus agallaimh 'ag taobh na leapa' leis na hothair a raibh Gaeilge mar chéad teanga acu. Ar phríomhthorthaí an taighde seo bhí: cheap 78% den fhoireann go raibh an Ghaeilge an-tábhachtach do chainteoirí na teanga, agus d'aithin 75% gur cheart freastal ar riachtanais teanga chainteoirí Gaeilge. Dúirt 42% de na hothair ar cuireadh agallamh orthu gurbh fhéarr leo an Ghaeilge a úsáid san ospidéal, cé nár mhiste le 36% de na hothair ar cuireadh agallamh orthu an Béarla a úsáid.

I measc na dtorthaí eile a léirigh an taighde seo, bhí cúpla rud ar leith ar díol spéise iad: nuair a cuireadh ceist ar na dochtúirí cén chaoi ar aithin siad gur as an nGaeltacht d'othar, dúirt 24% acu gurbh é blas cainte an othair a léirigh é sin dóibh. Is léiriú é seo ar an nós atá fós ag muintir na Gaeltachta leaganacha Béarla dá gcuid ainmneacha a úsáid agus iad ag plé leis an gcóras sláinte.

## Na hOthair

B'as Gaeltacht Chonamara 86% de na hothair ar cuireadh agallamh orthu, agus cheap 54% acu gur cheart go mbeadh Gaeilge ag foireann an ospidéal. Dúirt 94% acu, áfach, nár tugadh aon rogha dóibh Gaeilge a úsáid san ospidéal. Cé go bhfuil polasaí Gaeilge ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), bhí 77.6% den fhoireann agus 84% de na hothair dall ar Scéim Teanga FSS an Iarthair. Dúirt 73% den fhoireann agus 84% de na hothair nár chuala siad trácht ar an Oifigeach Gaeilge i bhFSS, agus nár thuig siad go raibh a leithéid de dhuine ann.

## Toradh Curaclaim – ‘Teanga an Leighis’

Mar thoradh ar an taighde seo, d'ullmhaigh údar an ailt seo modúl ocht seachtaine le cabhair agus le hionchur ón Dr Ó Flatharta agus ón Dr Ó Maoláin. Bíonn an modúl ar siúl go hiondúil i Seimeastar 2 den dara bliain den chúrsa leighis, agus ó tosaíodh an modúl, tá 38 mac léinn tar éis an modúl a dhéanamh (c.7/8 in aghaidh na bliana), agus tá cohórt nua de sheisear mac léinn i mbun an chúrsa i mbliana.<sup>2</sup> Tá na figiúirí seo beag, ach, mar a luadh thuas, bíonn rogha leathan modúl ag na mic léinn i gcás na Modúl Staidéir Speisialta agus bíonn líon na mac léinn a fhreastalaíonn ar chuid mhór de na modúil réasúnta beag dá bharr sin.

Sa lámhleabhar a ullmhaíodh don mhodúl tarraingíodh ar ábhar a ullmhaíodh roimhe sin in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge do chúrsa eile a thairgtear do mhic léinn altranais. Úsáideadh freisin an leabhar *Leaganacha Leighis* leis an Dr Nicola de Faoite, ina bhféachann an Dr de Faoite le leagnacha nádúrtha Gaeilge a úsáid le cur síos ar dheacrachtaí coitianta sláinte. Ó cuireadh tús leis an modúl tá curtha leis an lámhleabhar le hábhar a d'ullmhaigh na mic léinn féin. Tá luach ar leith leis an ábhar seo, de bharr go raibh na mic léinn féin páirteach i gcruthú corpais agus i mbailiú leaganacha cainte.<sup>3</sup> Chuidigh sé seo go mór leis an bhfoghlaim ghníomhach a luadh thuas.

Anuas ar na hocht seachtaine a dhéanann na mic léinn, caitheann siad deireadh seachtaine i gceantar Gaeltachta agus tugann siad cuairt ar theach altranais do sheandaoine agus iad ansin. Tá sé seo ar an ngné is tábhachtaí – agus is taitneamhaí – den mhodúl, agus i ndeireadh na dála, is é is tairbhí do na mic léinn freisin é.

2 Níl an cohórt seo san áireamh san anailís thíos ar na ceistneoirí agus na haistí machnamhacha de bharr go bhfuil an modúl fós idir lámha acu.

3 Tá an t-údar ar fiosrú na bhféidearthachtaí leis an ábhar seo a chur ar fáil i bhfoirm aipe i láthair na huaire.

Dírítear ar na téamaí seo a leanas agus an modúl idir lámha ag na mic léinn: ag glacadh stair an othair, baill na colainne, cúrsaí péine, toiliú, cóir leighis (piollaí), ag plé le páistí, agus ag plé le seandaoine. Roghnaíodh díriú ar sheandaoine agus ar ghasúir d'aon turas de bharr gur uathusan is mó a theastaíonn seirbhís Ghaeilge: iad siúd atá ag aois réamhscoile agus iad siúd atá, b'fhéidir, ag dul sa dara leanbaíocht nó i leanbaíocht na seanaoise mar a thugtar ar an néaltrú i nGaeilge na Gaeltachta.

Tá béim ar leith ar rólghníomhaíochtaí sa mhodúl; úsáidtear iad seo mar gur gníomhaíochtaí foghlama iad *'that engage the learner directly in the phenomena being studied'* (Cantor, 1997: 1) agus le cinntiú go raibh na mic léinn leighis *'directly in touch with the realities being studied'* (Keeton & Tate, 1978: 2), is é sin, ag déileáil le cainteoirí Gaeilge i suíomhanna réadúla a bhaineann leis an tsláinte.

### **Tuairimí na Múinteoirí i leith an Mhodúil**

Ar na rudaí ba shuntasá a tugadh faoi deara agus an modúl seo á theagasc ná go raibh na mic léinn sásta a bheith gníomhach sna ranganna ón tús, agus chabhraigh sé sin go mór le rath an chúrsa. Bhí an deireadh seachtaine sa Ghaeltacht a reáchtáladh go luath sa chúrsa an-chabhrach le dinimic ranga a buanú, agus thaitin sé leis na mic léinn freisin go bhféadfadh na teagascóirí foghlaim uathusan de bharr nach dochtúirí leighis iad na teagascóirí.

Mar a luadh thuas, níl aon dabht ach go ndeachaigh an chuairt ar áras na seandaoine sa Ghaeltacht i bhfeidhm go mór ar na mic léinn, agus, gan amhras, chuaigh a lách is a bhí na mic léinn agus iad ag plé leis na seandaoine i bhfeidhm ar na teagascóirí a bhí leo freisin.

Aithníodh ón tús go raibh sé an-tábhachtach go raibh an réim teanga cruinn agus an obair seo ar bun ag na teagascóirí leis na mic léinn; ba léir ón tús freisin gur thuig na mic léinn tábhacht an réim teanga chomh maith, agus ba mhínic dóibh feiliúnacht na leaganacha a bhí ag na teagascóirí i suímh ar leith a cheistiú.

### **Tuairimí na Mac Léinn**

Tugtar ceistneoir simplí do na mic léinn ag deireadh an mhodúil gach bliain. Déantar scagadh thíos ar na freagraí a fuarthas sna ceistneoirí sin ó thosaigh an modúl (2010-2014) le léargas a fháil ar thuairimí na mac léinn i leith na Gaeilge agus i leith an mhodúil:

1. An chéad cheist ar an gceistneoir ná ‘Cén fáth ar roghnaigh tú an modúl seo?’ Dúirt tromlach na mac léinn gur roghnaigh siad an modúl lena gcuid Gaeilge a fheabhsú, agus le nach ndéanfaidís dearmad ar an nGaeilge a d’fhoghlaim siad ar scoil. Fíorbheagán acu, áfach, a luaigh gur mhaith leo a bheith in ann cumarsáid a dhéanamh le hothair trí Ghaeilge.
2. An dara ceist a chuirtear ná ‘An raibh tú sásta leis an modúl? Tabhair fáthanna, le do thoil.’ Bhí siad uilig sásta leis an modúl, agus mhol siad a phraiticiúil is a bhí sé. Is cúis sásaimh é seo do na teagascóirí a bhfuil baint acu le seachadadh an chúrsa de bharr gur léir feasacht na mac léinn faoina thábhachtaí is atá teanga an othair nuair a bhíonn sláinte an othair sin i gceist.
3. ‘An raibh aon rud faoin modúl nach raibh sásúil?’ Dúirt beirt gur mhaith leo tuilleadh obair phraiticiúil a dhéanamh agus dúirt duine amháin go raibh an t-ualach oibre trom, ach níor luaigh na mic léinn eile rud ar bith eile i gcás na ceiste seo.
4. ‘Cérbh é an ghné den mhodúl ba mhó a thaitin leat?’ Dúirt tromlach mór na mac léinn gurbh í an tréimhse Ghaeltachta ba mhó a thaitin leo, agus an chuairt ar áras na seandaoine go sonrach i gcás an tromlaigh. Ní haon chúis iontais é seo do na teagascóirí. Thug an tréimhse Ghaeltachta agus an chuairt ar áras na seandaoine comhthéacs don fhoghlaim agus don Ghaeilge féin. Ba riléir do na mic léinn gur theanga bheo a bhí sa Ghaeilge, agus go raibh gá lena húsáid go minic le seandaoine len iad a chur ar a gcompond agus in ómós dá bhféiniúlacht.

Is iondúil go n-eagraítear léacht le dochtúir teaghlaigh a bhfuil taithí aici ar obair an dochtúra sa Ghaeltacht le linn an deireadh seachtaine seo. Tagann an Dr Nicola de Faoite – a luadh roimhe seo, agus a bhfuil leabhar téarmaíochta ar an ábhar ullmhaithe aici – léacht do na mic léinn agus iad sa Ghaeltacht, agus téann an léacht seo go mór i bhfeidhm orthu i gcónaí. Roinneann an Dr de Faoite an taithí luachmhar atá aici mar dhochtúir teaghlaigh ag obair i gceantar Gaeltachta, agus cuidíonn sé seo leis na mic léinn na dúshláin a bhaineann le hobair mar sin a thuiscint.

5. ‘Cérbh é an ghné den mhodúl ba mhó nár thaitin leat?’ D’fhág go leor de na mic léinn bearna i gcás na ceiste seo, rud a léiríonn go raibh siad sásta, tríd is tríd, leis an modúl. Dúirt duine amháin go raibh an aiste mhachnamhach a bhí le déanamh acu deacair, agus luaigh cúigear go raibh

na rólghníomhaíochtaí beagáinín leadránach ó thráth go chéile – cé gur admhaigh beirt acu sin, ina ainneoin sin, gur tháinig feabhas ar a gcuid Gaeilge de bharr na rólghníomhaíochtaí.

6. ‘An raibh an tréimhse sa Ghaeltacht fiúntach? Cén fáth?’ Dúirt na mic léinn ar fad go raibh an tréimhse sa Ghaeltacht fiúntach; thuig siad ní b’fhearr aidhmeanna an mhodúil tar éis dóibh a bheith ann, agus an tábacht a bhain leo. Bhí sé thar a bheith fiúntach dóibh cumarsáid a dhéanamh le hothair arbh í an Ghaeilge an chéad teanga acu agus iad sa Ghaeltacht.

Luaigh siad freisin gur thug sé deis dóibh aithne a chur ar a chéile. Ba thoradh luachmhar agus tábachtach é sin freisin, gan amhras, fiú mura luaitear i measc thorthaí foghlama oifigiúla an mhodúil é.

7. ‘An bhfuil gnéithe den mhodúl ar mhaith leat a athrú?’ Arís, fágadh go leor bearnaí i gcás na ceiste seo. Luaigh cúpla mac léinn gur mhaith leo níos mó ama a chaitheamh le hothair. Bhí mac léinn amháin a bhí in amhras faoin gcuart ar áras na seandaoine; cheap an mac léinn sin gur ag cur isteach ar na seandaoine a bhí na mic léinn, agus chuir sé sin as don mhac léinn beagáinín. Ba léiriú é seo ar an ngné mhachnamhach den mhodúl seo: bhí na mic léinn criticiúil agus machnamhach, agus sásta tuairimí a léiriú i gcás a dtairí ar an modúl seo.

Bhain na trí cheist dheiridh ar an gceistneoir le socruithe praiticiúla agus le hualach oibre an mhodúil:

8. ‘An raibh na háiseanna a cuireadh ar fáil san ollscoil agus sa Ghaeltacht sásúil?’ Bhí na mic léinn uilig sásta leo seo.
9. ‘An molfá do dhaoine eile an modúl seo a dhéanamh?’ Dúirt siad ar fad go molfadh.
10. ‘Ar chuir an modúl seo brú oibre ort?’ Bhí meascán de fhreagraí ó na mic léinn ann i gcás na ceiste seo, ach fiú na mic léinn a dúirt gur chuir an modúl brú orthu, cheap siad gurbh fhiú é.

## An Aiste Mhachnamhach

Bhí aiste mhachnamhach le scríobh ag na mic léinn mar chuid den mhodúl freisin, agus is saibhre i bhfad an t-aiseolas atá iontu seo faoin gcaoi a ndeachaigh an modúl, agus go háirithe an tréimhse Ghaeltachta, i bhfeidhm orthu. Dúirt duine acu in 2010, mar shampla, ‘Ar bhonn pearsanta bhí mé an-sásta go raibh mé in ann na hothair a thuiscint agus níos tábhachtaí fós go raibh siad in ann mé a thuiscint...’, agus duine eile sa bhliain chéanna ‘Thug mé faoi deara cé chomh tábhachtach is atá sé a bheith ábalta caint le daoine ina dteanga féin...’ Luaigh duine de na mic léinn in 2011 gurbh ‘oscailt súl’ a bhí sa taithí Ghaeltachta di agus an modúl seo ar bun aici.

Ní léiriú ar cheisteanna teanga amháin a bhí sna haistí machnamhacha seo ach oiread, ach plé níos ginearálta go minic ar obair an dochtúra: luaigh duine de na mic léinn i 2011, mar shampla, go ‘Leagtar béim ar cheiliúradh na beatha seachas comóradh an bháis...’ in áras na seandaoine a raibh siad ann. Ba léir uaidh sin an machnamh a bhí déanta ar an gcaoi a gcaitear le daoine agus iad ag druidim i dtreo dheireadh a saoil.

Cén dearcadh, a bhí ag na mic léinn leighis seo ar cheist na teanga ina gcuid oibre? B’ardú meanman do na teagascóirí nuair a dúirt duine acu in 2013 gur fhoghlaim sé ‘nár cheart go mbeadh sé d’iallach ar an othar é féin nó í féin a chur in oiriúint don dochtúir – ach a mhalairt’. Tá píosa aiseolais ó 2010 a léiríonn tuairimí coitianta na mac léinn thar shaolré an mhodúil go dtí seo agus cé go bhfuil sé beagán fada, is fiú é a chur anseo ina iomlán:

Nuair a d’fhiafraigh seanbhean díom cén fath a rabhamar ansin, mhínigh mé di go rabhamar ag iarraidh ár gcuid Gaeilge a fheabhsú. Dúirt sí gurb iontach an rud é go bhfuil an ollscoil ag déanamh iarrachta an Ghaeilge a chur chun cinn i measc na mac léinn... Chonaic mé go raibh mé tar éis gliondar croí a chur uirthi. Thuig mé ansin céard a bhí i gceist ag Nelson Mandela nuair a dúirt sé ‘Má labhrann tú le fear i dteanga a thuigeann sé, téann sé chuig a chloigeann. Má labhrann tú leis ina theanga féin, téann sé chuig a chroí.’ (Mac léinn, 2010)

Tá na mic léinn seo ag iarraidh an freastal cuí a dhéanamh ar a gcuid othar ó thaobh an leighis de, agus ó thaobh na teanga de. Tá dualgas ar an lucht acadúil a bhíonn ag plé leo an tacaíocht chuí a thabhairt dóibh len é seo a bhaint amach.

## Conclúid agus Moltaí

Dar le Kropmans & Warren (2014: 30):

*Within schools of medicine, dentistry, veterinary medicine, nursing and health sciences, practical communication skills training has been shown to improve student performance in relationship building, time management and patient assessment.*

Is cinnte gur chuidigh an modúl seo le scileanna teanga na mac léinn a thug faoi, ach níos tábhachtaí fós, chuir sé go mór le feasacht teanga na mac léinn. Is fiú go mór na mic léinn a chur i suíomh réadúil ina mbíonn an Ghaeilge in úsáid go nádúrtha le cur leis an tuiscint atá acu ar an tábhacht a bhaineann le ceisteanna teanga agus iad i mbun a gcuid oibre mar dhochtúirí.

Tá Acadamh na Lianna, eagraíocht náisiúnta do chleachtóirí leighis a bhfuil Gaeilge acu, tar éis duais a chur ar fáil (ó 2011 ar aghaidh) don mhac léinn a fhaigheann an marc is airde sa mhodúl seo. Léiríonn sé seo go dtuigeann an comhphobal leighis a bhfuil Gaeilge acu an tábhacht a bhaineann leis an modúl do na mic léinn leighis agus do na hothair a roghnódh an Ghaeilge agus iad ag plé leis an gcóras sláinte dá dtabharfaí an rogha sin dóibh. Deir Beacco (2011):

*Pluriculturality is the desire and ability to identify with several cultures, and participate in them. Interculturality is the ability to experience another culture and analyse that experience. The intercultural competence acquired from doing this helps individuals to understand cultural difference better, establish cognitive and affective links between past and future experiences of that difference, mediate between members of two (or more) social groups and their cultures, and question the assumptions of their own cultural group and milieu.*

D'fhéadfaí a mhaíomh, ar ndóig, nach cultúr eile ar fad a chleachtann lucht labhartha na Gaeilge thar lucht labhartha an Bhéarla in Éirinn, agus seans maith go mbeadh deacrachtaí sa bhreis le sárú ag cleachtóirí óga leighis agus iad i mbun oibre i dtír eile. Is cinnte freisin, áfach, go gcaithfidh an dochtúir a bheith eolach agus feasach ar theanga an othair le bheith éifeachtach agus é/i i mbun oibre. Is cinnte, chomh maith, go bhfuil feasacht ar an ilchultúrachas agus ar an idirchultúrachas luachmhar do dhaoine atá ag obair i réimse an leighis agus na sláinte trí chéile. Is iarracht atá sa mhodúl 'Teanga an Leighis' tacú leis na mic léinn leighis na cuspóirí seo a bhaint amach agus cur lena gcumas déileáil le héagsúlachtaí cultúir agus teanga ina saol gairmiúil.

## Leabharliosta

### Leabhair

- Cantor, J.A., (1997) *Experiential Learning in Higher Education: Linking Classroom and Community*. Washington DC: ERIC Clearinghouse on Higher Education.
- Chickering, A.W., (1977) *Experience and Learning: An Introduction to Experiential Learning*. Nua-Eabhrach: Change Magazine Press.
- de Faoite, N., (2006) *Leaganacha Leighis: An English-Irish Phrasebook for Medical Personnel*. Gaillimh: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.
- Little, D., & Perclová, R., (2001) *The European Language Portfolio: a guide for teachers & teacher trainers*. [http://www.coe.int/t/dg4/education/elp/elpreg/Source/Publications/ELPguide\\_teacherstrainers\\_EN.pdf](http://www.coe.int/t/dg4/education/elp/elpreg/Source/Publications/ELPguide_teacherstrainers_EN.pdf)
- Tryphon, A., & Voneche, J., (1996) *Piaget-Vygotsky: The Social Genesis of Thought*. Hove: Psychology Press.

### Ailt

- Carver, R., (2008) 'Theory for Practice: A Framework for Thinking about Experiential Education'. *Philosophical Foundations*, 3, 149.
- Gott, S., (1995) 'Rediscovering Learning; acquiring expertise in real-world problem solving tasks'. *Australian and New Zealand Journal of Vocational Education Research* 3(1), 30.
- Healy, A., (2014) 'Review calls for greater focus on doctors' skills rather than on exam performance'. Baile Átha Cliath: *Irish Times*, 31 Iúil.
- Keeton, M.T., & Tate, P.J., (1978) 'Editors' Notes: The Boom in Experiential Learning'. Morris T., Keeton & Pamela J., Tate (eag.), *Learning by Experience: What, Why and How*. San Francisco: Jossey-Bass.
- Kropmans, T. & Warren, G., (2014) 'Research in Medical Education'. *Research Matters*, 9. Gaillimh: Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Fómhar, 30-1.
- Littlewood, W., (2000) 'Task-based learning of grammar'. *Teaching and Learning Update*, 1, 40-57.

Ní Ghallachair, A., (2008) 'Teaching & Learning Irish Today'. Nic Phaidín, C., & Ó Cearnaigh, S., (eag.) *A New View of the Irish Language*. Baile Átha Cliath: Cois Life, 191-201.

Ní Ghallachair, A., (2009) 'An Fráma Tagartha Comónta Eorpach: Fíricí & Finscéalta'. Ní Fhrighil, R., & Nic Eoin, M., (eag.) *Ó Theagasc Teanga go Sealbhú Teanga: Múineadh & Foghlaim na Gaeilge ag an Tríú Leibhéal*. Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta, 59-72.

### Ailt ar-líne

Beacco, J., (2011) 'The cultural and intercultural dimensions of language teaching: current practice and prospects' curtha i láthair ag 'Curriculum convergences for plurilingual and intercultural education'. Strasbourg: 29-30 Samhain, [www.coe.int/lang](http://www.coe.int/lang) (Léite: 30 Eanáir 2015).

Lyster, R., & Ballinger, S., (2011) 'Content-based language teaching: Convergent concerns across divergent contexts'. *Language Teaching Research* 15:279. Le fáil ag <http://ltr.sagepub.com/content/15/3/279> (Léite: 30 Eanáir 2015).

Shemshadsara, Z., (2012) 'Developing Cultural Awareness in Foreign Language Teaching'. *English Language Teaching*, Vol. 5, No. 3; Márta, *Canadian Center of Science and Education* <http://www.ccsenet.org/journal/index.php/elt/article/view/15270/10334> (Léite: 29 Eanáir 2015).

### Cáipéisí Chomhairle na hEorpa

'FREPA: A Framework of Reference for Pluralistic Approaches' le fáil ag <http://carap.ecml.at/CARAP/tabid/2332/language/en-GB/Default.aspx> (Léite: 29 Eanáir 2015).

Council of Europe 'Relating Language Examinations to the Common European Framework of Reference for languages: Learning, Teaching, Assessment (CEF), Samhain 2003, le fáil ag <http://carap.ecml.at/CARAP/tabid/2332/language/en-GB/Default.aspx> (Léite: 29 Eanáir 2015).

Council of Europe 'The Common European Framework in its political & educational context', le fáil ag <http://carap.ecml.at/CARAP/tabid/2332/language/en-GB/Default.aspx> (Léite: 29 Eanáir 2015).



## **Léirmheas ar *Ár dtéarmaí féin* le Fidelma Ní Ghallchobhair**

Cois Life, Baile Átha Cliath, 2014. 290 lch, €16

*Léirmheas le Siobhán Fay, Clodagh Ní  
Cheallaigh & Majella Ní Mheádhra*

<https://doi.org/10.13025/64qn-2s60>

Is ó pheann an údair Fidelma Ní Ghallchobhair an leabhar *Ár dtéarmaí féin*. Tá Ní Ghallchobhair ar dhuine de na saineolaithe is tábhachtaí maidir le téarmaíocht na Gaeilge de agus is léir sin ó na blianta taithí a fuair sí agus í ag obair leis an nGúm agus leis an gCoiste Téarmaíochta. Bhí sé i gceist ag Ní Ghallchobhair go mbeidh an leabhar seo ina chuidiú do mhic léinn atá i mbun staidéir ar an nGaeilge. Ní dhíríonn an t-údar go grinn ar aon téama amháin ach tugann blaiseadh de go leor tréithe a bhaineann leis an nGaeilge. Tá deich gcaibidil sa leabhar seo. Cuireann an t-údar ceisteanna machnamhacha ar na léitheoirí ag deireadh gach caibidle chun iarracht a dhéanamh aird a dhíriú ar an méid atá pléite aici sa chaibidil. Cuireann Ní Ghallchobhair leabharliosta ag deireadh gach caibidle freisin ionas go mbeidh sé éasca ar léitheoirí níos mó eolais a fháil faoina bhfuil pléite. Tá leagan amach deas soiléir ar an leabhar. Is teanga sholáite, shoiléir atá in úsáid agus dá bharr sin, tá an leabhar oiriúnach do mhic léinn fochéime nach bhfuil mórán cur amach acu ar ghnéithe éagsúla a bhaineann leis an nGaeilge.

Cíortar na réimeanna agus na leibhéil éagsúla teanga agus tugtar le fios go mbaineann réimeanna teanga leis an gcomhthéacs sóisialta, le haoisghrúpa nó le cumas teanga an lucht éisteachta. Cuireann an t-údar go mór le heolas an léitheora faoi fhocail, théarmaí, choincheapa, agus faoin gcomhlogaíocht.

I gcaibidil 2 déantar scagadh ar na teangacha a raibh tionchar acu ar stór focal na Gaeilge: an Laidin, an tSean-Lochlainnis, an Fhraincis agus an Béarla. Cuirtear in iúl gur tháinig iasachtaí isteach i réimsí éagsúla ó theangacha difriúla. Baineann na téarmaí iasachta ón Laidin le cúrsaí reiligiúin agus le cúrsaí léinn, mar shampla, agus baineann iasachtaí ón tSean-Lochlainnis le trádáil, iascaireacht agus seoltóireacht. Léiríonn Ní Ghallchobhair an tslí ar tháinig forbairt ar na focail iasachta sa Ghaeilge agus tá an t-eolas sin cabhrach, tairbheach agus suimiúil. Deir Ní Ghallchobhair sa réamhrá go raibh sí ag féachaint le léargas a thabhairt don léitheoir ar fhocalstór na Gaeilge go stairiúil sa leabhar seo agus is cinnte gur éirigh léi an saineolas seo a chur ar fáil go héasca dá cuid léitheoirí.

Tá caibidil 3 dírithe ar oidhreacht litríochta na Gaeilge. Mínítear gur tháinig ceird na scríbhneoireachta go hÉirinn mar gheall ar an gCríostaíocht. Cuirtear eolas ar an scríbhneoireacht i dtréimhse na Meán-Ghaeilge agus na Nua-Ghaeilge Clasaicí faoi bhráid an léitheora. Faigheann léitheoirí léargas ar fhorbairt litríocht na Gaeilge agus ar na hiarrachtaí a rinneadh scríbhneoirí Gaeilge a spreagadh le dul i mbun pinn. Is áis mhaith í an léaráid ag tús na caibidle: tugann sí eolas gonta tábhachtach do mhic léinn faoi phríomhthréimhsí ama litríocht na Gaeilge.

Léiríonn Ní Ghallchobhair na láidreachtaí agus na laigí a bhain le rialtas na hÉireann i dtaca leis an nGaeilge de ó bunaíodh an Saorstáit i gcaibidil 4. Is léir go ndearna rialtas an tSaorstáit a lán dul chun cinn i gcás stádas na Gaeilge. Is díol spéise an méid a luann Ní Ghallchobhair maidir le teagasc na Gaeilge ó 1922 ar aghaidh. Áitítear go raibh easpa cailíochtaí sa Ghaeilge ag formhór na múinteoirí bunscoile ag an am ach rinne an rialtas iarracht an fhadhb seo a réiteach trí chúrsaí a chur ar fáil dóibh chun a gcuid Gaeilge a fheabhsú. Anuas air sin, cuirtear in iúl don léitheoir gur chuir an Gúm agus an Coiste Téarmaíochta go leor foclóirí téarmaíochta don chóras oideachais ar fáil. Maítear gur thug rialtas an tSaorstáit tacaíocht shuntasach don Ghaeilge trí eagraíochtaí éagsúla a raibh dul chun cinn na Gaeilge mar chuspóir acu a bhunú. Déantar tagairt do na forbairtí a tháinig ar pholasaí an rialtais i leith na Gaeltachta. Tugtar neart eolais mar gheall ar stair an tSaorstáit agus gach a ndearna an rialtas ar son na teanga.

Feictear an tionchar a bhí ag téarmaí ó theangacha iasachta ar an nGaeilge arís i gcaibidil 5. Léirítear gur imir an Angla-Normainnis tionchar suntasach ar an nGaeilge ó thaobh focal iasachta de. Sonraítear freisin go raibh tionchar ar leith ag an bhFraincis ar fhuaimniú na Sean-Gaeilge agus gur athraíodh an bhéim ón gcéad siolla go dtí an siolla deiridh nó leathdheiridh sa tSean-Ghaeilge dá bharr. Áitítear go bhfuil sé seo fós le cloisteáil i gCúige Mumhan go háirithe. Ina theannta sin, feictear go bhfuil tionchar an Bhéarla le sonrú ar chomhréir na

Gaeilge freisin. Tá an anailís a dhéantar sa chaibidil seo an-suimiúil ach bheadh sé tairbheach dá gcuirfí an chaibidil seo i ndiaidh chaibidil 2 ó thaobh leanúnachas ábhair de.

Léirítear i gcaibidil 6 forlámhas an Bhéarla sa chomhthéacs idirnáisiúnta agus déantar scagadh ar stair an Bhéarla freisin. Tugtar fíricí faoi chumhacht an Bhéarla ar fud na cruinne agus é á labhairt i réimsí éagsúla den saol. Cuimsítear cúlra stór focal an Bhéarla agus an tionchar ollmhór a bhí ag Impireacht na Breataine ar an leathnú seo. Dírítear ar an nGaeilge ansin sa chomhthéacs idirnáisiúnta i gcaibidil 7. Pléitear an t-athrú a tháinig ar stádas na Gaeilge nuair a rinneadh teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh di sa bhliain 2007. Tá an acmhainn GA IATE, an chuid de bhunachar téarmaíochta an Aontais Eorpaigh a bhaineann leis an nGaeilge ar cheann de phríomhthorthaí an tionscadail seo. Mar sin féin, máítear go mbaineann buntáistí agus míbhuntáistí leis an gcaighdeánú téarmaíochta seo. Is cinnte gur ábhar spéise é an léargas a thugtar ar na teoiricí éagsúla atá ann i dtaca leis an téarmaíocht agus na heagraíochtaí éagsúla a dhéanann mionteangacha an domhain a chur chun cinn.

Tugtar treoir phraiticiúil don léitheoir agus pléitear an cur chuige is fearr le téarmaíocht nua a chumadh i gcaibidil 8. Caibidil an-úsáideach atá sa chaibidil seo ina mínítear na céimeanna atá ann sa phróiseas ceaptha téarmaí. Is iomaí foinse atá molta le sainmhínte agus seanleaganacha téarmaíochta a aimsiú. Éiríonn le Ní Ghallchobhair aird an léitheora a tharraingt ar nithe a gcaithfear a bheith airdeallach fúthu agus duine i mbun aistriú téarmaíochta, ar nós an ailt agus leanúnachas stíle. Beidh an chaibidil seo an-suimiúil do dhaoine a bhfuil suim acu san obair a dhéanann an Coiste Téarmaíochta.

Mínítear an gá a bhaineann le téarmaíocht nua a chumadh i dteanga ar bith ag tús chaibidil 9. Beidh an chuid seo den chaibidil an-chabhrach do dhuine atá ag tosú ar cheird an aistriúcháin. Dírítear ansin ar na deacrachtaí a bhíonn ag an gCoiste Téarmaíochta i gcás teibiú bríonna (brí nach bhfuil soiléir) agus sheachaint an Bhéarlachais. Mínítear an fáth a dtagann Béarlachas i gceist in obair an aistritheora atá ag aistriú ó Bhéarla go Gaeilge. Soiléirítear nach mbaineann Béarlachas le téarmaíocht, ach le comhréir na teanga. Cuirtear béim ar an obair a dhéanann foireann Fiontar in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus iad i mbun oibre leis an gCoiste Téarmaíochta le bunachar cuimsitheach de théarmaíocht na Gaeilge a chur ar fáil ar líne ar [www.tearma.ie](http://www.tearma.ie). Tugtar le fios, áfach, gur minic nach nglacann muintir na Gaeltachta go hiomlán leis an téarmaíocht nua seo sa chaint mar gheall ar an mínádhúthacht a bhaineann léi. Moltar sainmhíniú údaráisach a fháil ar an téarma agus b'fhéidir go mbeadh ar an aistritheoir cúpla

foinse a fháil le bheith cinnte go mbeadh an bhrí cheart aige nó aici. Cé go gcuireann na samplaí le tuiscint an léitheora faoin ábhar anseo, is minic a bhíonn siad iomarcach agus rófhada; tá dhá leathanach ann atá bunaithe ar téarmaíocht na fichille amháin, mar shampla.

Is ar cheartúsáid na téarmaíochta a dhírítear i gcaibidil 10. Maítear i dtosach go dtagann roinnt téarmaí isteach i dteanga trí thimpiste. Tá treoir chuimsitheach le fáil i dtaca le réim téarmaíochta agus cathain a bhíonn gá le téarmaíocht ar leith a úsáid i gcásanna éagsúla cosúil leis an gcumarsáid shóisialta agus an chumarsáid ghairmiúil, mar shampla. Tugtar le fios go dtagann fadhbanna cosúil le frásaí péireacha aníos agus téarmaíocht nua á cruthú. Tá ceachtanna ar fáil don léitheoir díograiseach agus míniú ina ndiaidh ar an téarmaíocht éagsúil a thagann chun cinn iontu. Is cinnte go mbeidh an chaibidil seo an-úsáideach do mhic léinn nó do dhaoine ar spéis leo an Ghaeilge agus iad ag iarraidh ceird an aistriúcháin a chleachtadh.

Cuimsítear idir stair na Gaeilge agus stair na téarmaíochta sa leabhar seo. Tá an-chabhair le fáil don léitheoir sna pointí plé agus sa leabharliosta a thugtar ag deireadh na gcaibidlí. Ní mór a rá gur acmhainn den chéad scoth atá sna hagusíní ag deireadh an leabhair freisin. Chabhródh an leagan amach seo go mór le mic léinn ollscoile agus tráchtas idir lámha acu. D’fheilfeadh an leabhar seo do léitheoir a bheadh ag lorg eolas ginearálta ar aistriú téarmaíochta na Gaeilge. Ar an iomlán, is saothar maith é seo a chuimsíonn ceisteanna tábhachtacha maidir le conas a chruthaítear téarmaíocht Ghaeilge. Moltar an leabhar seo do mhic léinn aistriúcháin idir fhochéime agus iarchéime agus daoine eile a bhfuil spéis ar leith acu san aistriúchán Gaeilge nó i dtéarmaíocht na Gaeilge.



**Léirmheas ar an iris *Language Problems & Language Planning*  
Eagrán 38, Imleabhar 1 & 2, 2014**

**Eagarthóirí: Timothy Reagan *et al***

*Léirmheas le Feargal Mac Thréinfhir & Hannah Ní Dhoimhín*

<https://doi.org/10.13025/ct83-q835>

Bunaíodh an iris acadúil phiarmheasúnaithe seo, ar iris mhór le rá i réimse na pleanála teanga í, sa bhliain 1977. Eisíonn foilsitheoirí na hirise, John Benjamins, trí eagrán in aghaidh na bliana i gcomhar leis an Ionad um Thaighde agus Doiciméadacht ar Fhadhbanna Teanga Domhanda. Pléitear polasaí agus pleanáil teanga san iris, mar aon le cúrsaí teangeolaíochta, sochtheangeolaíochta agus tionchar na heacnamaíochta ar chúrsaí teanga. Is iad na hait atá sa chéad agus sa dara himleabhar d'eagrán 38 de *Language Problems & Language Planning* a bheidh faoi chaibidil sa léirmheas seo. Tá seacht léirmheas sa dá imleabhar freisin, agus alt amháin i Spáinnis, ach ní thráchtfar orthu sin anseo.

Tá coincheap na teagmhála teanga, agus lámh in uachtar na mórtheanga ar an mionteanga le sonrú go láidir i bhformhór ailt na hirise seo. Déanann Borjian cur síos san alt 'Language-education policies and international institutions: The World Bank's vs. UNESCO's global framework' (2014: 1-18) ar thionchar cúrsaí airgeadais ar pholasaithe teanga. Léirítear an chodarsnacht atá ann idir dearcadh an Bhainc Dhomhanda agus polasaí Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (*UNESCO*) i leith an ilteangachais. Is í tuairim an Bhainc Dhomhanda gur *lingua franca* é an Béarla agus dá bharr sin nach gá timpeallacht ilteangach a chothú i saol an ghnó. Ní thaobhaíonn *UNESCO* leis an dearcadh seo, áfach. Creideann siadsan gur luachmhaire i bhfad an éagsúlacht agus gur chóir an t-ilchultúrachas agus an t-ilteangachas a chothú. Tá formhór

mhionteangacha na cruinne faoi bhrú ag mórtéangacha, go háirithe ag an mBéarla, agus áitítear gurb é sin an fáth a bhfuil deacrachtaí ag UNESCO an polasaí a chur i bhfeidhm ach amháin go hinstitiúideach. Is alt suimiúil é seo a thugann léargas cuimsitheach ar thionchar na gceannasaithe airgeadais ar chúrsaí teanga agus ar an teannas a bhíonn idir eagraíochtaí cultúir agus corparáidí airgeadais maidir le haidhmeanna agus idé-eolaíochtaí.

Pléann Akzhigitova agus Zharkynbekova iarracht rialtas na Casacstáine an Chasacstáinis a fhorbairt in Astana, príomhchathair na tíre, san alt ‘Language Planning in Kazakhstan: The case of ergonyms as another scene of linguistic landscape of Astana’ (2014: 42-57). Déanann stádas na Casacstáinise scáthánú ar stádas na mionteangacha mar a léiríodh in alt Borjian é. Cathair í Astana ina labhraí an Rúisis ach d’fhás sochaí ilchultúrtha ann i ndiaidh don tír neamhspleáchas a bhaint amach. Tuigeadh, mar sin, go raibh gá le teanga choitianta a chur chun cinn chun féiniúlacht na tíre nua a chothú. Déantar cur síos ar na deacrachtaí a bhaineann le forbairt na Casacstáinise agus í i síor-iomaíocht leis an Rúisis, *lingua franca* na cathrach. Tagraítear freisin don tuairim choitianta i measc na gCasacstánach gur teanga léannta í an Rúisis i gcomparáid leis an gCasacstáinis. Moltar rialtas na Casacstáine as na hiarrachtaí atá ar bun acu stádas na teanga a ardú, agus léirítear gur aidhm dhúshlánach í seo. Is alt dea-scríofa soiléir é seo ina n-éiríonn leis na húdair stair agus stádas na teanga a chur i láthair go cuimsitheach. Baintear úsáid as samplaí éagsúla chun an comhthéacs a shoiléiriú agus tuiscint an léitheora a fhorbairt, agus cuireann sé seo go mór le sothuigtheacht an phársa.

Is ar an gcóras oideachais poiblí agus príobháideach a dhíríonn Hamid agus Baldauf ina n-alt ‘Public-private domain distinction as an aspect of LPP frameworks: A case study of Bangladesh’ (2014: 192-210). Feictear go soiléir an teannas idir idé-eolaíocht an ilteangachais agus cumhacht an Bhéarla san alt, agus is téama láidir é tionchar an neamhspleáchais ar pholasaithe teanga freisin. Is sampla maith í an Bhanglaidéis de thír ina bhfuil an dátheangachas in uachtar i measc an phobail. Bhíodh an Urdúis á cur chun cinn ag na húdaráis, ach le teacht an neamhspleáchais, shocraigh muintir na Bhanglaidéise go mbeadh a dteanga féin, *Bangali*, in uachtar – ‘*language-based nationalism*’ (2014: 196) mar a thugann na húdair air. Laghdaíodh stádas an Bhéarla san earnáil phoiblí agus sa chóras oideachais chun cur le stádas *Bangali*. Tugadh faoi deara, áfach, go raibh cumas Béarla na ndaoine ag laghdú de bharr an pholasaí seo agus mar gheall ar thábhacht an Bhéarla sa mhargadh idirnáisiúnta, tugadh ar ais isteach sa chóras oideachais é. Coinnítear *Bangali* agus Béarla ar chomhchéim lena chéile anois sa

chóras oideachais poiblí, ach mar sin féin, tá an-tóir i measc uasaicme na tíre ar theagasc an Bhéarla agus ar na scoileanna príobháideacha ina múintear na hábhair uile trí Bhéarla. Déanann na húdair iarracht an scéal a leathnú de bheagán le tagairtí don tSeapáin agus don Mhalaeisia chun tabhairt le fios nach cás aonarach é an Bhanglaidéis, ach go bhfuil a leithéid d'fheiniméan ag tarlú in áiteanna eile.

San alt 'Language policies in the Kingdom of Hawai'i: Reassessing linguicism' (2014: 128-48) le Asensio, tugtar sainmhíniú ar an gcoincheap 'teangadhealú' (*linguicism*<sup>1</sup>) agus cuirtear an coincheap i bhfeidhm i gcás Havái. Pléitear stair na teagmhála idir an Haváis agus an Béarla go háirithe i dtaca le cúrsaí reachtaíochta, agus luaitear na fadhbanna a bhaineann le hidé-eolaíocht an ilteangachais freisin. Rinneadh iarracht i Havái reachtaíocht a chur ar fáil go dátheangach ar dtús, ach cruthaíodh neart fadhbanna sa phróiseas aistriúcháin mar gheall ar dhifriochtaí beaga a bheith idir an leagan Béarla agus an leagan Haváise. Mar sin, socraíodh go mbeadh an t-údarás ag an leagan Haváise ach de réir a chéile, tugadh faoi deara go raibh tionchar an iartharaithe agus shoचाí aonteangach Stáit Aontaithe Mheiriceá róláidir, agus beartaíodh dul i muinín an Bhéarla. Míníonn Asensio coincheap acadúil an teangadhealaithe agus é ag tarraingt ar shampla Havái agus cé nach ndéantar tagairt d'aon chás ná d'aon tír eile, éiríonn le Asensio an coincheap agus a shainmhíniú leasaithe a chur i láthair go soiléir.

Déantar tagairt do pholasaithe oideachais, do thionchar an neamhspleáchais ar dhearcadh an Stáit, agus do phleanáil chorpais mar théamaí sna himleabhair seo chomh maith. Pléitear polasaí teanga i gcóras oideachais na hAlban in 'Language education policy in multilingual Scotland: Opportunities, imbalances and debates' (2014: 167-91) le Hancock. Is alt suimiúil é seo ina dtagraítear, ní hamháin do theangacha dúchais na hAlban, ach do nuatheangacha iasachta agus do theangacha oidhreachta na bpobal inimirceach sa tír freisin. Áitíonn Hancock go bhfuil an córas oideachais in Albain agus sa Ríocht Aontaithe easnamhach i gcomparáid leis an gcuid eile den Eoraip i dtaca le teagasc agus sealbhú teangacha. Is dóigh leis go gcreideann formhór mhuintir na Ríochta Aontaithe nach bhfuil aon ghá le teangacha iasachta a fhoghlaim de bhrí go bhfuil Béarla acu. Éiríonn le Hancock cás na hAlban a lonnú i gcomhthéacs na Ríochta Aontaithe agus an Aontais Eorpaigh. Cuireann na comparáidí seo go mór leis an alt mar go bhfeictear don léitheoir nach féidir breathnú ar pholasaí teanga aon tíre mar a bheadh folús ann, agus go mbíonn tionchar láidir ag an bpolaíocht ar chúrsaí teanga. D'fhéadfaí a rá, áfach, nach gcloíonn Hancock go dlúth le haidhmeanna

1 De cheal leagan Gaeilge den téarma seo a bheith ar fáil cheana, mhol an t-aistriitheoir gairmiúil Séamus Ó Coileáin 'teangadhealú' mar aistriúchán air.

an ailt mar a chuirtear in iúl sa teideal iad. Téann sé níos doimhne sa scéal in amanna, agus é ag plé cúrsaí reachtaíochta a bhaineann leis na teangacha iad féin seachas le polasaithe oideachais. Tá roinnt botúin chló san alt freisin, rud a chuireann isteach ar rithim na n-abairtí uaireanta agus a chruthaíonn beagán doiléireachta.

Míníonn Ó Giollagáin an tionchar a bhí ag cúinsí airgeadais ar pholasáí teanga na hÉireann ina alt ‘Unfirm ground: A re-assessment of language policy in Ireland since Independence’ (2014: 19-41). Breathnaíonn sé siar ar stair an pholasáí teanga in Éirinn ó bhunú Shaorstát Éireann i 1922 i leith. Tugtar léargas ar na deacrachtaí a bhí ag bunaitheoirí an tSaorstáit: cé go raibh srianta airgeadais orthu, bhí de sprioc acu an Ghaeilge a úsáid chun féiniúlacht neamhspleách an Stáit nua a neartú. Pléitear an chaoi ar forbraíodh polasáí teanga an Stáit nua agus maítear gurb é toradh na bpolasaithe a cuireadh i bhfeidhm go stairiúil nach bhfuil sa Ghaeilge a thuilleadh ach teanga institiúideach. Áitítear go bhfuil deis ag an bpobal idirnáisiúnta tarraingt ar chás na hÉireann, agus gur fearr agus gur ciallmhaire díriú ar phobal urlabhra T1 na teanga nuair atáthar ag cumadh polasaithe teanga.

Tá alt eile ag Ó Giollagáin san eagrán seo – ‘From revivalist to undertaker: New developments in official policies and attitudes to Ireland’s ‘First Language’ (2014: 101-27) – atá i bhfad níos déine agus níos criticiúla ná an chéad cheann. Cáineann sé rialtas na hÉireann de bharr nár cuireadh moltaí uile an *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* san áireamh in *Acht na Gaeltachta, 2012*. Tá soiniciúlacht le blaiseadh sa teideal nuair a chuirtear ‘*First Language*’ idir uaschamóga, agus feictear an tsoiniciúlacht chéanna i gcorp an ailt trí chéile. Tá tuairimí an-láidir ag an údar maidir le seasamh an rialtais i leith chás na Gaeilge, rud a nochtar san fhoclaíocht a úsáidtear in amanna: ‘*the Gaeltacht Act exudes the half-hearted conviction of a reluctant duty rather than a well-grounded and informed social and educational policy*’, agus ‘*the amended 2012 Act compares unfavorably to the original 1956 legislation; as language policy it appears weaker than the status quo ante*’ (2014: 111), mar shampla. Chomh maith leis sin, is trua nár cuireadh an dá alt le chéile, nó ar a laghad san imleabhar céanna – leagan amach i bhfad ní ba chiallmhaire a bheadh ann de bharr go dtagraíonn an dá alt dá chéile.

Déantar tagairt do chumhacht an Bhéarla mar *lingua franca* san iniúchadh a dhéanann Krägeloh agus Neha ar phleanáil chorpais Esperanto agus *Te Reo Māori* san alt ‘Lexical expansion and terminological planning in indigenous and planned languages: Comparisons between *Te Reo Māori* and Esperanto’ (2014:

59-86). Samhlaítear an-tábhacht le glaineacht *Te Reo Māori*, agus cruthaíonn sé seo an iliomad deacrachtaí nuair atáthar ag plé leis an bpleanáil chorpais i réimsí eolaíochta agus matamaitice ach go háirithe. Ní dhearnadh mórán leasuithe ar Esperanto ó leagadh amach rialacha na teanga agus mar gheall air sin, tagann na deacrachtaí céanna chun cinn nuair atáthar ag iarraidh focail nua a chumadh. Áitíonn na húdair gur chóir go mbeadh pobal urlabhra na teanga rannpháirteach sa phróiseas pleanála ionas go roghnófaí na focail ba chuí. Déanann na húdair tagairt do chásanna agus do theangacha eile freisin, rud a thugann comhthéacs níos leithne don léitheoir agus a chuireann go mór le gné uilíoch na hargóinte. Cé gur ábhar spéisiúil é, b'fhiú díriú ar *Te Reo Māori* nó ar Esperanto as féin, seachas a bheith ag iarraidh comparáid a dhéanamh idir dhá theanga nach bhfuil chomh cosúil sin lena chéile.

San eagrán seo de *Language Problems & Language Planning*, tugtar léargas ar chúrsaí teanga – idir mhionteangacha agus mhórtheangacha – i réimse leathan pobal agus tíortha. Is féidir roinnt téamaí a aithint a bhaineann le dioscúrsa na sochtheangeolaíochta, ar a n-áirítear cumhacht an Bhéarla mar theanga dhomhanda, polasaithe oideachais, tionchar an neamhspleáchais ar pholasaithe teanga, agus pleanáil chorpais ach go háirithe. Cé go bpléitear ábhar casta san iris seo, is foilseachán fiúntach é don té atá ag saothrú go hacadúil nó go praiticiúil i réimse na pleanála teanga.



## Nótaí beathaisnéise

### Nótaí Beathaisnéise na nÚdar

#### **Máirtín Coilféir**

Is as an Uaimh, Co. na Mí do Mháirtín Coilféir. Tá sé ina léachtóir le Gaeilge i Lárionad de Bhaldrathie, UCD, agus is é eagarthóir liteartha na hirise *Comhar* é.

#### **Nollaig Mac Congáil**

Rugadh an tOllamh Nollaig Mac Congáil i gcathair Dhoire. D'fhreastail sé ar Choláiste Cholm Cille agus ar Ollscoil na Ríona áit ar bhain sé Ph.D. Fuair sé post i Roinn na Gaeilge sa bhliain 1974 in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Bhí sé ar fhoireann na Roinne sin as sin amach ach amháin sna blianta 1994-2000 nuair a bhí sé ina Dhéan ar Dhámh na nDán agus sa tréimhse 2011-2014 nuair a bhí sé ina Mheabhránaí agus Uachtarán Ionaid.

Tá réimsí éagsúla na Gaeilge saothraithe aige i rith a shaoil: canúineolaíocht, gramadach, litríocht réigiúnach, scríbhneoireacht Dhún na nGall, stair irisí agus nuachtán, drámaíocht agus stair na gcoláistí Gaeilge, agus tá cuid mhór foilsithe aige sna réimsí céanna.

#### **Uinsíonn Mac Dubhghaill**

Riarthóir Léann na Cumarsáide in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge is ea Uinsíonn Mac Dubhghaill. Bhí sé ina Eagarthóir Gaeilge leis an *Irish Times* sna 1990í, agus mar Chomhfhreagraí an Iarthair leis an nuachtán céanna. Chaith sé sealanna ina thuaisceoir teilifíse le Nuacht TG4; ina shaoririseoir leis na hirísí *Comhar*, *Beo*, *Foinse* agus foilseacháin eile; agus ina iriseoir sinsearach leis

an nuachtáisiúneacht dhomhanda *IntraFish*. Bhí sé ina eagarthóir bunaidh ar an iris Ghaeilge *Cuisle*. Bhain sé céim BA sa Ghaeilge agus san Iodáilis amach in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh; agus MA i Staidéar an Chultúir agus na Meán san Open University sa Bhreatain. Tá taighde dochtúireachta praiticbhunaithe ar bun aige i láthair na huair le Scoil Scannánaíochta agus Meán Digiteach Huston in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

### **Niall Mac Uidhílin**

Is feidhmeannach ríomhaireachta le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge é Niall Mac Uidhílin. Tá suim aige in idirghabhálacha oideachasúla praiticiúla a thacaíonn le gasúir i gceantair láidre Gaeltachta forbairt teanga a dhéanamh. Tá B.Sc. agus M.Sc. aige sa Ríomhaireacht agus i gCórais Idirlín agus Dioplóma sa Ghaeilge. Tá sé ag críochnú PhD san Oideachas le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh faoi láthair.

### **Belinda McHale**

Is as Co. Mhaigh Eo ó dhúchas do Bhelinda. Tá céim BA aici sa Ghaeilge agus sa Bhéarla ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh chomh maith leis an Ard-Dioplóma i gCumarsáid Fheidhmeach, MA sa Nua-Ghaeilge agus Teastas Iarchéime sa Teagasc agus san Fhoghlaim ón Ollscoil chéanna. Tá spéis faoi leith aici i dteagasc na Gaeilge, san fhoghlaim fhéinriartha agus san fhoghlaim mhachnamhach, mar aon le modhanna measúnaithe agus aiseolais

### **Lisa Ní Fhlatharta**

Is as an gCeathrú Rua, i gConamara do Lisa. Is Feidhmeannach Teanga í in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge. Bíonn sí ag plé le feidhmiú Scéimeanna Teanga na hOllscoile faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, chomh maith le cúrsaí teanga a dhearadh agus a mhúineadh. Tá Lisa mar Rúnaí ar Choiste Seasta um Cháilíocht Teanga OÉ Gaillimh. Bhain sí céim BA amach sa Ghaeilge agus sa Tíreolaíocht agus MA sa Nua-Ghaeilge in OÉ Gaillimh mar aon le Teastas i Múineadh na Gaeilge d'Aosaigh le hOllscoil Mhá Nuad.

### **Máire Rós Ní Loingsigh**

Is as Baile Mhúirne, Gaeltacht Mhúscraí ó dhúchas do Máire Rós. Bhain sí céim onóracha amach sna Teangacha Feidhmeacha (an Ghaeilge, an Ghearmáinis, an Spáinnis) in Ollscoil Luimnigh in 2013 agus MA sa Léann Teanga in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh in 2014.

### **Dorothy Ní Uigín**

Is í Riarthóir Theagasc na Gaeilge in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge í Dorothy Ní Uigín. Tá suim aici i dteagasc agus i sealbhú teangacha agus sa litearthacht acadúil. Tá suim ar leith aici i stair na hiriseoireachta agus na meán Gaeilge. Tá BA aici ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, chomh maith le MA (Gaeilge), MA (Literature & Publishing), MA (Academic Practice) agus PhD sa Ghaeilge ón ollscoil chéanna.

### **Gearóid Ó Flatharta**

Cháiligh an Dr Gearóid Ó Flatharta as Baile Átha an Rí mar dhochtúir sa bhliain 2000. Is léachtóir sinsearach sa leigheas cliniciúil agus oideachas an leighis é i Scoil an Leighis, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Bhain sé amach Diplóma sa Ghaeilge in OÉ Gaillimh sa bhliain 2009, agus chabhraigh sé leis an Dr Dorothy Ní Uigín ó Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge Modúl Staidéir Speisialta dar teideal ‘Teanga an Leighis’ a chruthú. Tá an modúl sin ar cheann de na roghanna is mó a thaithníonn leis na mic léinn leighis sa dara bliain den chúrsa. Tá suim faoi leith ag Gearóid in úsáid na Gaeilge i measc lucht an leighis agus iad ag plé le hothair, agus tá an taighde a rinne sé leis an Dr Ní Uigín agus an Dr Máirtín Ó Maoláin, nuair a bhí seisean ina mhac léinn leighis, bunaithe ar an tsuim seo.

### **Máirtín Ó Maoláin**

Cháiligh an Dr Máirtín Ó Maoláin, as Cathair na Gaillimhe dó, mar dhochtúir leighis sa bhliain 2013. Rinne sé a chuid staidéir leighis in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Bhain sé amach Diplóma sa Ghaeilge in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, OÉ Gaillimh sa bhliain 2009. Bhí an-bhaint aige leis an gcumann ollscoile ‘Sláinte Soc’, a chuireann cúrsaí sláinte chun cinn i measc mac léinn in OÉ Gaillimh agus a eagraíonn Ospidéal na mBéiríní go bliantúil le dearcadh páistí bunscoile i leith oibríthe leighis a fheabhsú. Tá sé ag traenáil le bheith ina dhochtúir teaghlaigh ar Scéim Traenála Dhochtúirí Teaghlaigh an Iarthair. Tá an-spéis ag Máirtín in úsáid na Gaeilge mar mheán cumarsáide i gcomhthéacsanna leighis. Rinne sé taighde ar úsáid na Gaeilge agus meonta ina taobh i measc oibríthe sláinte agus othar le Gaeilge i 2009, agus bhí ról aige i bhforbairt an Mhodúil Staidéir Speisialta ‘Teanga an Leighis’ in éineacht leis an Dr Ní Uigín agus an Dr Ó Flatharta.

## Nótaí Beathaisnéise na nEagarthóirí

### **Siobhán Fay**

Is as Co. Átha Cliath do Shíobhán. Bhain sí céim onóracha amach sa Nua-Ghaeilge agus sa Fhraincis i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath in 2014. Tá spéis ar leith san aistriúchán aici.

### **Feargal Mac Thréinfhir**

Is as Muineachán d’Fheargal. Bhain sé céad onóracha amach san Innealtóireacht Shibhialta in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh in 2004. Roghnaigh sé speisialtóireacht sa Phleanáil Teanga don MA tar éis dó seacht mbliana a chaitheamh ag obair le Cumann na bhFiann mar Oifigeach Iar-aire agus Oifigeach Forbartha agus mar bhainisteoir ar chúrsaí samhraidh le Coláiste na bhFiann.

### **Clodagh Ní Cheallaigh**

Is as Loch Garman do Chlodagh. Bhain sí céim onóracha amach san Oideachas le speisialtóireacht sa Ghaeilge i gColáiste Phádraig, Droim Conrach. Roghnaigh sí speisialtóireacht san aistriúchán don MA sa Léann Teanga.

### **Hannah Ní Dhoimhín**

Is as Baile Átha Cliath do Hannah. Bhain sí céim onóracha amach sa Ghaeilge agus sa Fhraincis in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh in 2014, agus tá sí anois i mbun staidéir ar an bPleanáil Teanga mar chuid den mháistreacht sa Léann Teanga.

### **Majella Ní Mheádhra**

Is as Tiobraid Árann í Majella Ní Mheádhra. Bhain sí céim onóracha amach sa Staidéar Eorpach i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, le speisialtóireacht i bPolaitíocht na hEorpa, stair, Gearmáinis agus Spáinnis. Bhí sí ag staidéar Pholaitíocht na hEorpa, stair agus Gearmáinis in Ollscoil Konstanz sa Ghearmáin. Bhain sí iarchéim onóracha amach san Oideachas i gColáiste Mhuire gan Smál, Ollscoil Luimnigh, agus tá sí cáilithe mar mhúinteoir bunscoile. Bhí sí ag obair i ngaelscoileanna, i scoil idirnáisiúnta sa Ghearmáin agus i scoil faoi mhíbhuntáiste go dtí seo.